



Tionól Réigiúnach an Deiscirt  
Southern Regional Assembly



# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais **2021**







## Ráiteas Misin

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt tiomanta do chomhoibriú agus comhordú níos fearr a éascú idir an rialtas áitiúil, réigiúnach agus láir agus gníomhaireachtaí Stáit eile. Déanfaidh an Tionól a dhícheall forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus inbhuanaithe Réigiún an Deiscirt a thiomáint.

# Clár Ábhar

|                                                                      |    |
|----------------------------------------------------------------------|----|
| Teachtaireacht an Chathaoirligh.....                                 | 4  |
| 1. Eolas faoi Thionól Réigiúnach an Deiscirt.....                    | 6  |
| 2. Ballraíocht an Tionóil 2021.....                                  | 8  |
| 3. Nuashonrú Corparáideach 2021.....                                 | 12 |
| 4. Plean Corparáideach 2020-24.....                                  | 17 |
| 5. Pleanáil Réigiúnach agus an SRSE.....                             | 18 |
| 6. Cláir Oibríochtúla Réigiúnacha CFRE.....                          | 24 |
| 7. Cláir Chomhair Chríoachaigh Eorpaigh:.....                        | 30 |
| 8. Tionscadail an AE.....                                            | 44 |
| 9. Lónra Oifigigh Thionscadal CCE.....                               | 58 |
| 10. Oifig Réigiún na hÉireann san Eoraip agus Coiste na Réigiún..... | 60 |
| 11. Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2021.....                           | 63 |
| Aguisíní.....                                                        | 65 |

## Teachtaireacht an Chathaoirligh

Is pribhléid é Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais 2021 do Thionól Réigiúnach an Deiscirt a thabhairt isteach.



Cé gur bhliain dhúshlánach eile a bhí in 2021, leanadh le hobair an Tionóil, agus baineadh go leor amach do Réigiún an Deiscirt. Tá ról na Tionóil Réigiúnach tar éis éirí níos tábhachtaí i gcónaí mar shraith réigiúnach an rialtais agus mar phríomhthacadóir na peirspictíochta réigiúnaí maidir le forbairt gheilleagrach agus spásúil.

Rinne cur i bhfeidhm na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt dul chun cinn trí thacaíocht ó phríomhpháirtithe leasmhara, go háirithe údaráis áitiúla an Réigiúin. Deartar an Straitéis mar threochlár 12 bhliain don fhorbairt réigiúnach le hathrú fadtéarmach i Réigiún an Deiscirt a threorú. Creat sárluachmhar é freisin chun tacú le tacaíocht agus forbairt réigiúnach, faoi mar a bhí sé nuair a d'fháiltigh mé roimh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD agus an tAire Stáit Sláinte, Mary Butler, TD, chuig Teach an Tionóil in Iúil chun casadh le Comhalta faoin tábhacht a bhaineann leis an ngeilleagar muirí do Réigiún an Deiscirt.

Gabhaim buíochas le mo Chomhchomhaltaí den Tionól as a rannchuidiú sárluachmhar i rith na bliana ag ár gcruinnithe míosúla agus i dtaobh ionadaíocht a dhéanamh don Tionól ag cruinnithe agus imeachtaí eile. Is mian liom buíochas a chur in iúl freisin don Leas-Cathaoirleach, an Comh. Gerard Murphy as a thacaíocht.

Cuirim mo bhuíochas ó chroí in iúl do David Kelly agus a fhoireann as a n-obair leanúnach i measc fheidhmeanna uile Thionóil Réigiúnach an Deiscirt.

**An Comh. Pip Breen,**  
*Cathaoirleach*

## Ráiteas an Stiúrthóra



Ba ghnóthach an bhliain í in ainneoin na ndúshlán a chruthaigh COVID-19 agus rinne obair dul chun cinn i measc fheidhmeanna uile an Tionóil, idir Pleanáil Réigiúnach agus Clár agus Tionscadail AE araon.

Rinne Comhaltaí an Tionóil comhaontú in Eanáir leis an treochlár um chur i bhfeidhm don Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt - creat straitéiseach 12 bhliain chun tacú le Tionscadal Éireann 2040 agus a chinntíonn go bhfuil naisc láidre agus chomhordaithe idir beartas náisiúnta agus áitiúil agus a neartaíonn sraith réigiúnach an rialtais. Forbraíodh seo lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, údaráis áitiúla agus ranna rialtais ina measc.

Mar Údarás Bainistíochta chlár réigiúnacha Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt obair ar Chlár Réigiúnach 2021-27 nua Theas, Thoir agus Láir Tíre CFRE a thabhairt chun cinn. Tacóidh an clár nua le forbairt réigiúnach chothrom trí phacáiste ar fiú thart ar €660 milliún é de chistiú CFRE agus náisiúnta do na réigiúin Éireannacha siúd. I gcomhthráth leis sin, lean an Tionól Réigiúnach le cur i bhfeidhm Chlár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir CFRE 2014-20 a bhainistiú.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dár gCathaoirleach, an Comh. Pip Breen, as a chuid ama agus saineolais i rith na bliana. Gabhaim buíochas le foireann an Tionóil as a dtiomantas leanúnach do spriocanna phlean oibre bliantúil 2021 a bhaint amach. Cuirim fáilte roimh an bhfoireann nua a thosaigh ag oibriú leis an Tionól agus gabhaim buíochas leo siúd a d'fhág an Tionól.

Ar deireadh, táim ag tnúth leis na deiseanna a chruthaíonn na ról fairsingithe do Thionól Réigiúnacha i dtaobh an tsraith réigiúnach den rialtas a neartú.

**David Kelly,**  
*Stiúrthóir*



# The Southern Region

The Southern Region is facing many challenges and opportunities as it changes in the coming decades, such as population growth and how people live and work. We need to plan for each change, particularly within a wider background of international events, such as climate crisis, Covid-19 and Brexit.

The SRA supports the Region through its regional governance remit in the area of economic and spatial planning and EU funds for regional development.

## 1 REGION



## 3 STRATEGIC PLANNING AREAS

- Mid-West
- South-East
- South-West

## 9 COUNTIES

Clare, Limerick, Tipperary, Waterford, Carlow, Kilkenny, Wexford, Cork, Kerry

## 3 CITIES

Limerick  
Cork  
Waterford

## 10 LOCAL AUTHORITIES

Clare County Council, Limerick City & County Council, Tipperary County Council, Waterford City & County Council, Carlow County Council, Kilkenny County Council, Wexford County Council, Cork City Council, Cork County Council, Kerry County Council

Approx.  
**40%**  
of the  
national  
landmass



**33%**  
of the  
population

Largely rural  
region supported  
by a strong  
urban structure



Almost  
**1/3**  
of the  
national  
labour force

Over  
**84,000**  
active enterprises and  
a strong multinational  
presence

Almost  
**40%**  
Ireland's  
active  
farms



Internationally-  
renowned  
third level  
institutes and  
research centres



international and  
regional airports



all tier one/ two  
ports outside of  
Dublin

Wild Atlantic Way,  
Ireland's Ancient  
East and Ireland's  
Hidden Heartlands  
tourism areas active  
in the Region



Wealth of  
environmental,  
natural, cultural  
and heritage  
assets

# 1. EOLAS FAOI THIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT

Bunaíodh Tionól Réigiúnach an Deiscirt in 2015 agus tá an Tionól mar chuid de shraith réigiúnach an rialtais in Éirinn.

Tá sainchúram ag an Tionól do 10 n-údarás áitiúla Réigiún an Deiscirt, lena n-áirítear Ceatharlach, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, an Clár, Luimneach, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Loch Garman.

Cuid den earnáil Rialtas Áitiúil é agus déanann ár 33 Comhalta den Tionól ionadaíocht do na 10 n-údarás áitiúla ar leibhéal réigiúnach; ceapann a n-údarás áitiúil toghcheantair 27 díobh, agus tá seisear eile ainmnithe mar ionadaithe Choiste na Réigiún.

Cothaíonn an Tionól naisc idir na leibhéil AE, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla trí phleanáil spásúil agus gheilleagrach réigiúnach agus trí chistiú AE (go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) ar mhaithe le Réigiún an Deiscirt. Táimid freagrach as pleanáil straitéiseach réigiúnach agus gheilleagrach agus as tacú le forbairt réigiúnach chothrom inbhuanaithe.

- Sraith Réigiúnach an rialtais, arna hionadú ag ionadaithe tofa arna n-ainmniú ag ár n-údarás áitiúla agus ag Coiste na Réigiún,
- Ceannaireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta,



- Forbairt réigiúnach chothrom a chur chun cinn trí bhainistíocht a dhéanamh ar, tacaíocht a thabhairt do, páirt a ghlacadh i gclár agus tionscadail Chistithe Forbartha Réigiúnaí,
- Spriocanna beartais áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus AE a cheangal trí phleanáil réigiúnach agus forbairt réigiúnach AE.

Idirghníomhaíonn an Tionól leis an rialtas, gníomhaireachtaí stáit, údarás áitiúla agus le páirtithe leasmhara ó na hearnálacha príobháideacha agus na tríú hearnálacha ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus AE maidir lena fheidhmeanna reachtúla.

## Fís

Réigiún atá láidir go heacnamaíoch, cuimsitheach, nasctha, atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe.

## Misean

Bheith ar an gceannaire ar fhorbairt réigiúnach trí phleanáil spásúil éifeachtach, inbhuanaithe agus cláir an AE a sholáthar, le tacaíocht ónár bpáirtithe leasmhara.

## Luachanna

Ceannaireacht  
Idirchaidreamh  
Nuálaíocht  
Comhionannas  
Inbhuanaitheacht  
Trédhearcacht

# Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2021



**David Kelly**  
Stiúrthóir



**Kevin Lynch**  
Stiúrthóir Cúnta/Pleanálaí Sinsearach



**Dave Hennessy**  
Stiúrthóir Cúnta  
(thosaigh sé i Meán Fómhair)



**Derville Brennan**  
Stiúrthóir Cúnta  
(ar scor i Meán Fómhair)



**Dominic Walsh**  
Oifigeach Pleanála  
Réigiúnach



**Robert Fennelly**  
Oifigeach Pleanála  
Réigiúnach



**Bryan Riney**  
Oifigeach Pleanála  
Réigiúnach



**Sharon Murray**  
Oifigeach Riaracháin  
Airgeadas agus Acmhainní Daonna



**Vincent Dunphy**  
Oifigeach Riaracháin Bainistíocht  
agus Rialú Airgeadais



**Enda Hogan**  
Oifigeach Riaracháin Bainistíocht  
Airgeadais Monatóireacht  
agus Meastóireacht



**Michael Buckley**  
Iniúcháir



**Siobhán Rudden**  
Oifigeach Foirne Sinsearach



**Sarah Davoren**  
Feidhmiúchán AE



**Breda Curran**  
Oifigeach Forbartha Clár na  
hÉireann-na Breataine Bige



**Samantha Richardson**  
Oifigeach Forbartha Clár na  
hÉireann-na Breataine Bige



**Rose Power**  
Oifigeach Tionscadail AE



**Karen Coughlan**  
Oifigeach Tionscadail AE



**Eve Hayden**  
Rialaitheoir Céadleibhéil  
Sinsearach



**Marie Harnett**  
Rialaitheoir Céadleibhéil  
Sinsearach



**Edel Hunt**  
Rialaitheoir Céadleibhéil  
Sinsearach



**Yvonne Cooney**  
Oifigeach Foirne Cúnta



**Róisín Kiely**  
Oifigeach Foirne Cúnta



**Colm Walsh**  
Oifigeach Cléireachais



**Anna Higgins**  
Oifigeach Cléireachais



**Elaine Gallagher**  
Oifigeach Cléireachais



**Maria Murphy**  
Oifigeach Cléireachais



**Alice Byrne Kelly**  
Oifigeach Cléireachais



**Catherine Connaughton**  
Oifigeach Cléireachais



**Teresa Burke**  
Oifigeach Cléireachais




## 2. BALLRAÍOCHT AN TIONÓIL 2021

Déanann 33 Comhairleoir Áitiúil ionadaíocht do Thionól Réigiúnach an Deiscirt a ceapadh mar Chomhaltaí Tionóil Réigiúnaigh ar feadh téarma cúig bliana tar éis thoghcháin áitiúla 2019. Ainmníonn 10 nÚdarás Áitiúil an Réigiúin 27 Comhalta agus ceapann an Rialtas seisear mar Ionadaithe Choiste na Réigiúin.

Tagann na Comhaltaí le chéile go míosúil chun saincheistanna a bhaineann le planáil réigiúnach a phlé; aighneachtaí a seoladh chuig údaráis áitiúla, an rialtas náisiúnta, agus an AE; monatóireacht clár agus tairbhí tionscadal an AE, agus feidhmeanna reachtúla eile an Tionóil. Déanann siad ionadaíocht freisin don Tionól i gCoistí a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht chlár an AE agus le planáil réigiúnach.



An Cathaoirleach, an Comh. Pip Breen, Comhaltaí an Tionóil agus an fhoireann ag an gCruinniú Bliantúil in Iúil 2021.



An Comh. John Sheahan, Cathaoirleach ag dul as oifig, an Comh. Pip Breen, Cathaoirleach ag Cruinniú Bliantúil 2021.



### Cathaoirligh

Iúil-Nollaig: An Comh. Pip Breen

Eanáir-Iúil: An Comh. John Sheahan

### Leas-Cathaoirligh

Iúil-Nollaig: An Comh. Gerard Murphy

Eanáir-Iúil: An Comh. Deirdre O'Brien

Ó chlár: An Comh. Gerard Murphy, an Comh. John Sheahan, an Comh. Deirdre O'Brien, an Comh. Pip Breen, agus David Kelly.



# Comhaltaí Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2021



**An Comh. Pip Breen**  
Cathaoirleach  
Comhairle Contae Loch Garman



**An Comh. Gerard Murphy**  
Leas-Chathaoirleach  
Comhairle Contae Chorcaí



**An Comh. Ken Murnane**  
Comhairle Contae Cheatharlach



**An Comh. Thomas Kinsella**  
Comhairle Contae Cheatharlach



**An Comh. Alan O'Callaghan**  
Comhairle Contae an Chláir



**An Comh. P.J. Kelly**  
Comhairle Contae an Chláir



**An Comh. Deirdre Forde**  
Comhairle Cathrach Chorcaí  
Comhalta Choiste Eorpach  
na Réigiún (CER)



**An Comh. Kieran McCarthy**  
Comhairle Cathrach Chorcaí  
Comhalta Choiste Eorpach  
na Réigiún (CER)



**An Comh. Dan Boyle**  
Comhairle Cathrach Chorcaí  
Comhalta Choiste Eorpach  
na Réigiún (CER) (Malartach)



**An Comh. Terry Shannon**  
Comhairle Cathrach  
Chorcaí



**An Comh. Garret Kelleher**  
Comhairle Cathrach  
Chorcaí



**An Comh. Gillian Coughlan**  
Comhairle Contae Chorcaí  
Comhalta Choiste Eorpach  
na Réigiún (CER) (Malartach)



**An Comh. Sheila O'Callaghan**  
Comhairle Contae  
Chorcaí



**An Comh. Deirdre O'Brien**  
Comhairle Contae  
Chorcaí



**An Comh. Joe Carroll**  
Comhairle Contae  
Chorcaí



**An Comh. Seán O'Connor**  
Comhairle Contae Chorcaí



**An Comh. Séamus Cosá Fitzgerald**  
Comhairle Contae Chiarraí



**An Comh. Michael O'Shea**  
Comhairle Contae  
Chiarraí



**An Comh. Robert Beasley**  
Comhairle Contae  
Chiarraí



**An Comh. Frankie Daly**  
Comhairle Contae agus  
Cathrach Luimnigh



**An Comh. Michael Collins**  
Comhairle Contae  
agus Cathrach Luimnigh



**An Comh. John Sheahan**  
Comhairle Contae agus  
Cathrach Luimnigh



**An Comh. Andrew McGuinness**  
Comhairle Contae  
Chill Chainnigh



**An Comh. John Brennan**  
Comhairle Contae  
Chill Chainnigh



**An Comh. Michael Murphy**  
Comhairle Contae  
Thiobraid Árann  
Comhalta Choiste Eorpach  
na Réigiún (CER)



**An Comh. Noel Coonan**  
Comhairle Contae  
Thiobraid Árann



**An Comh. Siobhán Ambrose**  
Comhairle Contae  
Thiobraid Árann



**An Comh. Michael O'Meara**  
Comhairle Contae  
Thiobraid Árann



**An Comh. Conor D. McGuinness**  
Comhairle Contae agus Cathrach  
Phort Láirge  
Comhalta Choiste Eorpach na Réigiún (CER)  
(Malartach)



**An Comh. Thomas Phelan**  
Comhairle Contae agus  
Cathrach Phort Láirge



**An Comh. Tom Cronin**  
Comhairle Contae agus  
Cathrach Phort Láirge



**An Comh. Maura Bell**  
Comhairle Contae  
Loch Garman




**An Comh. Oliver Walsh**  
Comhairle Contae  
Loch Garman

# Gníomhaíocht Bhallraíochta 2021

## Cruinnithe 2021

An 22 Eanáir  
An 12 Feabhra  
An 12 Márta  
An 9 Aibreán  
An 14 Bealtaine  
An 11 Meitheamh  
An 9 Iúil (i bpearsan)  
An 10 Meán Fómhair  
An 8 Deireadh Fómhair  
An 12 Samhain  
An 10 Nollaig



**MEÁNRRÁTA  
FREASTAIL AR  
CHRUINNITHE**



## Cainteoirí Seachtracha ag Cruinnithe an Tionóil in 2021

| Mí               | Cainteoir/ Ábhar                                                                                                                                                                                                                                                                 |
|------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Aibreán          | Teresa Lennon, Oifig Réigiún na hÉireann san Eoraip - Nuashonrú ar Choiste na Réigiún<br>Ray O'Leary, Claire Finn agus Tomás Campbell, an Roinn Iompair - an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn (an NIFTI)                                                       |
| Deireadh Fómhair | Russell Vickers, Campas Soghluaisteachta Amach Anseo na hÉireann (Future Mobility Campus Ireland) - Léargas Ginearálta ar Champas Soghluaisteachta Amach Anseo na hÉireann (FMCI)<br>Nikita Shetty, BABLE - Cur Chuige Réigiúnach i leith Speisialú Cliste i Réigiún an Deiscirt |
| Nollaig          | Gearóid O'Keeffe, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - Nuashonrú ar an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Teacht Aniar (NRRP) agus Cúlchiste Coigeartaithe an Bhreathimeachta                                                                                           |

## Freastal ar Chomhdhála

| Month     |                                                         |             |
|-----------|---------------------------------------------------------|-------------|
| Bealtaine | Comhdháil na Cónaidhme Iompair Idirnáisiúnta (ar líne)  | 2 Chomhalta |
| Samhain   | Comhdháil Institiúid Pleanála na hÉireann (Loch Garman) | 4 Chomhalta |



## Ionadaithe Choiste Monatóireachta Chláir an AE

| Clár EU                                                                    | Ionadaí                                                                                                      |
|----------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Clár Oibríochtúil Réigiúnach an D agus O                                   | An Comh. Joe Carroll<br>An Comh. John Brennan<br>An Comh. Séamus Cosaí Fitzgerald<br>An Comh. Michael O'Shea |
| Clár na hÉireann-na Breataine Bige 2014-20                                 | An Comh. Ken Murnane                                                                                         |
| An Clár um Fhorbairt Tuaithe                                               | An Comh. Alan O'Callaghan                                                                                    |
| Ciste Sóisialta na hEorpa: Clár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama | An Comh. Gerard Murphy                                                                                       |

## Ionadaithe Choiste na Réigiún: Réigiún an Deiscirt

Ionadaithe Choiste na Réigiún iad seisear Comhaltaí an Tionóil freisin. Comhaltaí iomlána iad triúr agus Comhaltaí Malartacha iad triúr. Chun teacht ar bhreis eolais, féach Mír 10.

## Cumann Ionadaithe Réigiún na hÉireann: Réigiún an Deiscirt

Is é Cumann Réigiún na hÉireann eagraíocht ionadaíoch náisiúnta na dtrí Thionól Réigiúnacha in Éirinn, mar bhealach lena chinntiú go mbíonn chomhthuairim ann faoi cheisteanna a bhaineann le feidhmeanna Comhaltaí agus le freagrachtaí reachtúla agus le heolas agus taithí a mhalartú idir na réigiúin. I measc ionadaithe Réigiún an Deiscirt, tá:

An Comh. Pip Breen, Cathaoirleach

An Comh. John Sheahan, iar-Chathaoirleach

An Comh. Gerard Murphy, Leas-Chathaoirleach

An Comh. Thomas Phelan,

An Comh. Michael O'Meara,

David Kelly, Stiúrthóir



*Committee of the Regions Member and Head of Irish Delegation, Cllr. Michael Murphy at the Duologue for Strength & Resilience seminar in November 2021*

### 3. NUASHONRÚ CORPARÁIDEACH 2021

Níor mhoilligh srianta COVID-19 dul chun cinn Chomhaltaí agus fhoireann an Tionóil Réigiúnaigh fad a lean gníomhaíocht ar siúl i measc chláir an AE, tionscadail an AE agus i bpleanáil réigiúnach.

#### Cruinniú Bliantúil agus Toghadh an Chathaoirligh 2021-22

Thit an Cruinniú Bliantúil amach an 8 Iúil ag Óstán an Tower i bPort Láirge. Ba é an chéad chruinniú i bpearsan ó Iúil 2020 agus ba é an t-aon cheann i rith na bliana.

Toghadh an Comh. Pip Breen ina Cathaoirleach ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag an gcrúinniú. B'ionadaí áitiúil Fhianna Fáil í an Comh. Breen ó Chomhairle Contae Loch Garman ó 2014.

Toghadh an Comh. Gerard Murphy ina Leas-Chathaoirleach. Comhalta d'Fhine Gael é agus b'ionadaí áitiúil é an Comh. Murphy le haghaidh Chomhairle Contae Chorcaí ó 2009 ar aghaidh.

*In Uachtar ar Dheis: Comhghairdeas á dhéanamh ag an gComh. John Sheahan leis an gComh. Pip Breen ar a thoghadh.*

*In Íochtar ar Chlé agus ar Dheis: Cruinniú Bliantúil an Tionóil ar bun*





## Cruinniú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Chas an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD, agus an tAire Stáit Sláinte, Mary Butler, TD, le Comhaltaí an Tionóil Réigiúnaigh faoin tábhacht a bhaineann leis an ngeilleagar muirí do Réigiún an Deiscirt an 22 Iúil.

Thug comhaltaí buarthaí chun solais tionchar a d'imir an Breatimeacht ar an earnáil iascaigh, an tionchar a imríonn athchóirithe an CBT ar thalmhaíocht i Réigiún an Deiscirt, agus an gá atá le hinfheistíocht i gcalafoirt na Réigiúin, a bhuntacaíonn leis an ngá atá le stádas Shraith 1 do Chuan Phort Láirge agus Europort Ros Láir.

Léirítear tábhacht na timpeallachta muirí agus cósta do Réigiún an Deiscirt san SRSE, go háirithe maidir le straitéisí lasta, calafoirt, agus cuain do Réigiún an Deiscirt.

*In Uachtar ar Chlé agus ar Dheis: Bronnann an Cathaoirleach, an Comh. Pip Breen, cóip den SRSE do Réigiún an Deiscirt ar na hAirí.*


*In Uachtar: Comhaltaí agus Foireann Thionóil Réigiúnach an Deiscirt leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD, agus an tAire Stáit Sláinte, Mary Butler, TD.*





## Cruinniú Mullaigh an Fhóiraim Iompair Idirnáisiúnta

Thug an Roinn Iompair cuireadh do Thionól Réigiúnach an Deiscirt chun seastán taispeántais fhíorúil a chur ar siúl ag Cruinniú Mullaigh an Fhóiraim Iompair Idirnáisiúnta (FII) 2021, a bhí ar siúl ón 17 go dtí an 28 Bealtaine.



*In Uachtar: David Kelly, Stiúrthóir an Tionóil agus Kevin Lynch, Stiúrthóir Cúnta, agus cur i láthair ar siúl acu ag Cruinniú Mullaigh Fíorúil an FII.*

Tá an FII mar chuid den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, eagraíocht idirrialtasach 62 tír a bhfuil mar chuspóir aici eolas a roinnt agus malartú a chur chun cinn i measc an lucht déanta beartas ar mhaithe le hiompar níos fearr. Is é Cruinniú Mullaigh Bliantúil an FII an tionól is mó ar domhan d'airí iompair agus is é an t-ardán domhanda is mó le haghaidh plé a dhéanamh ar bheartas iompair.

## Lá na hEorpa 2021 a Cheiliúradh

Chuir foireann an Tionóil Réigiúnaigh bratacha fíorúla an AE ar foluain ar Lá na hEorpa an 9 Bealtaine le 47 bliain de thacaíocht airgeadais chlaochlaiteach ón AE do ghnó, taighde, agus tionscadail forbartha inbhuanaithe

uirbeacha a cheiliúradh. D'imir tacaíochtaí AE ón CFRE agus cistí eile AE tionchar ollmhór ar ár bpobail agus réigiúin áitiúla i rith na 47 bliain siúd, a rinne tionscadail nuálacha a chomhchistiú, a thacaigh le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le geilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn.



## Comhdháil Institiúid na bPleanálaithe in Éirinn

Ag labhairt dó i rith aitheasc fáiltithe chomhdháil bhliantúil Institiúid na bPleanálaithe san Áras Ceoldrámaíochta i Loch Garman, labhair an Cathaoirleach, an Comh. Pip Breen faoin tábhacht a bhaineann le hailíniú Beartais idir Pleananna Náisiúnta (an Creat Náisiúnta Pleanála), Réigiúnacha (an SRSE) agus Áitiúla (Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach). Ba é téama na Comhdhála Forbairt faoi Stiúir Plean a Sholáthar.



*Labhraíonn an Comh. Pip Breen le toscairí ag comhdháil bhliantúil Institiúid na bPleanálaithe in Éirinn i Loch Garman.*










## Comhdhálacha Deiridh Tionscadail AE

Chuir trí thionscadal de chuid Interreg na hEorpa a ndearna an Tionól Réigiúnach comhpháirtíocht leo le ceithre bliana anuas comhdháil deiridh amháin ar siúl i rith 2021 (tá eolas breise faoi i Mír 8):

- COHESION (speisialtóireacht chliste) i Márta,
- MARIE (taighde agus nuálaíocht freagrach) i Meán Fómhair,
- EMPOWER (monatóireacht fuinnimh) i Samhain.

## Foilseacháin Thionól Réigiúnach an Deiscirt ó 2000

D'fhoilsigh an Tionól na cáipéisí seo a leanas ó 2020, cibé acu ar bhonn aonair nó i gcomhar le heagraíochtaí agus sainchomhairleoirí eile.






## Online Communications 2021

-  2,552 followers/ average 40k monthly impressions
-  556 followers/ average post reach 221
-  354 followers/ average post reach 19
-  116 followers/ average 660 monthly impressions

www.southernassembly.ie



## Úsáid Fuinnimh in 2021

Leagtar amach i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 sprioc éifeachtúlachta fuinnimh fheabhsaithe 50% ar fud na hearnála poiblí faoin mbliain 2030,

agus go mbaintear laghdú 30% amach ar astaíochtaí faoi Straitéis nua Dícharbónaithe Earnála Poiblí faoin mbliain 2030, agus chun treochlár i dtreo neodrachta ó thaobh carbóin de a fhorbairt faoin mbliain 2050. Déanann an Tionól tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht

| Foireann Coibhéise Lánaimseartha | Foinsí Fuinnimh       | Fuinneamh a Ídíodh (Kwh) |
|----------------------------------|-----------------------|--------------------------|
| 27                               | Leictreachas agus Gás | 20,363 Kwh               |

## Saoráil Faisnéise

Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 go bhfuil ceart dlíthiúil ag gach uile dhuine chun teacht ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag comhlachtaí poiblí, go

gceartaítear faisnéis phearsanta atá á coimeád fúthu nó go nuashonraítear é, sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus go dtugtar cúiseanna dóibh a bhí le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí a dhéanann difear dóibh.

| Iarrataí | Deonaithe | Deonaithe go Páirteach | Diúltaithe | Aistarraingthe | Tugtha anonn go dtí 2022 |
|----------|-----------|------------------------|------------|----------------|--------------------------|
| 6        | 6         | 0                      | 0          | 0              | 0                        |

## Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí i bhfeidhm in 2018. Leanann an Tionól le hathbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí in aghaidh an cheanglais reachtúil seo. Ní bhfuarthas aon iarrataí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí i rith 2021.

Foireann Freagartha Covid i bhfeidhm le plean freagartha eagraíochta a ullmhú. Cuireadh dréachtphlean faoi bhráid na Foirne Bainistíochta go déanach in 2021 ach cuireadh moill ar an gcur i bhfeidhm mar gheall gur scaipeadh leagan nua de Covid.

## Athruithe ar Fhoireann an Tionóil

Thosaigh Sarah Davoren ag oibriú leis an Tionól i Márta mar Fheidhmeannach AE. Ghlac Dave Hennessy ceannas mar Stiúrthóir Cúnta (Cláir agus Gnóthaí Corparáideacha AE) i Meán Fómhair ó Derville Brennan, a d'imigh ar scor i ndiaidh di seirbhís 20 bliain a sholáthar don Tionól. D'fhág an tOifigeach Cléireachais Teresa Burke freisin i rith 2021. Guímid gach rath ar ár gcomhghleacaithe a d'fhág a bpoist le haghaidh a thabhairt ar rudaí nua.

## An Ghaeilge

Ceapadh Sarah Davoren mar ár nOifigeach Gaeilge nua i mBealtaine 2021.

## Freagairt Sláinte agus Sábháilteachta/ COVID

Rinne an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú ar an ráiteas sláinte agus sábháilteachta in Eanáir 2021. Tá



## 4. PLEAN CORPARÁIDEACH 2020-24

Soláthraítear Plean Corparáideach 2020-24 an Tionóil in aghaidh trí sprioc ardleibhéil.

| Sprioc 1: Ceannaireacht Réigiúnach                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | Sprioc 2: Luach a léiriú ar ár nDaoine                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | Sprioc 3: Forbairt Réigiúnach Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn                                                                                                                                              |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p><b>Rialachas Réigiúnach</b><br/>Réigiún a spreagann forbairt réigiúnach inbhuanaithe agus rialachas réigiúnach in Éirinn</p> <p><b>Comhoibriú Straitéiseach</b><br/>Réigiún a théann i ngleic le, a chomhoibríonn le, agus a chruthaíonn comhpháirtíochtaí chun tairbhe an Réigiúin</p> <p><b>Ionadaíocht Réigiúnach</b><br/>Ionadaíocht réigiúnach dhaonlathach a thacú, a chothú agus a forbairt</p> | <p><b>Dualgas na hEarnála Poiblí</b><br/>A chinntiú go bhfuilimid ag déanamh na rudaí cearta, ar an mbealach ceart, do mhuintir ár réigiúin agus dár bhfostaithe, ar bhealach cuimsitheach, oscailte agus freagrach, bunaithe ar an ngá atá le hidirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne a chosaint</p> <p><b>Forbairt Eagraíochta</b><br/>Eagraíocht nuálach, oiriúnaitheach agus fhreagrúil</p> <p><b>Bainistíocht Acmhainní Daonna</b><br/>Meas a léiriú ar ár bhfoireann agus iad a forbairt</p> | <p><b>Aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí san SRSE</b></p> <p><b>Cláir agus tionscadail AE</b><br/>An acmhainn agus na deiseanna don réigiún a shaothrú</p> <p><b>Sonraí Taighde agus Réigiúnacha</b></p> |

### Dul chun Cinn 2020-2021

|                                                                                                                                               |                                                                                                                             |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 16 chruinniú reachtúla Thionóil Réigiúnach an Deiscirt <sup>1</sup>                                                                           | Baineadh meánfhreastal 83% amach ag Cruinnithe reachtúla an Tionóil in 2020-21                                              |
| Glacadh leis an SRSE do Réigiún an Deiscirt                                                                                                   | Foilsíodh 2 thuarascáil bhliantúla Thionóil Réigiúnach an Deiscirt                                                          |
| Seoladh 19 n-aighneacht faoi phróisis an dréachtphlean forbartha cathrach agus contae de chuid údarás áitiúil i Réigiún an Deiscirt (2021-22) | Seoladh 19 n-aighneacht chuig comhairliúcháin phoiblí eile áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha (2021-22)          |
| D'fhógair tairbhíthe go gcuirfí €230.1m ar fáil do Chlár Réigiúnach an D agus O CFRE 2014-20                                                  | Rinne Rialú Céadleibhéil iniúchadh ar luach €10.3m d'éilimh ar thionscadail AE a rinne comhpháirtithe Éireannacha           |
| Ceadaíodh 23 tionscadal trasteorann Interreg faoi Chlár na hÉireann-na Breataine Bige 2014-20                                                 | Ceadaíodh 52 tionscadal trasnáisiúnta Interreg faoi Interreg Iarthuaisceart na hEorpa 2014-20 le comhpháirtithe Éireannacha |
| Cuireadh 6 thionscadal idir-réigiúnacha Interreg na hEorpa ar siúl ina raibh comhpháirtithe Thionóil Réigiúnach an Deiscirt páirteach         | Foilsíodh 6 Phlean Gníomhaíochta Réigiúnacha trí thionscadail Interreg na hEorpa                                            |
| D'éascaigh Tionóil Réigiúnach an Deiscirt 5 chruinniú Líonra Oifigigh Thionscadal CCE Réigiún an Deiscirt                                     | Cuireadh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) i bhfeidhm                                                  |

<sup>1</sup> Bhí líon laghdaithe cruinnithe reachtúla an Tionóil ar siúl in 2020 agus 2021 mar gheall ar COVID-19. Thit sé chruinniú faisnéise neamhreachtúla amach chomh maith in 2020 le Comhaltá a choimeád nuashonraithe ar obair an Tionóil.


## 5. PLEANÁIL RÉIGIÚNACH AGUS AN SRSE

Thug an tOrdú fán Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Tionóil Réigiúnacha) (Bunú), 2014 ról láidir isteach do Thionól Réigiúnach an Deiscirt maidir le pleanáil spásúil agus forbairt eacnamaíoch Réigiún an Deiscirt.

Is éard atá i gceist le príomhfheidhm phleanála straitéisí an Tionóil ná an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (an SRSE) a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm do Réigiún an Deiscirt. Tá ról maoirseachta aige freisin maidir le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a ullmhú agus aighneachtaí reachtúla a ullmhú maidir le Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae (PFCC).

### An Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt

Tá ré ina bhfuil athruithe, dúshlán, agus deiseanna móra buailte ag Réigiún an Deiscirt. Sna 20 bliain amach romhainn, tiocfaidh fás nach mór 400,000 duine ar ár ndaonra agus tiocfaidh athrú ó bhonn ar ár bpróifíl aoise agus ár struchtúir theaghlaigh. Tá athrú tapa domhanda, forbairtí teicneolaíochta, agus tionchar suntasach an athraithe aeráide i ndán dúinn.



Is creat forbartha réigiúnach straitéiseach 12 bhliain í an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (an SRSE) chun an t-athrú seo a threorú. Bunaíonn sí creat leathan ar an mbealach inar chóir ár sochaí, comhshaol, geilleagar agus úsáid talún a fhorbairt. Cuimsítear inti Pleananna Straitéiseacha Ceantair Uirbigh do Chorcaigh, Luimneach-Sionnainn agus Port Láirge, agus straitéisí dár bPríomhbhailte, do bhailte, do shráidbhailte agus dár gceantair thuaithe.

Tá sé mar aidhm ag an SRSE tacú le soláthar an chláir athraithe atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040, an Creat Pleanála Náisiúnta (an CNP) agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-27 (an PFN). Mar shraith réigiúnach an phróisis phleanála náisiúnta, cinnteoidh sí comhordú idir PFCC agus PÁEP na ndeich n-údarás áitiúla sa Réigiún. Cé go bhfuil sé bunaithe ar bheartais náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta, tá an SRSE á stiúradh ar an leibhéal áitiúil ag Comhaltaí Tofa, údarais áitiúla, páirtithe leasmhara, grúpaí pobail agus saoránaigh aonair a mhúnlaigh an straitéis chomhroinnte seo.

### Monatóireacht agus Tuairisciú

Tar éis glacadh leis an SRSE, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil sa Réigiún agus ar na comhlachtaí poiblí atá forordaithe sa reachtaíocht tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Tionóil gach dhá bhliain, ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir le tacú le cuspóirí na Straitéise, a bhaineann leis an gcomhlacht sin.

Ullmhóidh an Tionól tuarascáil mhonatóireachta gach dara bliain ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí an SRSE a bhaint amach, lena n-áirítear na gníomhartha agus na torthaí sonracha atá faoi fhreagracht na gcomhlachtaí poiblí forordaithe. Cuirfidh an Tionól a thuarascáil mhonatóireachta isteach chuig an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (an CNMI) a fhéadfaidh moltaí a dhéanamh don Aire maidir le bearta riachtanacha chun tacú le cur i bhfeidhm an SRSE.

### An SRSE i gcomhthéacs an CNP a chur i bhfeidhm

Is príomhghné é an SRSE i dtaobh sholáthar an chláir athraithe i dTionscadal Éireann 2040, an CNP agus an PFN 2018-27. Leagtar amach ann spriocanna uailmhianacha le haghaidh fáis ar fud an Réigiúin a thacaíonn leis an uailmhian sa CNP le haghaidh athrú claochlaitheach agus deighilt 50:50 fáis a bheith ann idir na trí réigiún – Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, Réigiún an Deiscirt agus Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Bíonn tionchar aige seo ar gach limistéar údarais áitiúil, lena n-áirítear daonra breise réamh-mheasta 380,000 duine faoi 2040 a mhéadóidh daonra an Réigiúin faoi beagnach dhá mhilliún agus 225,000 duine breise a bheith fostaithe (880,000 duine san iomlán). Táthar ag tabhairt aghaidhe ar straitéis dé-riain a chuireann lenár Limistéir Uirbeacha; Corcaigh, Luimneach-Sionnainn agus



Port Láirge mar cathracha ar scála mór a chuireann an geilleagar don Réigiún chun cinn agus a thacaíonn leis (agus gach údarás áitiúil atá iontu) mar ghréasán láidir de phríomhbhailte, de bhailte, de shráidbhailte agus de cheantair thuaithe. Cuimsítear san SRSE saincheistean spásúlachta, geilleagracha, sóisialta, cumarsáide, iompair agus comhshaoil a dhíríonn ar fhás dlúth, ar chomhfhorbairt áite, freagairt don dúshlán a bhaineann le hathrú aeráide agus athléimneacht.

Cruthóidh athrú claochlaitheach a bhaint amach dúshlán, agus beidh mórmhéid d'infheistíocht bhonneagrach agus infheistíocht bhonneagrach thráthúil agus mórathrú ar shocrúithe oibre i measc na bpáirtithe atá bainteach ag teastáil uaidh, go háirithe comhlachtaí poiblí agus údaráis áitiúla. Beidh struchtúir éifeachtacha um chur i bhfeidhm a soláthraítear príomhchumasóirí go tráthúil agus a soláthraítear athrú claochlaitheach mar thoradh orthu, ag teastáil.

Mar cháipéis reachtúil, tá ceanglas reachtúil ann freisin maidir leis an SRSE a chur i bhfeidhm. Buntacaíonn an reachtaíocht leis agus soláthraíonn Comhaltaí an Tionóil sainordú daonlathach dó tar éis go ndearnadh idirchaidreamh agus comhoibriú fairsing oscailte le saoránaigh, pobail, príomhpháirtithe leasmhara, an rialtas, agus comhlachtaí poiblí.



Bhí príomhionchur agus ionchur díreach ag údaráis áitiúla san SRSE a fhorbairt. Leagtar oibleagáidí sna hAchtanna Pleanála ar na tionóil réigiúnacha, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile as an SRSE a chur i bhfeidhm agus as monatóireacht a dhéanamh air.

Tá 301 cuspóir san SRSE: 229 Cuspóir Beartais Réigiúnaigh (CBRanna) mar aon le cuspóirí sonracha do na Pleananna Straitéiseacha Ceantair Uirbigh (PSCUanna): 22 PSCU do Chorcaigh, 23 PSCU do Luimneach-Sionainn agus 27 PSCU do Phort Láirge. Tá spriocanna éagsúla ag na cuspóirí seo agus baineann gníomhartha ar leith leo a bhfuil ar pháirtithe leasmhara tabhairt fúthu - Réigiúnach, Inchiallaithe agus Tacúil.

Teastaíonn ó na Gníomhartha Réigiúnacha go dtugann an Tionól Réigiúnach faoi ghníomh díreach.

Tá na Gníomhartha Inchiallaithe le cur i bhfeidhm ar bhonn reachtúil ag grúpaí eile, e.g., a chinntiú go dtagann an Chroístraitéis Phleananna Forbartha leis an SRSE. Ar deireadh, is éard a bhaineann leis na Gníomhartha Tacúla ná tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh faoina dtugann gníomhaireachtaí eile. Cuireann siad meicníocht chuimsitheach ar fáil, i dteannta a chéile, le haghaidh cur i bhfeidhm.

Tugann na cuspóirí aghaidh ar thrí cholún uileghabhálacha a chomhfhreagraíonn do na 11 Ráiteas Straitéise san SRSE:

- Réigiún Glas
- Réigiún Inchónaithe
- Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach

### Príomhchumasóirí: cad a bhainfidh an rath ar an SRSE amach?


- Tabhairt faoi na céimeanna cearta i dtreo patrúin lonnaithe, taisteal agus bithghéilleagar níos inbhuanaithe chun an ceannas a ghlacadh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide in aistriú an stáit chuig Sochaí Ísealcharbóin;
- Spriocanna uailmhianacha agus inbhuanaithe fáis a sholáthar dár gcathracha agus Ceantair Uirbeacha (breis agus 50%) – Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge;
- Ár bPríomhbhailte, Cathair Chill Chainnigh, Trá Lí, Ceatharlach, Inis, Loch Garman, Cill Airne, Mala, Cloich na Coillte, an Caisleán Nua, Durlas, Cluain Meala, an tAonach, Dún Garbhán, agus Guaire a fhorbairt agus a chomhdhlúthú;
- Dugthailte Chorcaí a fhorbairt;
- Luimneach-Sionainn, Bealach Dáileacháin Thuaisceart/Conair Thaistil Chliste Luimnigh a athghiniúint;
- Samhail chothrom de 'cathair chomhlárnach' a bhaint amach lastuaidh agus laistear den abhainn i bPort Láirge agus na Céanna Thuaidh agus na tailte taobh leo i gContae Chill Chainnigh a fhorbairt;

- Réigiún ionchuimsitheach agus Foghlama a chruthú, a chuireann lenár n-institiúidí ardoideachais, ollscoileanna teicneolaíochta nua MTU agus TUSE agus Lónra Réigiúin Foghlama nua a bhunú agus Réigiún Cliste a fhorbairt;
- Réigiún an Deiscirt a shuíomh mar Thairseach idirnáisiúnta na hÉireann trínár gcalafoirt mhara agus á n-aerfoirt;
- Lántairbhe a bhaint as Cuanta Chorcaí agus Phort Láirge agus as Inbhear na Sionainne: ár sócmhainní nádúrtha muirí;
- Cáilíocht na timpeallachta agus ár n-oidhreachta saibhre a fheabhsú agus a chosaint;
- Ár n-acmhainní turasóireachta agus áineasa feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt go hinbhuanaithe, isteach i gCroílár Ceilte na hÉireann, trí Shean-Oirthear na hÉireann, agus feadh na nGormbhealaí agus na nGlasbhealaí;
- Árgceantair agus spásanna uirbeacha a athbheochan trí chomhfhorbairt áite chruthaitheach agus athghiniúnach, le haghaidh a thabhairt ar Bhorradh Dlúth agus ar Riachtanas Tithíochta, agus beogacht nua a sholáthar do Lárionaid Chathrach agus Bhailte;
- Ceantair Thuaithe a athbheochan trínár mbailte agus sráidbhailte beaga a athoiriúnú agus trí chomhoibriú idir gréasáin lonnaithe a mhéadú le poist ar a bhfuil luach níos airde agus atá éagsúlaithe a lorg chun caighdeán níos fearr na beatha a bhaint amach;
- Ár réigiún a cheangal: bonneagar feabhsaithe Thuaidh-Theas agus ón gCósta Thoir agus go dtí an Cósta Thiar, agus ceangal a dhéanamh le Conair Gheilleagrach an Atlantaigh agus an Chonair Gheilleagrach Thoir a shíneadh níos faide go dtí Europort Ros Láir;
- Na Ceantair Uirbeacha is Glaise agus is mó is Inchónaithe a chruthú do phobail, cultúr agus fiontraíocht éagsúil;
- Infheistiú i Seirbhísí Poiblí chun dul i ngleic le leagáidí, tacú leis an mborradh beartaithe a thiocfaidh ar an daonra agus ar fhostaíocht, agus seirbhísí agus bonneagar oideachais, sláinte, iompair, pobail agus sóisialta a sholáthar.

## Gníomhaíochtaí, Dul chun Cinn agus Garspriocanna in 2021

Tugadh tús áite don bhliain 2021 do struchtúir um chur i bhfeidhm a chur i bhfeidhm agus CBR 226 a bhaint amach:

*Déanfaidh TRD, laistigh de bhliain tar éis an SRSE a dhéanamh, meicníochtaí, plean agus struchtúir dhaingne um chur i bhfeidhm a bhunú, coistí trasearnála páirtithe leasmhara agus coistí grúpa stiúrtha trasteorann údaráis áitiúil san áireamh, lena chinntiú go bhfuil soláthar an SRSE agus na PSCUanna sonracha, intomhaiste, inbhainte amach, réalaíoch agus faoi cheangal ama. Áireofar le céim an chuir i bhfeidhm pleananna gníomhaíochta ina*



*gcuimsítear spriocanna faoi cheangal ama, táscairí dul chun cinn agus plean socraithe rianaithe tionscadail le soláthar éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú.*

Tugadh faoi athbhreithniú ar mheicníochtaí um chur i bhfeidhm i gcomhairle le Príomhfheidhmeannaigh Údaráis Áitiúil, Ranna Rialtais, agus páirtithe leasmhara agus cuireadh treochlár le haghaidh Cur i bhFeidhm le chéile. Chomhaontaigh an Tionól leis an struchtúr beartaithe um Chur i bhFeidhm ag a gcruinniú an 22 Eanáir 2021 agus áiríodh 32 Gníomh um Chur i bhFeidhm leis, mar seo a leanas:

1. Comhaontú le Struchtúir bheartaithe um Chur i bhFeidhm an Tionóil agus Struchtúir Bhord Soláthair an SRSE - comhaontaíodh leis seo agus tá obair leis an mbord soláthair a bhunú ar bun.
2. Struchtúir PSCU a bhunú: Ar bun i gcomhthéacs Boird bheartaithe Forbartha Cathrach.
3. Táscairí agus Monatóireacht Réigiúnacha a Chomhaontú agus a Bhunú: Á bhforbairt agus le seoladh i Ráithe 2 2022.
4. Comhoibriú a fhiosrú idir Ceantair Uirbeacha (Corcaigh, Luimneach-Sionainn, Port Láirge, Gaillimh) ar bun.

### Gníomhartha 5-15 Próiseas an Phlean Forbartha:

A chinntiú go gcuimsítear Clár Athraithe an SRSE i bPróiseas an Phlean Forbartha, Idirchaidreamh a dhéanamh le hÚdaráis maidir le Próiseas an Phlean Forbartha, Aighneachtaí Alt 27 agus Ábhar an Phlean Forbartha a rianú. Idirchaidreamh leanúnach le húdaráis áitiúla, aighneachtaí san áireamh a rinneadh leis na próisis Dréacht-Chomhairliúcháin seo a leanas in 2021:

- Plean Forbartha Chomhairle Contae Chorcaí

- Plean Forbartha Chomhairle Contae Cheatharlach
- Plean Forbartha Chathair Chorcaí
- Plean Forbartha Chathair agus Chontae Phort Láirge
- Plean Forbartha Chathair agus Chontae Luimnigh
- Plean Forbartha Thiobraid Árann
- Aighneacht maidir leis na Leasuithe Ábhartha ar Phlean Forbartha Chontae Cill Chainnigh (glacadh leis i M.F. 2021).

**Gníomhartha 16-17 Réigiún Foghlama:** Plean Gníomhaíochta Réigiún Foghlama a Fhorbairt; Port Láirge a bhunú mar Chathair Foghlama. Tá dréacht le críochnú don bhliain 2022.

Sainaitheann an SRSE go nglacfaidh tionscnaimh na gCathracha Foghlama a fhairsingiú i Luimneach agus Corcaigh chun Réigiún Foghlama a fhorbairt le ról suntasach i dtaobh ionchuimsiú sóisialta agus sochaí inbhuanaithe a chur chun cinn agus leis na scileanna agus an tallann is féidir linn a chur ar fáil a fhorbairt. Tá cuspóir sonrach ann le Port Láirge a bhunú mar Chathair Foghlama UNESCO. 'Ghlac an Tionól Réigiúnach le cur chuige ón mbun aníos lena dheimhniú conas is fearr is féidir suíomh beartais an SRSE chun scileanna, foghlaim ar feadh an tsaoil agus ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn a chur i bhfeidhm. Cuireann anailís sonraí agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara araon a sholáthar bonn láidir ar fáil do na moltaí. Tagann an obair seo go mór leis an obair réigiúnach ar Speisialú Cliste agus tugann sé príomhpháirtithe leasmhara eile le chéile ag féachaint le feabhas a chur ar rátaí Foghlama ar feadh an tsaoil i Réigiún an Deiscirt. Cuirfear páipéar dar teideal 'I dtreo Réigiún Foghlama' faoi bhráid comhaltaí i Ráithe 2 2022 leis na chéad chéimeanna eile a thabhairt le fios.

**Gníomh 18 An SRSE/ Réigiún a Chur i bhFeidhm:** Ar bun trí Straitéis Cumarsáide TRD a chur i bhfeidhm. I measc na bpríomhghnéithe, bhí físeán an SRSE a fhorbairt, seastán fóirúil a chur in airde ag Fóram Iompair Idirnáisiúnta 2021, an tionól is mó ar domhan d'airí iompair, sraith ábhar físeán a chruthú do sheimineáir ghréasáin agus imeachtaí fóirúla, leaganacha Aonair de na PSCUanna a fhoilsiú.

**Gníomhartha 19-21 Creat/sraith straitéisí a fhorbairt chun tacú le cur chuige réigiúnach do Straitéis Speisialtóireachta Cliste (Mír 3) i Réigiún an Deiscirt, Sainmhíniú ar Réigiún Cliste agus creat chun Cathracha Cliste a éascú, Cathracha Cliste á gCur chun Cinn ag Réigiún Cliste agus Plean Gníomhaíochta Réigiún Chliste a Fhorbairt (tar éis 19 agus 20 a chríochnú)**

Chuir TRD, i gcomhar le tionscadal Cohes3ion Interreg na hEorpa AE tairiscintí amach do Shaineolaithe Seachtracha chun Tascanna 19 agus 20 a chur chun cinn.

- D'oibrigh TRD leis na saineolaithe seachtracha, Sainchomhairleoireacht Bable, le creat/sraith straitéisí a fhorbairt chun tacú le cur chuige réigiúnach do Straitéis Speisialaithe Chliste (Alt 3) i Réigiún an Deiscirt. Tá an tuarascáil críochnaithe agus foilsíodh ar láithreán gréasáin TRD é. Leanfar leis an obair ar na torthaí agus le cur i bhfeidhm a dhéanamh le páirtithe leasmhara réigiúnacha i rith 2022. Chuir torthaí ón tuarascáil eolas ar fáil don aighneacht chuig comhairliúchán na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta don Straitéis Taighde agus Nuálaíochta agus chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta do chomhairliúchán Alt 3.
- Tá TRD ag oibriú le hOllscoil Mhá Nuad (OMN) le sainmhíniú a thabhairt chun críche ar Réigiún Cliste an Deiscirt agus ar chreat le Cathracha Cliste á gCur chun Cinn ag Réigiún Cliste a éascú. Rinneadh comhairliúchán forleathan ar an obair seo le réimse fairsing páirtithe leasmhara, agallaimh san áireamh le hionadaithe Údaráis Áitiúil, Comhairleoirí san áireamh. Tá an obair seo le críochnú go luath in 2022 nuair a fhoilseofar sraith tuarascálacha. Tá TRD ag oibriú chomh maith le OMN le huirlis léarscáilithe Réigiún Cliste an Deiscirt a fhorbairt leis na sócmhainní agus tionscadail chliste uile a bhaillú ar fud an réigiúin. Cuirfear torthaí na dtuarascála agus an Uirlis Léarscáilithe Chliste faoi bhráid chomhaltaí an Tionóil agus roinnfear go fairsing iad ag imeacht tiomnaithe scaipthe in 2022.

Chun teacht ar eolas níos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí seo, féach, le do thoil, Cohes3ion i dTionscadail AE i Mír 8.

**Gníomhartha 22-24 - Scóip agus sainchúram na Straitéise Réigiúnaí Lasta, na Straitéise Calafort agus Cuanta agus na Straitéise Aerfort do Réigiún an Deiscirt:** Tá na straitéisí seo, cé gur tuarascálacha ar leith iad, idirnasctha faoi Ráitis Straitéise an SRSE d'Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe, Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeán, Soghluaisteacht Inbhuanaithe, agus Geilleagar Láidir. Rinneadh Cairteacha Tionscadail do gach ceann de na straitéisí seo, ina leagtar amach a n-aidhmeanna agus a gcuspoir, a ullmhú agus a scaipeadh ar Ranna Rialtais Láir i rith Ráithe 2 agus Ráithe 3 2021. Tugadh faoi shraith comhairliúchán leis an Roinn Iompair ar mhaithe le treoir a thabhairt ar aidhmeanna agus cuspoir gach cinn, lena chinntiú go gcabhraíonn a bpróiseas agus a moltaí le beartas náisiúnta treisithe a ullmhú sna hearnálacha seo ó pheirspictíocht an Réigiúin. A bhuíochas le hobair ullmhúcháin in 2021, tosófar le dréachtú na straitéisí i rith Ráithe 1-2 2022 i ndiaidh clár sainaitheanta agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara.



## **Gníomh 25 Bonneagar Gorm Glas (BGG) agus Réitigh Dhúlraibhnaíthe (RDBanna) do Chomhfhorbairt Áite a fhorbairt**

### **Tionscadal Cathracha Gorma Glasa Interreg na hEorpa – Fóram Páirtithe Leasmhara a Bhunú**


Is é an Tionól comhpháirtí na hÉireann ar thionscadal Cathracha Gorma Glasa Interreg na hEorpa, a thosaigh in 2019 agus buiséad iomlán níos mó ná €1.34m aige. Tá Bonneagar Gorm agus Glas (BGG) agus Réitigh Dhúlraibhnaíthe (RDB) ina bpríomhchuid de limistéir tharraingteacha a dhéanamh. Tá comhfhorbairt áite, ar féidir é a fheabhsú trí BGG agus RDBanna, ina phríomhghné d'fhorbairt fiontraíochta agus ina fhócas suntasach beartais don CNP agus don SRSE. Ní bheidh BGG agus RDB tairbheach ach amháin má dhéanaimid pleanáil ghníomhach, comhordú agus comhoibriú chun a chinntiú go n-úsáidtear iad ar bhealach inbhuanaithe. Tá an Tionól ag oibriú le raon leathan páirtithe leasmhara chun a chinntiú go mbainfear é seo amach. Caitheann Uisce Éireann leis an gcomhoibriú seo mar bhealach chun srianta ar líonraí draenála comhcheangailte do cheantair uirbeacha a mhaolú agus ceapann siad gur bealach éifeachtach chun é seo a bhaint amach iad Córais Draenála Inbhuanaithe. Tá spreagadh na n-údarás áitiúil leathan ach áirítear leis go ginearálta sláinte agus folláine, comhfhorbairt áite, bithéagsúlacht, cáilíocht an uisce. *Féach Mír 8 chun teacht ar eolas breise.*

**Gníomhartha 26, 27 agus 29 Sainchúram na Straitéise Réigiúnaí Fuinnimh In-Athnuaite (an bithghéilleagar san áireamh) agus an Phlean Réigiúnaigh Dícharbónaithe a Fhiosrú:** Forbraíodh Cairt an Tionscadail le scóip agus ról na Straitéise Réigiúnaí Tírdhreacha don Réigiún a shainiú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na gníomhartha seo de réir choincheap an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a foilsíodh in 2021.

**Gníomh 28 Gníomhú ar son na hAeráide a chomhordú leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA):** ar bun faoi láthair.

**Gníomh 30 Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Cathracha agus Bailte 10 Nóiméad a Chur i bhFeidhm:** Cuireann CBR 176 cur i bhfeidhm 'an Chathair 10 Nóiméad' agus 'Coincheap an Bhaile' chun cinn, a lorgaíonn comharsanachtaí uirbeacha a chruthú ina bhfuil ardleibhéil tréscailteachta siúil agus rothaíochta chun teacht ar iompar poiblí, seirbhísí agus ar chonláistí.

Tar éis gur ullmhaíodh agus gur foilsíodh an Tuarascáil Inrochtaineachta agus an Chreat-Tuarascáil 'Bailte 10 Nóiméad' in 2020 i gcomhar le Tionscadal MATCH-UP



Interreg na hEorpa agus ARUP, rannáin Tionscadal agus Phleanála Réigiúnaí AE TRD a chomhordaítear chun plean um chur i bhfeidhm a ullmhú do Shoghluaisteacht Inbhuanaithe i Réigiún an Deiscirt. Sainiúitear sa phlean um chur i bhfeidhm gníomhartha um chur i bhfeidhm an SRSE chun iompar ísealcharbóin, athrú córa iompair agus soláthar iompair phoiblí agus bonneagar taistil ghníomhaigh a thabhairt chun cinn ar fud ár gcathracha, ár mbailte, agus ár gceantar tuaithe. Thionóí TRD grúpa oibre i rith Ráithe 2 agus Ráithe 3 2021 ina bhfuil an Roinn Iompair (an RI), an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI), Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) chun comhaontú leis an bplean um chur i bhfeidhm seo agus chun gníomhartha a thabhairt chun cinn. Díríonn an grúpa oibre go príomha ar a lorg go nglactar le Creat na gCathracha agus na mBailte 10 Nóiméad, go dtacaítear le Straitéisí Iompair Chathartha agus le Pleananna Iompair Áitiúil agus le an ngá le húsáid éifeachtach talún pleanáil éifeachtach iompair a bhaint amach ar leibhéal áitiúil trí úsáid a bhaint as Treoirínte Measúnaithe Iompair Ceantarbhunaithe le hÚdarás Áitiúla de chuid an ÚNI (i gcomhréir le CBR 151 Úsáid Talún agus Iompar a Chomhtháthú agus CBR 157 Pleananna Iompair Áitiúil).

Príomhthionscnamh lenar chomhaontaigh an grúpa oibre a bhí i Seimineár Gréasáin Soghluaisteachta Réigiúnach a chuirfeadh TRD ar siúl d'Údarás Áitiúla agus do Pháirtithe Leasmhara Iompair i Réigiún an Deiscirt i gcomhar leis an RI, an ÚNI, BIÉ agus ORP, agus sraith seimineáir fhoréigiúnacha ina dhiaidh sin. Tá mar chuspóir ag an imeacht seo príomhdheis chumarsáide

agus foghlama a sholáthar d'Údaráis Áitiúla maidir le beartais, creataí, sruthanna cistithe agus sraitheanna straitéisí agus tionscnaimh réigiúnacha threistithe a thacaíonn le gníomhartha áitiúla do shoghluaisteacht inbhuanaithe agus iompar carbóin níos ísle.

Phleanáil Foirne Tionscadal agus Pleanála Réigiúnacha an AE an t-ullmhú don imeacht seo i gcomhaontú leis an ngrúpa oibre i rith Ráithe 4 2021 agus é ina chuspóir gníomhartha um chur i bhfeidhm an SRSE, an Beartas Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe nua, an Creat Náisiúnta Bainistíochta Éilimh ar Iompar nua, nuashonruithe ar an gCreat Infheistíochta Náisiúnta d'Iompar in Éirinn a cheangal agus na Treoirlínte Measúnaithe Iompair Ceantarbhunaithe a úsáid chun Pleananna Iompair Áitiúil a ullmhú a cheangal. Bhí an seimineár gréasáin le bheith ar siúl an 31 Eanáir 2022, agus cuireadh an réamhphleanáil, cuirí do pháirtithe leasmhara agus cumarsáid don imeacht chun cinn i Ráithe 4 2021.

**Gníomh 31 Tacú le forbairt na Conaire Thoir:** ar siúl go fóill.

**Gníomh 32 Forbairt acmhainní a fheabhsú trí acmhainní tairisceana a fhorbairt:** ar siúl go fóill

#### **Idirchaidreamh le Ranna Rialtais/Eile**

Aighneachtaí 2021:

- Dréachtphlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce
- An Plean Náisiúnta Teacht Aniar agus Téarnaimh
- An Creat Infheistíochta Náisiúnta d'Iompar in Éirinn.
- EirGrid: Ár dToghcháil Leictreachais a Mhúnlú
- Straitéis Tarlaithe Náisiúnta 10 mBliana na Roinne Iompair
- An Straitéis Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta 2021-2027
- Dréachtphlean Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála
- Fiontraíocht Éireann
- Acadamh Innealtóirí na hÉireann

**Léiriúandearcaidh réigiúnaigh agus rannpháirtíochta i bpróisis/fóiraim leanúnacha ábhartha AE, náisiúnta agus réigiúnacha um chur i bhfeidhm, an méid seo a leanas ina measc:**

- Bord Thionscadal Éireann 2040.
- An Fóram Náisiúnta Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide.
- An Fóram Náisiúnta Measúnachta Straitéisí Timpeallachta.
- Plean Acmhainní Uisce Náisiúnta agus Pleananna Réigiúnacha Acmhainní Uisce Uisce Éireann.
- Pleananna Fiontair Réigiúnaigh; Rannpháirtíocht i

nGrúpa Stiúrtha do Phleananna Fiontair Réigiúnaigh an Iardheiscirt, an Mheániarthair, an Oirdheiscirt.

- Fóram Scileanna Réigiúnacha (an ID, an MI, an OD).
- An Fhoireann Aistrithe Foirne Láir Tíre.
- Tús Áite do Láir Bhailte.
- Grúpa stiúrtha- straitéis bainistíochta athraithe cósta.
- Grúpa Comhairleach an PÁEP.
- An Grúpa Stiúrtha um Pleanáil don Athrú Aeráide.
- Conair Gheilleagrach an Atlantaigh.
- Comhairliúchán agus comhordú leis an RI, BIÉ agus an ÚNI maidir le Straitéis Iompair an SRSE a chur i bhfeidhm, Straitéisí Iompair Uirbeacha (Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí (SILCC), Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh (SILCL) agus Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Phort Láirge (SILCPL)) a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus Pleananna Iompair Áitiúil san áireamh.
- An tAthbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin - an RI
- Athbhreithniú na Straitéise Náisiúnta Lasta Iarnróid le hIarnród Éireann.
- An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí - comhairliúchán le rannán Beartais Pleanála Muirí an RTRAO.
- Rannpháirtíocht, taighde agus oiliúint trí Fhóram an ORP.
  - Taighde acadúil le UCD (faoi Scéim Comhpháirtíochta Fiontair na Comhairle um Thaighde in Éirinn) ar Comhionannas Réigiúnach a Bhaint Amach – Dinimic Uirbeach Tuaithe i Réigiún Dheisceart na hÉireann -Beartas Gréasán Iompair AE-Tras-Eorpach (TEN-T)
  - An Fóram Iompair Idirnáisiúnta (an FII)
- Coiste Pleanála Muirí Institiúid Pleanála na hÉireann (IPÉ).
- Tionscadal 'Match Up' Interreg na hEorpa - Creat-Tuarascáil na mBailte 10 Nóiméad

## 6. CLÁIR OIBRÍOCHTÚLA RÉIGIÚNACHA CFRE

Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an tÚdarás Bainistíochta do Chlár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-21 CFRE agus Clár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre 2021-27. Comhchistíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) gníomhaíochtaí atá dírithe ar chomhtháthú geilleagrach agus sóisialta ar fud an AE a neartú trí neamhchothroime idir a réigiún a cheartú.

### Clár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre (DOLT) 2021-27 CFRE


Pacáiste thart ar €660 milliún de chistiú CFRE agus náisiúnta atá i gClár nua Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre 2021-27 CFRE de chistiú CFRE agus náisiúnta do na réigiúin an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre. Lean an Tionól Réigiúnach le hobair forbartha ar an gClár Réigiúnach nua i rith 2021 le príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.

Tacóidh an clár nua le forbairt réigiúnach chothrom trí infheistíocht a chomhchistiú faoi chuspóirí beartais an AE lena mbaineann an Eoraip níos iomaíche agus níos cliste (CB1), an Eoraip níos glaise, ísealcharbóin atá á haistriú i dtreo geilleagar carbóin atá neodrach ó thaobh carbóin de agus atá athléimneach (CB2), agus an Eoraip atá níos dlúithe i measc saoránach trí fhorbairt inbhuanaithe agus chomhtháite a chothú (CB5).

Tiocfaidh Clár Réigiúnach an DOLT le cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha faoi Thionscadal Éireann 2040 agus déanfaidh sé iad a sholáthar faoi Thionscadal Éireann 2040: An Creat Pleanála Náisiúnta agus na Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt agus do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

### Clár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir (D agus O) CFRE 2014-20

Is é Clár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir (D agus O) 2014-20 ná pacáiste €620.1 milliún ó Chiste Forbraíochta



Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus cistiú náisiúnta a thacaíonn le gníomhaíochtaí i réigiún Dheisceart agus Oirthear (D agus O) na hÉireann. Déanann an Clár cómhaoiniú ar ghníomhaíochtaí faoi shé réimse tosaíochta chun cáilíocht na beatha a fheabhsú agus cur le spriocanna na hEorpa 2020 na hÉireann maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, ag díriú ar dheiseanna agus earnálacha fáis ar leith a shainathnóir i straitéis speisialaithe chliste na hÉireann, chun tacú le cruthú poist nua ardchaighdeán, nuálaíocht a threisiú, an líon ceadúnas a dheonaítear a mhéadú, agus cuidiú leis na geilleagair áitiúla sa réigiún a fhas. I measc na dtairbhíthe tá eagraíochtaí san earnáil phoiblí, san earnáil acadúil agus san earnáil phríobháideach ar fud réigiún an D agus O.

#### Tosaíochtaí an Chláir:

- Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht a Neartú
- Iomaíochas FBM
- Geilleagar Ísealcharbóin
- Freagairt don Choróinvíreas
- Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe
- Cúnamh Teicniúil (tacaíochtaí bainistíochta clár)



## Dul chun Cinn an Chláir go dtí 2021

**€310.06 million**

Total Programme Funding - ERDF

**€436.9 million**

Total Expenditure Selected - ERDF

**€394.8 million**

Total Eligible Costs Declared - ERDF

### Strengthening RTDI

Increasing the level of research with company engagement in the S&E region by fostering applied research and increasing the number of companies undertaking industry R&D

**4**

world class research centres supported

**653**

new researchers employed in supported research centres

**870**

industry partners engaging with supported research centres

**97**

Commercialisation fund awards

## Soláthraíonn ceithre scéim Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht a Neartú

### Ionaid Taighde FEÉ

Arna sholáthar ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Tacú le hionaid taighde den chéad scoth ar mhórsála a forbairt le comhoibriú a éascú idir taighde agus an tionscal le teicneolaíocht nua a forbairt do thráchtálú, le caipiteal taighde idirnáisiúnta a mhealladh agus leis an líon taighdeoirí a fhostaítear sa tionscal a mhéadú.

### Clár Spokes

Arna sholáthar ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Forbairt bhreise ar Ionaid Taighde FEÉ a chur chun cinn le limistéir nua thaighde, an tionscal, comhoibrithe acadúla a chur san áireamh atá ailínithe le Cleachtadh Tosaíochtaí Taighde na hÉireann.

### An Ciste Tráchtálaithe

Arna sholáthar ag Fiontraíocht Éireann

Tacú le taighdeoirí eolaíochta agus innealtóireachta in institiúidí tríú leibhéal agus in eagraíochtaí taighde i dtionscadail taighde fheidhmigh chun aschur a ghiniúint a rachaidh chun sochair gheilleagar na hÉireann.

### Clár Comhpháirtíochta Nuálaíochta

Arna sholáthar ag Fiontraíocht Éireann

Cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn a spreagadh chun oibriú le hinstiúidí taighde Éireannacha ar mhaithe le comhoibriú comhthairbhíúil, chun teacht ar shaineolas/acmhainní le táirgí, próisis agus seirbhísí nua/feabhsaithe a forbairt agus le heolas/saineolas nua a ghiniúint.

## SME Competitiveness

Increasing employment levels in micro-enterprises and SMEs in the S&E region by supporting business start-ups, expansion and higher innovation levels in enterprises.

**55,358**

micro-enterprises receiving support

**1,024**

new jobs created in supported micro-enterprises

**54,459**

micro-enterprises participating in training

## Soláthraítear Iomaíochas FBM tríd an Scéim Tacaíochta Micrithionscadal

Ráta an fhairsingithe ar ghnólachtaí nuathionscanta a mhéadú, agus cumas bainistíochta, iomaíochas, nuálaíocht, oiriúnú don teicneolaíocht a fheabhsú, agus micrithionscadail a dhíriú ar easpórtáil le tacaíochtaí cosúil le heolas gnó, seirbhísí comhairleacha, acmhainní a forbairt, meantóireacht agus tacaíochtaí airgeadais a sholáthar. Arna sholáthar ag Fiontraíocht Éireann trí 18 nOifig Fiontair Áitiúil i réigiún an D agus O.



Grianghraf le caoinchead ó Fhiontraíocht Éireann.

## Low Carbon Economy

Contributing to Ireland's commitment in relation to its Europe 2020 carbon reduction targets by improving energy efficiency in the housing stock in the S&E region

**12,214**

households with improved energy efficiency

**10,796 tCO<sub>2</sub>eq**

estimated annual decrease in GHG

### Soláthraítear an Geilleagar Ísealcharbóin tríd an Scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo.

Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh áiteanna cónaithe atá faoi úinéireacht iad siúd atá i mbaol bochtaineacht fuinnimh, feabhas a chur ar shláinte agus folláine na dteaghlach siúd, agus an sciar den ioncam indiúscartha a theastaíonn chun íoc as billí fuinnimh a laghdú.

Tháinig an scéim seo chun cinn i gcaitheamh shaolré an chláir agus áirítear iarfheistiú níos doimhne anois léi.



Is costasaí an cur chuige iarfheistithe níos doimhne seo ach baineann sé feabhsúcháin níos mó ar éifeachtúlacht fuinnimh amach in aghaidh an teaghlai.

## Coronavirus Response

Maintaining access to supplies of essential Personal Protective Equipment for the health services in the S&E region affected by the COVID-19 outbreak.

**111,346,031**

items of PPE Purchased

**€207,809,245**

Value of PPE Purchased

### Soláthraítear an Fhreagairt don Choróinvíreas tríd an Scéim Tacaíochta Sláinte.

Leanúint le teacht a chur ar fáil ar sholáthairtí Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) bunriachtanach do na seirbhísí sláinte i réigiún an D agus O. Chruthaigh an phaindéim dhomhanda éileamh gan choinne ar TCP ó Mhárta 2020, agus bhí seo ina chúis le cur isteach trom ar shlabhraí soláthair domhanda.

Chuir seo dúshlán as cuimse roimh údarais sláinte na hÉireann i dtaobh slabhraí soláthair traidisiúnta TCP. Thacaigh an Scéim leis an gcostas a bhí ar TCP bunriachtanach a sholáthar do chóras cúraim sláinte na hÉireann mar chuid d'infheistíocht spriocdhírthe faoi stiúir an stáit leis an obair rithabhachtach lena mbaineann tionchar na paindéime domhanda a íoslaghdú i réigiún an D agus O agus le sláinte agus leas a dhaoine a chosaint. Tairbhí na Scéime: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



Grianghraf le caoinhead ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## Sustainable Urban Development

Revitalising & regenerating urban environments in designated urban centres as part of integrated urban & support low carbon strategies for sustainable, urban multi-modal mobility & mitigation-relevant adaptation measures.

9

sustainable urban development projects approved

1,652,174

people living in areas with integrated urban development strategies


### Soláthraítear Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe trí Scéim Deontais na nIonad Ainmnithe Uirbeach.

Tacú le straitéisí údaráis áitiúil i réigiún an D agus O chun dúshlán shóisialta, gheilleagracha, chomhshaoil, aeráide agus dhéimeagrafacha a dhéanann difear d'ionaid uirbeacha a chomhrac.

Arna sholáthar ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt.

### Sustainable Urban Development Projects 2014-20

|                  |            |                                                                                                                    |
|------------------|------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Waterford        | €4m ERDF   | Public realm works, incl. Apple Market                                                                             |
| Cork             | €5m ERDF   | Mary Eimes Bridge<br>Marina Park                                                                                   |
| Dublin           | €7m ERDF   | Swords castle, Cultural & Civic<br>Dodder Valley Greenway<br>Dun Laoghaire Baths<br>Liffy Street Area Public Realm |
| Limerick-Shannon | €4.5m ERDF | Limerick's O'Connell Street<br>Shannon Town Park                                                                   |
| Wexford          | €1m ERDF   | Crescent Quay Redevelopment                                                                                        |
| Ennis            | €1m ERDF   | Ennis Library                                                                                                      |
| Mallow           | €1m ERDF   | Mallow Bridge Pedestrian Extension                                                                                 |
| Tralee           | €1.5m ERDF | Island of Geese                                                                                                    |
| Kilkenny         | €1m ERDF   | Redevelopment of Abbey Quarter                                                                                     |



Top (l-r): Kilkenny River Gardens, Waterford City's Apple Market, Dodder Greenway in South Dublin, Mary Elmes Bridge in Cork City

Bottom (l-r): Crescent Quay Wexford Town, Shannor Town Park



# Cumarsáid Clár 2021

Soláthraítear gníomhaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide in aghaidh na straitéise cumarsáide ilbhliantúla, ar ghlac an Coiste Faireacháin léi agus comhlíonann siad rialacháin an AE agus treoirlínte náisiúnta cáilitheachta. Forbraíodh agus soláthraíodh an plean cumarsáide 2021 laistigh de shrianta na paidéime, agus thit go leor díobh amach ar líne.

## Tacaíochtaí Comhlíonta Faisnéise agus Cumarsáide

Foilsíonn an MA liosta inchuadaithe agus iníoslódáilte d'oibríochtaí atá cistithe ag an gClár ar láithreán gréasáin an Tionóil. Nuashonraíodh an liosta faoi dhó in 2021. Leanadh ar aghaidh le hobair freisin in 2020 chun tacú le tairbhíthe an Chláir chun riachtanais chumarsáide a chomhlíonadh faoi threoirlínte náisiúnta Rialacháin an AE.



## Líonra Náisiúnta Cumarsáidithe Bheartas Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na Eorpa (CSIE) agus INFORM

Lean an MA le comhoibriú le cistí eile AE in Éirinn trí líonra náisiúnta CSIE, ina bhfuil ionadaithe ó Phoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann. Glacann an MA páirt freisin i líonra INFORM an Choimisiúin Eorpaigh chun cumarsáid a dhéanamh le, agus foghlaim ó, chlár eile ar fud réigiúin na hEorpa – ach go háirithe, gníomhaíochtaí a thacaíonn le feachtas #euinmyregion ar fud na hEorpa.

## Clár Réigiúnach sna Meáin


D'eisigh an MA preaseisiúintí agus ailt fógraíochta rialta sna meáin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chlóite agus ar an raidió áitiúil in 2020 le béis a leagan ar obair an Chláir, na scéalta seo a cheangal, chomh maith, le tionscadail agus cláir, agus beartais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta eile AE. I measc na bpríomhimeachtaí, bhí gníomhaíocht thart ar Lá Idirnáisiúnta na mBan i Márta, Lá na hEorpa i mBealtaine, agus um Nollaig. I measc na gníomhaíochta meán eile, bhí comhphósaí le cistí eile AE i bhfoilseacháin náisiúnta agus earnála.

## Lá na hEorpa 2021

Chomhoibrigh an MA le cistí eile AE ó áiteanna ar fud oileán na hÉireann le béis a leagan ar thairbhí chistiú an AE i bpobail agus foilsíodh forlíonadh 4 leathanach i nuachtán an Sunday Independent ar Lá na hEorpa, an 9 Bealtaine 2021. Thacaigh ailt fógraíochta leis an ngníomhaíocht seo i ndeich nuachtán áitiúla anuas ar agallaimh agus fógraí i stáisiúin raidió áitiúla ar fud an réigiúin.

## Suirbhé ar Fheasacht agus Meonta Poiblí

Foilsíodh comhoibriú in 2020 idir CFRE, CSE agus an CEMI, an suirbhé - Feasacht agus Meonta Poiblí Chistí Struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa in Éirinn in 2021. Sholáthair sé torthaí dearfacha ar fheasacht ar CFRE agus treoir maidir le cén áit ba cheart gníomhaíochtaí cumarsáide a dhíriú don tréimhse chistithe 2021-27.



## An Taispeántas Fuinneog 'An AE i mo Réigiún'

Tugadh cuireadh don MA tionscadail a sheoladh ar aghaidh chuig taispeántas fuinneog ag an Lárleabharlann, Cathair Phort Láirge. Sonraíodh sa taispeántas 10



scéal faoi thionscadail AE sa réigiún. I measc na scéalta bhí Plé Saoránaigh ar an bhFiontraíocht Shóisialta, malartú maisiúcháin Nollag idir bunscoileanna ar fud an AE, Margadh na nÚll a thógáil agus tionscadal Bhealaí Ceilteacha na hÉireann-na Breataine Bige.



Ar chlér: Sinéad O'Higgins, Oifig Europe Direct, Port Láirge agus Siobhán Rudden, Tionól Réigiúnach an Deiscirt. Ar dheis: An Cathaoirleach, an Comh. Pip Breen agus Dave Hennessy, Stiúrthóir Cúnta, Tionól Réigiúnach an Deiscirt

## Clár Réigiúnach CFRE ag Winterval

Thapaigh an MA an deis béim mhór ghraí a leagan ar an tacaíocht a sholáthair CFRE do Mhargadh na nÚll a fhorbairt i gCathair Phort Láirge ag Féile na Nollag ag Winterval.

Rinne an MA urraíocht ar imeachtaí ceoil gach seachtain ag an láthair a chuir eolas ar fáil dóibh siúd a bhain taitneamh as freastal ar an bhféile faoi conas a thacaíonn ballraíocht an AE le pobail agus réigiúin.

## Tráth na gCeist do Chéimithe

D'urraigh an MA Tráth na gCeist do Chéimithe, tionscnamh a bhfuil de chuspóir aige daoine óga a spreagadh chun gnímh agus inspioráid a thabhairt dóibh ar bhealach spráúil chun foghlaim faoi ábhair thábhachtacha áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha trí pháirt a ghlacadh i dtráth na gceist ar líne chun turais oideachais a bhuachan.



Tá mar chuspóir ag ár n-urraíocht gníomhaíochtaí agus tionscadail a chómhaoiníonn an Clár Réigiúnach i measc na glúine óige a thabhairt chun solais. Ghlac breis agus 8,000 scoláire páirt sa chomórtas agus roghnaíodh 24 mar bhuaiteoirí. D'urraigh an MA beirt bhuaiteoirí, scoláirí na hIldirbhliana ó Thiobraid Árann agus Loch Garman, agus taistealóidh siad chuig Parlaimint na hEorpa a luaithe a bheidh sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh.



## 7. CLÁIR CHOMHAIR CHRÍOCHAIGH EORPAIGH

Príomhspríoc Bheartas Comhtháthaithe an AE é Comhar Críochach Eorpach (CCE) agus cuireann sé creat ar fáil chun comhghníomhartha a chur i bhfeidhm agus malartuithe beartais a dhéanamh idir

gníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ó Bhallstáit éagsúla.

Is éard atá i gceist le CCE, lena dtacaíonn CFRE, ná cláir éagsúla Interreg, URBACT, agus ESPON. Tá trí shruth comhair ann laistigh de Interreg:

| Trasteorann: Interreg A            | Trasnáisiúnta: Interreg B                                                                                          | Idir-Réigiúnach    |
|------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------|
| Clár na hÉireann-na Breataine Bige | Interreg Iarthuaisceart na hEorpa<br>Interreg an Fhorimill Thuaidh agus Artach<br>Interreg Limistéar an Atlantaigh | Interreg na hEorpa |

Bíonn baint ghníomhach ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt i monatóireacht a dhéanamh ar chlár CCE agus ina soláthar in Éirinn.

| Clár                                      | Ról Thionól Réigiúnach an Deiscirt                                                                                                                                                                                  |
|-------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Clár na hÉireann-na Breataine Bige        | Comhpháirtí Cláir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Rialtas na Breataine Bige<br>Pointe Teagmhála in Éirinn<br>Iniúchadh Ainmnithe Rialaithe Céadleibhéil do chomhpháirtithe Éireanna-cha |
| Interreg Iarthuaisceart na hEorpa         | Ionadaí Ballstáit i gCoiste Monatóireachta an Chláir<br>Pointe Teagmhála in Éirinn<br>Iniúchadh Ainmnithe Rialaithe Céadleibhéil do chomhpháirtithe Éireannacha                                                     |
| Interreg an Fhorimill Thuaidh agus Artach | Iniúchadh Ainmnithe Rialaithe Céadleibhéil do chomhpháirtithe Éireannacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir                                                                                                     |
| Interreg Limistéar an Atlantaigh          | Iniúchadh Ainmnithe Rialaithe Céadleibhéil do chomhpháirtithe Éireannacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir                                                                                                     |
| Interreg na hEorpa                        | Pointe Teagmhála i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir<br>Iniúchadh Ainmnithe Rialaithe Céadleibhéil do chomhpháirtithe Éireannacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir                                           |
| URBACT                                    | Iniúchadh Ainmnithe Rialaithe Céadleibhéil do chomhpháirtithe Éireannacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir                                                                                                     |
| ESPON                                     | Ionadaí i gCoiste Monatóireachta an Chláir                                                                                                                                                                          |



# Iniúchadh Rialaithe Céadleibhéil

Is éard atá i Rialú Céadleibhéil (RCL) seiceálacha nó iniúchtaí ar chaiteachas tionscadail le linn chur i bhfeidhm an tionscadail, gach uair sula gcuirtear isteach éileamh íocaíochta. Déanann foireann RCL an Tionóil éilimh chaiteachais a bhailíochtú do chúig chlár CCE - Éire-an Bhreatain Bheag, Iarthuaisceart na hEorpa, an Forimeall Thuaidh agus Artach, Interreg na hEorpa agus URBACT.

Fíoraíonn agus bailíochtaíonn an Fhoireann CCE caiteachas a thabhaítear chun tionscadal a chur i bhfeidhm agus chun comhlíonadh le rialacha ábhartha an AE, náisiúnta, réigiúnacha, institiúideacha agus cláir a chinntiú chomh maith le forálacha an chonartha fóirdheontais agus an fhoirm iarratais cheadaithe. Cuireann na rialuithe seo ráthaíocht ar fáil don Údarás Bainistíochta, an tÚdarás Deimhniúcháin agus, thar aon ní eile, don tionscadal féin, go ndéantar costais a chómhaoinítear faoi Chláir atá cistithe ag CCE i gcuntas agus go bhfuil siad incháilithe.

Iócann CCE as 100% den chaitheamh fógartha ar thionscadal. Tá dhá shaghas seiceálacha fíoraithe sa chóras CCE:

1. Seiceálacha riaracháin deascbhunaithe ar chaiteachas a fhógraítear in éilimh íocaíochta,
2. Seiceálacha ar an láthair a dhéantar ag oifig chomhpháirtí an tionscadail agus a dtugtar fúthu ar bhonn samplach.

## Nuashonrú ar Ghníomhaíocht 2021

Le linn 2021, rinne foireann CCE an Tionóil iniúchadh agus bailíochtú ar 166 éileamh tionscadail arbh fhiú



Shuiteáil an Dr Ambrose Furey ó OTM sondáil amach ó bharáiste BIM i gCalafort Bhaile Chaisleáin Bhéarra i Samhain 2021 do thionscadal STREAM.

€10,165,488.46 iad d'eagraíochtaí Éireannacha a bhí rannpháirteach mar chomhpháirtithe tionscadail ar na cúig chlár um Chomhar Críochach Eorpach.

D'fhreastail an Stiúrthóir agus Ceann RCL ar chruinniú ar líne le Rúnaíocht Iarthuaisceart na hEorpa an 21 Bealtaine chun plé a dhéanamh ar an gcóras reatha RCL, na rudaí a n-éiríonn agus nach n-éiríonn go maith leo d'Éirinn, agus an córas RCL amach anseo, lena n-áireofar modheolaíocht samplála agus roghanna simplithe costais don chlárthréimhse nua.

D'fhreastail Ceann RCL ar cheardlann ar líne "Pacáiste Rialaithe HIT do Rialaitheoirí" an 20 Bealtaine le haiseolas a sholáthar ar Uirlisí Comhoiriúnaithe um Chur i bhFeidhm (HITanna) do cháipéisí rialaitheora. (Deimhniú, Tuarascáil Rialaithe agus Seicliosta d'fhíorú bainistíochta). Bhí mar chuspóir ag an gceardlann an tsraith reatha cáipéisí, chun iad a chuíchóiriú, agus iad a oiriúnú don chreat rialála nua agus uirlisí caighdeánacha a chur chun cinn i measc Rialaitheoirí.

Ghlac an Ceann RCL páirt i seimineár gréasáin an Líonra CCE an 6 Deireadh Fómhair. Rinneadh roinnt cuir i láthair ar ábhair éagsúla a chur ar siúl do na rannpháirtithe siúd a ghlac páirt ar líne.

I rith 2021, cruthaíodh acmhainn nua ar líne ar RCL ar láithreán gréasáin an Tionóil a chuir eolas ar fáil ar iniúchadh agus treoir maidir le cláir ar leith do chomhpháirtithe tionscadail. Tá an nasc leis an mír nua ar an láithreán gréasáin thíos. Tá súil leis go dtiocfaidh fás ar an acmhainn seo fad a chuirfear tús le cláir nua CCE.

**Chun teacht ar eolas breise ar Rialú Céadleibhéil, seol ríomhphost chuig:**

[flc@southernassembly.ie](mailto:flc@southernassembly.ie)

**Láithreán gréasáin:**

[www.southernassembly.ie/first-level-control](http://www.southernassembly.ie/first-level-control)

# Interreg VA: Comhar Trasteorann

## Clár na hÉireann-na Breataine Bige

TTacaíonn Clár na hÉireann-na Breataine Bige le gníomhaíochtaí a éascaíonn comhoibriú trasteorann idir eagraíochtaí in Éirinn agus an Bhreatain Bheag.



Is clár muirí é a cheanglaíonn eagraíochtaí, gnólaigh, agus pobail ar chósta thiar na Breataine Bige le cóstaí thoir agus theas na hÉireann. Tá buiséad foriomlán deontais €100m ag an gclár reatha ó CFRE chomh maith le ráta cómhaoinithe 80%. Déanann Rialtas na Breataine Bige an clár a bhainistiú le comhpháirtithe, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí.


Tá Oifigigh Forbartha na hÉireann lonnaithe ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt, arb é an Rialú Céadleibhéil ainmnithe d'éilimh íocaíochta ó chomhpháirtithe Éireannacha.

Tá trí thosaíocht ag an gClár faoina n-oibrítear tionscadail:

1. Nuálaíocht Trasteorann
2. Oiriúnú Mhuir Éireann agus Pobail Chósta d'Áthrú Aeráide
3. Acmhainní Cultúrtha agus Nádúrtha agus Oidhreacht

## Tosaíocht 1 - Nuálaíocht Trasteorann

Baineann **Brainwaves** úsáid as cur chuige geilleagair chiorclaigh chun sciobar agus uisce salach a bhainistiú trí theicneolaíocht a fhorbairt chun iad seo a athshlánú trí ros lachan chun beatha atá luachmhar go heacnamaíoch a ghiniúint, agus ar an gcaoi sin iomaíochas thionscal na mairteola



Speiceas ros lachan á scrúdú ag foireann Brainwaves ag feirm ros lachan Mount Lucas.

agus na déiríochta sa sprioclimistéar a fheabhsú.

Comhpháirtithe: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Príomh-Chomhpháirtí) agus Ollscoil Aberystwyth Cistiú: €1.16m ó CFRE

Suirbhé á dhéanamh ag **Healthy Oats**

ar mheonta tomhaltóirí i leith táirgí coirce agus feidhmíocht gheirmplasma coirce i gcásanna reatha agus amach anseo chun cabhrú leis an tionscal táirgí nua a fhorbairt, tairbhí sláinte a léiriú, agus measúnú a dhéanamh ar conas is féidir leis an mbeartas táirgeadh táirgí inbhuanaithe coirce a chur chun cinn ar mhaithe le geilleagair na hÉireann agus na Breataine Bige.

Comhpháirtithe: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Príomh-Chomhpháirtí), Teagasc, Ollscoil Aberystwyth, Ollscoil Swansea. Cistiú: €2.18m ó CFRE.



Tá **SELKIE** ag bunú líonra trasteorann de FBManna fuinnimh aigéin agus cuideachtaí slabhra soláthair, ag tabhairt faoi



thionscadail chomhoibritheacha tionscail-acadúla T agus F, a dhéanann eolas T agus F a aistriú chuig an tionscal tonn agus taoide/ páirtithe leasmhara FBM chun an earnáil teicneolaíochta ina hiomláine a chur chun cinn. Comhpháirtithe: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Príomh-Chomhpháirtí), DP Energy Ireland Ltd., Gavin and Doherty Geosolutions, Ollscoil Swansea, Fóram Chósta Pembrokeshire, Menter Môn. Cistiú: €4.2m ó CFRE.

**Dwr Uisce**, a dhéanann inbhuanaitheacht fhadtéarmach an tsoláthair, na cóireála agus úsáid deiridh uisce a fheabhsú.

Comhpháirtithe: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Príomh-Chomhpháirtí) agus Ollscoil Bangor. Cistiú: €4.47m ó CFRE.



An tOllamh Aonghus McNabola. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus córas teiliméadrachta na samhla pólótaí Aisghabhál Teasa Uisce Draenach á dheisiú acu mar chuid de thionscadal Dwr Uisce, i gCaisleán Penrhyn, in Bangor i dTuaisceart na Breataine Bige.

Tá **CALIN** ag tacú le cláir thaighde agus forbartha do FBManna in earnáil na n-eolaíochtaí beatha.

Comhpháirtithe: Ollscoil Swansea (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Bangor, Ollscoil Caerdydd, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cistiú: €14.72m ó CFRE.



Bhí gliondar croí ar Fhoireann CALIN páirt a ghlacadh ina gcéad imeacht aghaidh ar aghaidh i Samhain 2021 ag Comhdháil Bhliantúil an IRDG in Éirinn, a thug cuideachtaí le chéile faoin téama Nuálaíocht Ghnó a Stiúradh.

**CATALYST** Tá sé mar aidhm ag CATALYST tacú

le gnólachtaí Éireannacha agus sa Bhreatain Bheag sna hearnálacha eolaíochtaí beatha agus bia agus dí chun saintáirgí nua a fhorbairt, taighde a dhéanamh ar mhargaí nua a bhaint amach agus pacáistiú táirgí a fhoinsítear go hinbhuanaithe agus atá íoslaghdaithe a chinntiú. Dúnadh an tionscadal in 2021.

Comhpháirtithe: Ollscoil na Breataine Bige-Trinity Saint David (Príomh-Chomhpháirtí), WRAP Cymru, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae Cheatharlach. Cistiú: €1.35 milliún ó CFRE.

**piSCES:** D'oibrigh Córas Fuinnimh Braisle Cliste leis an tionscal próiseála éisc chun costais oibriúcháin agus a lorg



carbóin a laghdú trí líonra leictreachais nua 'eangaí cliste' a fhorbairt agus a thástáil. Dúnadh an tionscadal in 2021. Comhpháirtithe: Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Caerdydd, Údarás Point Milford Haven, Bord Iascaigh Mhara. Cistiú: €1.8m ó CFRE.

**More than a Club:** D'oibrigh More than a Club le clubanna peile gairmiúla áitiúla in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag chun cabhrú le fiontair shóisialta neamhspleácha a bhunú a sholáthraíonn cláir nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shóisialta i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Dúnadh an tionscadal in 2019. Comhpháirtithe: Cumann Peile na hÉireann (Príomh-Chomhpháirtí), Vi-Ability. Cistiú: €1.03m CFRE.



Dhírigh **Tairseach Mhuirí Éireann** (Píolótach) ar staidéar a dhéanamh ar labrhaí óga sliogéisc agus ar thurnamh ghrinneall na farraige. Dúnadh an tionscadal in 2019. Comhpháirtithe: Ollscoil Bangor (Príomh-Chomhpháirtí), Bord Iascaigh Mhara. Cistiú: €1.1m ó CFRE..



Dhírigh **Bucanier** ar an acmhainn nuálaíochta a mhéadú laistigh de FBManna agus d'fhiontair shóisialta. Dúnadh an tionscadal in 2021. Comhpháirtithe: Comhairle Contae Pembroke (Príomh-Chomhpháirtí), Comhairle Contae Carmarthenshire, Comhairle Contae Loch Garman, Ollscoil Swansea, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Bord Iascaigh Mhara. Cistiú: €2.35m ó CFRE.





## Tosaíocht 2 - Oiriúnú Mhuir Éireann agus Pobail Chósta d'Athrú Aeráide

Tá **Acclimatize** ag imscrúdú thionchar an athraithe aeráide ar uiscí snámha agus ag forbairt teicneolaíochtaí, lena n-áirítear uirlisí tuartha cliste fíor-ama, chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce chun sláinte an duine agus an timpeallacht mhuirí a chosaint.

Comhpháirtithe: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Aberystwyth. Cistiú: €7.4m ó CFRE.



Tá sé mar aidhm ag CCAT (Pobail Chósta ag Gníomhú le Chéile) athléimneacht (cumas oiriúnaithe)



a fhorbairt i bpobail chósta a mbíonn tionchar díreach ag athrú aeráide orthu, saoránacht mhuirí agus aeráide a éascú, agus acmhainneacht réigiún Mhuir Éireann a bhaint amach trí phobail chósta a (ath)nascadh lena n-áit, a gcórais dhinimiciúla chósta agus leis an aeráid atá ag athrú.

Comhpháirtithe: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (Príomh-Chomhpháirtí), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Comhairle Contae Fhine Gall, Ollscoil Caerdydd, Fóram Cósta Pembrokeshire, Port Milford Haven. Cistiú: €1.3m ó CFRE.



*Zixiang Xu, UCD (ar Chlé) agus Uche Nwanu, Comhairle Contae Fhine Gall, Pleanáil Céimithe agus Straitéiseach (ar Dheis) agus páirt á glacadh acu i gceardlann chun aip réaltachta fíorúla a thástáil a forbraíodh i gcomhoibriú idir CCFG agus UCD mar chuid de CCAT. Tá an aip dírithe ar ardú leibhéil na farraige a shamhlú agus sonraí comhshaoil a thaispeáint.*

Tá sé mar aidhm ag **CHERISH** eolas agus tuiscint trasteorann a mhéadú ar na tionchair (san am a chuaigh thart, san am i láthair agus go luath amach



anseo) ar athrú aeráide, stoirmiúlacht agus teagmhais adhaimsire ar oidhreacht chultúrtha sceireacha, oileáin agus chinn tíre Mhuir Éireann.

Comhpháirtithe: Coimisiún Ríoga Shéadchomharthaí Ársa agus Stairiúla na Breataine Bige (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Aberystwyth, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Clár Discovery, Éire.

Cistiú: €4.9m ó CFRE.



*Baill foirne thionscadal CHERISH ag tabhairt faoi thochailt phobail ag Cuan an Chaoil i nDaingean Uí Chúis in 2021.*

Tá sé mar aidhm ag **BlueFish** tuiscint a fhorbairt ar an nascacht idir daonraí sliogéisc, éisc eite agus seadán agus pataiginí i Muir Éireann, agus conas a d'fhéadfaí an nascacht seo a athrú trí éifeachtaí tuartha athraithe aeráide ar an timpeallacht fhisiciúil, cheimiceach, agus bhitheach. Dúnadh an tionscadal in 2021. Comhpháirtithe: Ollscoil Bangor (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Swansea, Ollscoil Aberystwyth, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Foras na Mara, Bord Iascaigh Mhara. Cistiú: €5.3m ó CFRE.



Téann **ECHOES** i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide ar ghnáthóga éan cósta Mhuir Éireann trí thuiscint ar athrú aeráide a chur chun cinn, uirlisí a sholáthar chun monatóireacht, bainistíocht agus oiriúnú a dhéanamh ar a thionchair fhéideartha. Tá an tionscadal ag oibriú le páirtithe leasmhara na hÉireann agus na Breataine Bige, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil sé de chúram orthu gnáthóga cósta agus daonraí éan a bhainistiú agus daoine a bhfuil cónaí orthu laistigh den timpeallacht chósta nó a bhaineann taitneamh aisti. Comhpháirtithe: Ollscoil Aberystwyth (Príomh-Chomhpháirtí), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Compass Informatics, Iontaobhas Éaneolaíochta na Breataine agus Geo Smart Decisions. Cistiú: €2.6m ó CFRE. College Cork, Compass Informatics, British Trust for Ornithology and Geo Smart Decisions. Funding: €2.6m ERDF.



Tabharfaidh **STREAM** comhpháirtithe le chéile ar an dá thaobh de Mhuir Éireann chun próisis nua a fhorbairt chun costas breathnóireachta mara a ísliú agus chun an próiseas a bhaineann le sonraí a sholáthar d'eagraíochtaí lárnacha a luathú.



Comhpháirtithe: Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Swansea, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Cistiú: €4.3m ó CFRE.

Tá sé mar aidhm ag **ECOSTRUCTURE** feasacht a



*Chéad chruinniú i bpearsan fhoireann ECHOES na Breataine Bige ar an trá ag Ynys Las sa Bhreatain Bheag i Samhradh 2021*

mhúscailt ar réitigh éicea-innealtóireachta ar an dúshlán a bhaineann le hoiriúnú cósta don athrú aeráide trí uirlisí agus acmhainní inrochtana a chur ar fáil d'fhorbróirí agus do rialálaithe, bunaithe ar thaighde idirdhisciplíneach i réimsí na héiceolaíochta, na hinnealtóireachta agus na socheacnamaíochta.

Comhpháirtithe: Ollscoil Aberystwyth (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Swansea, Ollscoil Bangor, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cistiú: €4.88m ó CFRE.



### Tosaíocht 3 – Acmhainní Cultúrtha agus Nádúrtha agus Oidhreacht

**Ceangail Ársa a Athfhiosrú - na Naoimh:** rna naisc ársa idir pobail in Pembrokeshire agus Loch Garman a athbheochan trí úsáid a bhaint as oidhreacht chomhroinnte Naomh Dáibhí agus a dhalta/ protégé Naomh Aodhán. Is é Naomh Dáibhí éarlamh na Breataine Bige, agus déantar comóradh air in Eaglais Naomh Dáibhí agus tá dlúthbhaint ag Naomh Aodhán le Loch Garman, agus le Fearna, ach go háirithe. Tá de chuspóir an tionscadail an dá phobal a spreagadh a n-oidhreacht chomhroinnte a athfhiosrú, meantóireacht a dhéanamh ar a chéile, agus eolas, taithí agus scileanna a roinnt agus an oidhreacht chomhroinnte seo a úsáid le daoine a

mhealladh chuig an réigiún trasteorann, go sonrach Loch Garman agus Pembrokeshire, nach ndéanadh amhlaidh murach sin.

Comhpháirtithe: Comhairle Contae Loch Garman, Visit Wexford, Comhairle Contae Pembrokeshire, Údarás Pháirc Náisiúnta Chósta Pembrokeshire. Cistiú: €3.08m ó CFRE.

Scrúdaíonn **Ports, Past and Present** cultúir na limistéar



calafoirt i mBaile Átha Cliath, Ros Láir, Holyhead, Fishguard agus Duga Pembroke chun an oidhreacht seo a chur in iúl don phobal, laistigh de phobail chósta agus chun líon na gcuariteoirí a mhéadú agus eispéiris na gcuariteoirí a fheabhsú chun acmhainn phobail chósta a mhéadú chun a n-oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a úsáid mar thiománaí don bhorradh gilleagrach.


Comhpháirtithe: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Príomh-Chomhpháirtí), Comhairle Contae Loch Garman, Ollscoil Aberystwyth, Ollscoil na Breataine Bige-Trinity Saint David. Cistiú: €2.6m ó CFRE.

Tá **Celtic Routes** ag spreagadh cuairteoirí chun ceantair nua sa Bhreatain Bheag agus in



Éirinn a fhiosrú agus iad ag taisteal chuig a gceann scríbe turasóireachta deiridh trí mheallacht do chuairteoirí a fheabhsú trí chonairí nua a fhorbairt a nascann cultúr, oidhreacht áitiúil agus an timpeallacht nádúrtha. Má dhéantar ceantair nach bhfuil chomh cáiliúil sin a athrú ó chriosanna idirthurais go suíomhanna nua camchuarite, méadófar an t-am a chaitheann cuairteoirí sna réigiúin seo agus cuirfidh sé borradh faoi gheilleagair áitiúla.

Comhpháirtithe: Comhairle Contae Carmarthenshire (Príomh-Chomhpháirtí), Comhairle Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Comhairle Contae Ceredigion, Údarás Pháirc Náisiúnta Chósta Pembrokeshire. Cistiú: €1.59m ó CFRE.



*Rinneadh Fógra Teilifíse Celtic Routes a taispeánadh ar RTÉ, S4C agus ar chainéil éagsúla Sky i rith na seachtaine an 4 Márta 2021 a taispeáint nach mór 1,000 uair agus d'eascair méadú sásúil ar ár dtorthaí anailísíochta Google as. Faoi dheireadh 2021, bhí eolas éigin feicthe ag breis agus 66 milliún duine fud fad na cruinne faoi "Celtic Routes".*



Cuirfidh **LIVE** turasóireacht chun cinn ag baint úsáide as an tsamhail éiceamhúsaeim agus trí mhargaíocht chomhoibritheach ar shócmhainní caipitil nádúrtha agus cultúrtha chun turasóirí a thabhairt isteach sna réigiúin lasmuigh de bhuaicshéasúir traidisiúnta na turasóireachta, ag feabhsú na sochar socheacnamaíoch iarmhartach do na pobail chósta.

Comhpháirtithe: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Príomh-Chomhpháirtí), Ollscoil Bangor, Comhairle Contae Gwynedd, Comhpháirtíocht Forbartha Chiarraí Theas, Comhairle Contae Chiarraí, an tIonannas Náisiúnta. Cistiú: €2.66m ó CFRE

*Plé á dhéanamh ag Fiach Byrne agus Linda Lyne le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ar an bhfiadhúlra áitiúil le leanaí ó Scoil an Ghleanna, Uíbh Ráthach, Contae Chiarraí mar chuid de chuairt scoile ar Oibríocht LIVE in 2021.*

live



### **Chun teacht ar eolas faoin gClár, seol ríomhphost chuig:**

Samantha Richardson, Oifigeach Forbartha:

[srichardson@southernassembly.ie](mailto:srichardson@southernassembly.ie)

Breda Curran, Oifigeach Forbartha:

[bcurran@southernassembly.ie](mailto:bcurran@southernassembly.ie)

Tá Michael Buckley freagrach as an bhFoireann

Rialaithe Céadleibhéil: [flc@southernassembly.ie](mailto:flc@southernassembly.ie)



# Interreg VB: Comhoibriú Trasnáisiúnta

## Interreg Iarthuaisceart na hEorpa

Cothaíonn Clár Interreg Iarthuaisceart na hEorpa (ITE) comhar trasnáisiúnta chun príomhimreoir eacnamaíoch agus áit tharraingteach le bheith ag oibriú agus ag maireachtáil ann, ina bhfuil leibhéil arda nuálaíochta, inbhuanaitheachta agus chomhtháthaithe, d'Iarthuaisceart na hEorpa.

Tacaíonn Interreg ITE le comhar thar theorainneacha in ocht dtír in Iarthuaisceart na hEorpa: Éire, an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, Lucsamburg, an Eilvéis, cuid den Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír. Caithfidh comhpháirtithe ó 3 tír dhifriúla a bheith páirteach i dtionscadail agus cur chuige comhpháirteach a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheisteanna coitianta. Is í an aidhm na difríochtaí i measc réigiún a laghdú agus an leibhéal feidhmíochta foriomlán a ardú ar fud an cheantair iomláin.


Ó 2014 i leith, cistíodh 102 tionscadal arbh fhiú suim iomlán €376 milliún iad, agus chistigh an AE 60% díobh, 44 tionscadal ina measc a cistíodh faoin téama Nuálaíochta; 35 tionscadal faoi Ísealcharbón; agus 23 tionscadal faoi Acmhainn agus éifeachtúlacht ábhar. Tugadh cuireadh do thionscadail a raibh cur chuige nuálach acu i leith éifeachtaí fadtéarmacha a gcuid oibre a chinntiú freisin chun iarratas a dhéanamh ar chistiú "caipitlithe" in 2020 agus 2021.

## Tréimhse Nua Chláir 2021-27

Thosaigh Interreg Iarthuaisceart na hEorpa tús foirmiúil leis an bpróiseas atá dírithe ar chlár nua a dhearadh (2021-27) ag deireadh 2019. D'ullmhaigh toscaireachtaí



## North-West Europe



ó gach tír a bhí bainteach i gClár ITE amach anseo Clár Interreg d'Iarthuaisceart na hEorpa le chéile lena chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Cuirtear léargas ginearálta ar fáil i ndrúachtphlean Interreg ar na tosaíochtaí cistithe agus na cuspóirí ar leith. Tá an cháipéis mar thoradh ar phlé idir na seacht dtír chomhpháirtí agus tá sí ailínithe leis na rialacháin Bheartais Chomhtháthaithe Eorpacha don tréimhse 2021-27, thug cuibhreannas sainchomhairleoirí seacht tracha faoi anailís SWOT don chlár amach anseo agus bainfear ionchur ó Mheasúnacht Straitéiseach ITE chomh maith le haiseolas a seoladh chuig Clár ITE trí chomhairliúchán le páirtithe leasmhara a thit amach go luath in 2021. Déanfaidh an CE measúnú ar an gcáipéis agus tá súil leis go gceadóidh sé Clár Interreg Iarthuaisceart na hEorpa 2021-27 go foirmiúil faoi lár 2022.

| Priority 1<br>Climate and environment                                                   | Priority 2<br>Energy transition                                             | Priority 3<br>Circular economy                                                  |
|-----------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------|
| SO 2.7<br>Enhancing nature protection, biodiversity and reducing all forms of pollution | SO 2.1<br>Promoting energy efficiency and reducing greenhouse gas emissions | SO 2.6<br>Promoting the transition to a circular and resource efficient economy |
| SO 2.4<br>Promoting climate change adaptation and disaster risk prevention resilience   | SO 2.2<br>Promoting renewable energy                                        |                                                                                 |

| Priority 4<br>Innovation and resilience                                                                           | Priority 5<br>Inclusive society                                                                                                                                                                 |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| SO 1.1<br><br>Developing and enhancing research and innovation capacities and the uptake of advanced technologies | SO 4.1<br><br>Enhancing the effectiveness and inclusiveness of labour markets and access to quality employment through developing social infrastructure and promoting social economy            |
|                                                                                                                   | SO 4.5<br><br>Ensuring equal access to healthcare through developing infrastructure, including primary care, and promoting the transition from institutional to family and community-based care |
|                                                                                                                   | SO 4.6<br><br>Enhancing the role of culture and sustainable tourism in economic development, social inclusion and social innovation                                                             |

## Amfhráma agus Díriú Téamach

Tugtar cuntas thíos ar an amlíne mheasta don chéad ghlaio le tograí; tá súil leis, má fhaightear ceadú an Choimisiúin, gur féidir tionscadail nua a cheadú faoi dheireadh 2022 agus go dtitfidh na chéad dátaí tosaithe tionscadail amach i bhFeabhra 2023. Bhí dréachtcháipéis Chlár Interreg ar fáil ar láithreán gréasáin an chlár ó Dheireadh Fómhair 2021 agus tugtar cuntas inti ar na cúig thosaíocht a bhfuil ar Chlár ITE amach anseo díriú orthu: An Aeráid agus an Comhshaol, Aistriú Fuinnimh, an Geilleagar Ciorclach, Nuálaíocht agus Athléimneacht, agus Sochaí lonchuimsitheach. Tá cuspóirí ar leith ann laistigh de gach limistéar tosaíochta a chuirfidh le baint amach na dtosaíochtaí siúd.

## Glaio Caipitlithe 2021

Díríonn tionscnamh caipitlithe an Chláir ar chomhpháirtíochtaí tionscadail atá ann cheana féin a bhfuil bunús láidir acu le gníomhaíochtaí breise agus a mbíonn breisluach suntasach ag baint le leanúint den chomhar. Eascraíonn tionscnaimh chaipitlithe ó thionscadail rathúla a fheidhmíonn go maith, a chuireann le torthaí atá ann cheana (réamh-mheasta nó gan choinne) a bhfuil acmhainneacht láidir acu go nglacfar níos fairsinge leo agus go dtabharfar isteach níos fairsinge iad ar fud ITE - agus sa chuid eile den AE, b'fhéidir. Anuas ar ocht dtionscadal ar a bhfuil luach €3.8 milliún, cistí breise CFRE a ceadaíodh do ghníomhaíochtaí caipitlithe in 2020; ceadaíodh 25 ceann eile in 2021, a mhéadaigh an infheistíocht iomlán i gcaipiteal aníos go €33.6 milliún.

Caitear le hidrigin mar phríomhionstraim i dtaobh chuspóirí Chomhaontú Glas an AE a shásamh agus is tionscadal é GenComm - Pobail atá slán ó thaobh fuinnimh de a



ghiniúint - a gcuirtear cistiú €9.39 milliún ar fáil dó, agus a bhain tairbhe as cistiú caipitlithe a soláthraíodh le déanaí.

Tá mar aidhm ag GenComm dul i ngleic le dúshlán inbhuanaitheachta fuinnimh i bpobail in Iarthuaisceart na hEorpa trí mhaitris fuinnimh chliste hidriginbhunaithe a chur i bhfeidhm. Is í sprioc dheiridh an tionscadail, trí mheascán d'fhoinsí agus d'fhoirmeacha éilimh, aistear ITE chun na hinbhuanaitheachta a stiúradh agus caitheamh le hidrigin, i dturas an ama, mar mheán fuinnimh atá inmharthana ó thaobh cúrsaí tráchtála de don todhchaí.

Bronnadh breis agus €1.1 milliún de chistiú breise ar an tionscadal chun caipitliú ar an obair thábhachtach a rinneadh go dtí seo, trí dhíriú ar hidrigin ghlas a fhoinsítear go háitiúil san earnáil iompair phoiblí. Le leanúint leis an aistear H2 Glas, glacadh le comhpháirtithe nua chun triail phíolótach a bhaint as torthaí a thabhairt isteach agus a glacadh leo agus iad a neartú ar fud Iarthuaisceart na hEorpa agus baineadh comhtháthú breise ar fud na hEorpa amach i gcomhthráth agus ghlac comhpháirtithe breise páirt sa tionscadal mar chomhpháirtíocht chúnta agus chomhlach agus a chuireann le Fóram Hidrigine an Phobail (CH2F).

Tá conairí tráchtarráithe á bhforbairt ag GenComm do hidrigin ghlas, tá smaointeoireacht fuinnimh á hathdhearadh aige, tá scálú tionscadal á chumasú aige agus tá eolas á sholáthar aige do ról níos uailmhianáí do hidrigin inár dtodhchaí fuinnimh. Chuir seó raidió Newstalk agallamh ar an Dr Ruairí Monaghan, Comhpháirtí GenComm - Léachtóir le hinnealtóireacht córais fuinnimh ag OÉ, Gaillimh i Lúnasa agus sholáthair sé caint TedX i Samhain 2021, a dhírigh ar conas is féidir le hidrigin ghlas bheith mar réiteach d'Iarthar na hÉireann ar fhadhb dhomhanda.



A chaint á sholáthar ag an Dr Ruairí Monaghan, Comhpháirtí Tionscadail GenComm - Léachtóir le hinnealtóireacht córais fuinnimh ag OÉ, Gaillimh agus a chaint á soláthar aige ar Hidrigin Ghlas a bheith ina réiteach d'iarthar na hÉireann ar fhadhb dhomhanda.

Tionscadal WOW! - Deiseanna gnó níos fairsinge d'amhábhair ó Fhuíolluisce (camras) - is cuibhreannas idirnáisiúnta comhpháirtithe ón Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Bheilg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Fhionlainn, Éire, agus an Ísiltír é seo. Tá acmhainn substaintí luachmhara atá i gcamras á saothrú ag an ngrúpa nuálach saineolaithe seo, ar féidir iad a úsáid mar amhábhair do tháirgí bithbhunaithe.

Lorgaíonn an tionscnamh caipitlithe dhá tháirgeadh a ghlacadh, polaihiodrocsalcanóait (PHA) agus carbón gníomhachtaithe a bhaintear as ceallalós, agus iad a aistriú níos faide i dtreo a bheith ullamh don mhargadh. Tá an t-aschur dírithe ar PHA a bhaint ó fhuíolluisce tionsclaíoch agus pacáistiú clóite 3D a tháirgeadh uaidh, agus carbón gníomhachtaithe a úsáid chun micreathruailleán a bhaint. Cabhróidh na torthaí le slabhraí breisluacha ciorclacha nua a fhíorú. Is éard a bheidh sna torthaí ná slabhraí breisluacha nua do tháirgeadh PHA trí úsáid a bhaint as sruthanna fuíolluisce thionsclaíoch, agus do charbón gníomhachtaithe ó cheallalós a úsáidfear chun micreathruailleán a bhaint. Áirítear leis an gcur chuige sínte seo, a chistítear le €659,000 breise, comhpháirtithe Éireannacha ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### Fáiltíonn comhpháirtithe ar fud an phláinéid Tionscnamh Athchóirithe Tailte Portaigh na hÉireann

Oibríonn Tionscadal Care-Peat Interreg Iarthuaisceart na hEorpa chun acmhainn stórála carbóin na saghsanna éagsúla tailte portaigh in Iarthuaisceart na hEorpa a athchóiriú trí theicnící agus straitéisí socheacnamaíocha nua a fhorbairt ar mhaithe le laghdú carbóin.



Foireann Care-Peat ag an bPaillíun Talamh Phortaigh ag COP26, Glaschú, Samhain 2021.  
© Niall Ó Brolcháin

Deir an taighdeoir in OÉG Niall Ó Brolcháin, "Cruthaíonn Tailte Portaigh a Athchóiriú an deis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a mhéid le 5% go domhanda, agus tá tionchar féideartha i bhfad níos mó aige in Éirinn. D'fhéadfadh seo tairbhe ollmhór a chruthú do cheantar tuaithe na hÉireann agus don phobal feirmeoireachta má láimhseáiltear i gceart é. I bhfrinne, is dócha gurb é seo an deis aonair is mó d'Éirinn le hastaíochtaí a laghdú go tapa, mar gheall gur móin atá i gceist le thart ar an gcúigiú cuid den achar talún. Baineann olltábhacht leis seo d'Éirinn mar gheall go n-aithnítear talamh ar caitheadh léi mar thalamh phortaigh i dtráth den saol anois mar shócmhainn náisiúnta mhór. Baintear siar as go leor daoine nuair a chuirtear in iúl dóibh gur gnách go mbíonn ceithre huaire níos mó carbóin i heicteár de thalamh phortaigh atá i heicteár d'fhorais thrópaiceach bháistí. Bainfidh níos mó tábhachta le talamh phortaigh i gcónaí agus, go deimhin, is luachmhaire a éireoidh sí, de réir mar a dhruideann 2050 agus ár sprioc linn de bheith neodrach ó thaobh carbóin."

Is an-tráthúil don tionscadal mar gheall gurbh é 2021 an bhliain ina seoladh Bille nua um Ghníomhú ar son na hAeráide d'Éirinn, in aghaidh cúla beartais Straitéis Bhithéagsúlachta an AE 2030 agus Chomhaontú Glas an AE, anuas ar COP26, a thugadh chun solais tábhacht an athraithe aeráide agus chaillteanais bithéagsúlachta go domhanda.

### Eolas Breise ar Interreg ITE in Éirinn

Sarah Davoren, an Pointe Teagmhála Náisiúnta:  
sdavoren@southernassembly.ie;  
Rialú Céadleibhéil: flc@southernassembly.ie  
Láithreán gréasáin: [www.nweurope.eu](http://www.nweurope.eu)



## Interreg Limistéar an Atlantaigh

Cuireann Limistéar an Atlantaigh comhar trasnáisiúnta chun cinn i measc 36 réigiún Atlantach i gcúig thír Eorpacha in Éirinn, iarthar na RA, an Phortaingéil agus réigiúin chósta ainmnithe na Spáinne agus na Fraince. Tá buiséad iomlán €185 milliún aige agus is é cuspóir foriomlán an Chláir réitigh a chur i bhfeidhm chun dúshlán réigiúnacha a shárú i limistéir na nuálaíochta, na héifeachtúlachta acmhainní, an chomhshaoil, agus cosaint sócmhainní cultúrtha, chun caighdeán níos fearr na beatha a chruthú i gcríoch Limistéar an Atlantaigh.

Tá ceithre thosaíocht ag an gClár faoina bhfeidhmíonn tionscadail:

1. Nuálaíocht agus lomaíochas a Spreagadh
2. Éifeachtúlacht acmhainní a chothú
3. Athléimneacht na críche i leith rioscaí a bhaineann le bunús nádúrtha, aeráide agus daonna a neartú
4. Bithéagsúlacht agus na sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha a fheabhsú

Suíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an Chláir agus is é an Rialaitheoir Céadleibhéil ainmnithe é freisin maidir le héilimh íocaíochta ó chomhpháirtithe atá lonnaithe i Réigiún an D agus O.

Níor leithdháileadh aon chistiú nua ar thionscadail faoi Chlár 2014-20 i rith 2021, ach thit glao ar shíntí a chur le tionscadail amach agus fógrófar iad siúd a cheadófar in 2022.

Tá clár nua 2021-27 á ullmhú ag tascfhórsa, agus le hionadaithe ó Bhallstáit an chláir (an Phortaingéil, an Spáinn, Éire, an Fhrainc), Údarás Bainistíochta, Comhrúnaíocht, agus an Coimisiún Eorpach. Rinne Uachtaránacht na hÉireann cathaoirleacht in 2021 ar chruinnithe an Choiste Monatóireachta i gcomhoibriú



leis an Údarás Bainistíochta. Tá an Tascfhórsa ag casadh ar a chéile go rialta le tosaíochtaí téamacha agus leithdháileadh an chiste a shainiú. Thit Comhairliúchán Poiblí amach ar Chlár Limistéar an Atlantaigh 2021-27 i rith Márta 2021.

### Chun teacht ar eolas breise

An Pointe Teagmhála Náisiúnta: [info@nwra.ie](mailto:info@nwra.ie)

Láithreán gréasáin: [www.atlanticarea.eu/](http://www.atlanticarea.eu/)

## Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach

Tá comhoibriú idir naoi dtír i gceist le Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach a bhfuil na dúshláin céanna rompu agus a bhfuil na deiseanna céanna acu ar fearr ar féidir iad a shárú agus a fhíorú trí chomhoibriú trasnáisiúnta. Tá de chuspóir ag an gclár cuidiú le pobail bheoga, iomaíocha agus inbhuanaithe a ghiniúint, trí leas a bhaint as an nuálaíocht, an acmhainn fiontraíochta a leathnú, agus tionscnaimh agus deiseanna fáis uathúla réigiúin an Tuaiscirt agus an Artaigh a thapú ar bhealach atá tíosach ar acmhainní.

Tá ceithre thosaíocht ag an gClár faoina bhfeidhmíonn tionscadail:

1. Nuálaíocht
2. Fiontraíocht
3. Athnuaiteáin agus Éifeachtúlacht Fuinnimh
4. Oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn

Suíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an Chláir agus is é an Rialaitheoir Céadleibhéil ainmnithe é maidir le héilimh íocaíochta ó chomhpháirtithe atá lonnaithe i Réigiún an D agus O.

Thit an chéad imeacht hibrídeach don FTA amach an 27 Deireadh Fómhair 2017 inar sholáthair 150 rannpháirtí an deis chun plé a dhéanamh ar an meon athraitheach i leith an fhorimill i dtaobh bealaí oibre, maireachtála, seirbhísí a sholáthar agus cinnteoireachta san Fhorimeall Thuaidh agus san Artach. Tháinig na tairbhí a bhaineann le comhoibriú ar fud réigiúin Artacha/ i ngar don Artach chun solais chomh maith, a léiríonn conas a ghlacann malartú eolais agus saineolais idir na réigiúin príomhról chun acmhainn freagartha agus ullmhacht don todhchaí a fhorbairt.


Seoladh Glao Eachtarshuímh i Lúnasa 2021 inar éirigh le heagraíochtaí Éireannacha cistiú a fháil do 15 thionscadal bhreise ar fiú breis agus €1.2m iad. Tá réimse spriocanna nuálacha ag na tionscadail, idir rogha ar phlaisteach a dhéanamh de dhramhaíl mhuirí, réaltacht bhreisithe agus fhíorúil a úsáid chun láithreáin chultúir agus oidhreacht do mhúsaeim a atógáil agus a athchóiriú go digiteach. Tionscadail ullmhúcháin iad tionscadail eachtarshuímh a chistíonn an clár reatha (2014-2020), a dhíríonn ar phríomhthionscadail sa chlár amach anseo.

Interreg



Co-funded by  
the European Union

### Northern Periphery and Arctic



Leanadh le hullmhúcháin maidir leis an gclár nua faoi threoir Ghrúpa Pleanála an Chláir, ina raibh ionadaithe náisiúnta agus réigiúnacha ó 7 dtír chláir agus breathnóirí ó Ceanada, an Rúis, NORA, agus Rúnaíocht phobal dúchais na Comhairle Artaí. Críochnaíodh comhairliúchán poiblí go luath sa bhliain ar na dréacht-tosaíochtaí. Cheadaigh an Coiste Scáthfhaireacháin 21-27 cáipéis Chlár Comhoibrithe an 8 Meitheamh 2021.

#### Chun teacht ar eolas breise:

An Pointe Teagmhála Náisiúnta: [info@nwra.ie](mailto:info@nwra.ie)

Rialú Céadleibhéil:

[flc@southernassembly.ie](mailto:flc@southernassembly.ie) / [info@nwra.ie](mailto:info@nwra.ie)

Láithreán gréasáin: [www.interreg-npa.eu](http://www.interreg-npa.eu)

# Interreg VC: Comhoibriú Idir-Réigiúnach

## Interreg na hEorpa

Cuidíonn Interreg na hEorpa le rialtais réigiúnacha agus áitiúla ar fud na hEorpa beartas níos fearr a fhorbairt agus a sholáthar.

Trí thimpeallacht agus deiseanna a chruthú chun réitigh a roinnt, tá sé mar aidhm ag an gClár a chinntiú go mbeidh tionchar comhtháite agus inbhuanaithe ar dhaoine agus ar áit mar thoradh ar iarrachtaí infheistíochta, nuálaíochta agus cur chun feidhme an rialtais. Déanann an Clár cómhaoiniú ar thionscadail a ligeann d'údarais phoiblí réigiúnacha agus áitiúla agus imreoirí eile a bhfuil ábharthacht réigiúnach acu ar fud na hEorpa cleachtais agus smaointe a mhalartú ar an mbealach a oibríonn beartais phoiblí agus ar an gcaoi sin réitigh a fháil chun a straitéisí a fheabhsú dá saoránaigh féin. Chomh maith le tionscadail rialta, déantar ardáin foghlama beartais a chómhaoiniú freisin.

Tá ceithre thosaíocht ag an gClár faoina bhfeidhmíonn tionscadail:

1. Taighde agus Nuálaíocht
2. Iomaíochas FBM
3. Geilleagar Ísealcharbóin
4. Éifeachtacht Chomhshaoil agus Acmhainní



Is pointe teagmhála é Tionól Réigiúnach an Deiscirt do réigiún D agus O na hÉireann agus déanann sé ionadaíocht do Bhallstát na hÉireann ar Choiste Faireacháin an Chláir. Is é an Tionól na Rialaitheoirí ainmnithe Céadleibhéil freisin maidir le gach éileamh íocaíochta ó chomhpháirtithe atá lonnaithe sa Réigiún D agus O.

## Nuashonrú ar Chlár 2021-2027

Chun ullmhú don chlárthréimhse 2021-27, bunaíodh clárchoiste chun an próiseas a thiomáint go foirmiúil chun cinntí foirmiúla a dhéanamh ar chruth agus ar fhormaid Interreg nua na hEorpa. Cuimsítear sa choiste toscarí ó 29 stát comhpháirtíochta ag a bhfuil breathnóir ón gCoimisiún Eorpach, Údarás Bainistíochta an Chláir agus an Chomhrúnaíocht. Cuireadh an Dréachtchlár amach chun Comhairliúchán Poiblí in Aibreán 2021 agus fuarthas aighneachtaí a chabhraigh leis an dréacht deiridh a mhúnlú a chuirfear faoi bhráid Choimisiún an AE sa chéad leath de 2022. Seo thíos liosta d'eagraíochtaí ó Réigiún an Deiscirt a bhfuil páirt á glacadh acu i dtionscadail chomhchistithe.

| Eagraíocht Rannpháirteach                                           | Tionscadail Rannpháirteacha                                      |
|---------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------|
| Tionól Réigiúnach an Deiscirt                                       | Cathair Ghorm Ghlas, COHESION, EMPOWER, FIRESPO, MARIE, MATCH-UP |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann                                    | SUPER, SWARE, FBManna Tuaithe                                    |
| Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge                         | Local Flavours                                                   |
| Comhairle Cathrach Chorcaí                                          | INTENSIFY, Innova Foster, Cult-CreaTE                            |
| Comhairle Contae Chorcaí                                            | Delta Lady, FBManna Cinn Scríbe                                  |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh                                    | Delta Lady                                                       |
| Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí                                  | SILVER SMEs, ecoRIS3, FOUNDATION                                 |
| Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí                                  | iEER                                                             |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | GPP4Growth                                                       |
| Cumann Tráchtála Chorcaí                                            | RATIO                                                            |
| Comhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann                  | CRAFTS CODE                                                      |

An Pointe Teagmhála i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir: David Kelly, [dkelly@southernassembly.ie](mailto:dkelly@southernassembly.ie)  
Rialú Céadleibhéil:  
[flc@southernassembly.ie](mailto:flc@southernassembly.ie) / [info@nwra.ie](mailto:info@nwra.ie)  
Láithreán gréasáin: [www.interregeurope.eu/](http://www.interregeurope.eu/)



# Cláir Chomhair Chríochoigh Eorpaigh eile

## URBACT III



Tá sé mar aidhm ag URBACT III a chur ar chumas cathracha oibriú le chéile agus réitigh chomhtháite a fhorbairt ar dhúshlán chomhchoiteanna uirbeacha, trí líonrú, foghlaim ó eispéiris a chéile, foghlaim ó cheachtanna agus dea-cheachtais a aithint chun beartais uirbeacha a fheabhsú ar fud na 27 Ballstát, an Iorua agus an Eilvéis.

Bhí buiséad incháilithe iomlán €96.3 milliún ag an gclár agus maoinítear é trí Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa. Tá ceithre phríomhchuspóir ag URBACT III:

1. Cumas chun Soláthar Beartais
2. Dearadh Beartais
3. Cur i bhFeidhm Beartais
4. Eolas a Fhorbairt agus a Roinnt

Is é Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre an Pointe Teagmhála Náisiúnta do URBACT III. Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an Rialú Céadleibhéil ainmnithe d'éilimh íocaíochta ó chomhpháirtithe i Réigiún an D agus O.

Cheadaigh URBACT 13 thionscadal arbh fhiú thart ar €6 milliún iad ó CFRE in 2021. Ceadaíodh trí thionscadal le comhpháirtithe Éireannacha: Spriocanna Domhanda do Chathracha (Global Goals for Cities) (Baile Átha Troim, Contae na Mí), an Dara Tonn de RU:RBAN (Baile Cheatharlach, Contae Cheatharlach), agus Playful Paradigm (Cathair Chorcaí).

### Chun teacht ar eolas breise

An Pointe Teagmhála Náisiúnta: [urbactireland@emra.ie](mailto:urbactireland@emra.ie)  
Rialú Céadleibhéil: [flc@southernassembly.ie](mailto:flc@southernassembly.ie)  
Láithreán gréasáin: [www.urbact.eu](http://www.urbact.eu)

## ESPON 2020



Tá sé mar aidhm ag Clár ESPON 2020 gné chríoachach Eorpach i bhforbairt agus i gcomhoibriú a chur chun cinn agus a chothú trí fhianaise, aistriú eolais agus foghlaim beartais a sholáthar d'údaráis phoiblí agus do ghníomhaithe beartais eile ar gach leibhéal.

Is é cuspóir an Chláir tacú le neartú éifeachtacht Bheartas Comhtháthaithe an AE agus beartais agus clár earnála eile faoi Chistí Infheistíochta Struchtúraí na hEorpa, chomh maith le beartais náisiúnta agus réigiúnacha chríoachacha, trí fhianaise chríoachach a tháirgeadh, a scaipeadh agus a chur chun cinn a chumhdaíonn 28 Ballstát an AE, chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

Cúig chuspóir shonracha a threoraíonn cur chun feidhme ESPON 2020:

1. Táirgeadh feabhsaithe fianaise críoachaí trí thaighde feidhmeach agus anailís,
2. Aistriú eolais uasghrádaithe agus úsáid tacaíocht úsáideora anailíseach,
3. Breathnóireacht chríoachach agus uirlisí feabhsaithe le haghaidh anailís chríoachach,
4. For-rochtain níos leithne agus glacadh le fianaise chríoachach,
5. Forálacha cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí agus cúnamh clár níos inniúla

Is é an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil in Ollscoil Mhá Nuad an Pointe Teagmhála do ESPON 2020. Suíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar Choiste Monatóireachta an Chláir.

### Chun teacht ar eolas breise:

uachtarlís í Caroline Creamer an Pointe Teagmhála:  
Ríomhphost: [caroline.creamer@nuim.ie](mailto:caroline.creamer@nuim.ie)  
Láithreán gréasáin: [www.espon.eu](http://www.espon.eu)

## 8. TIONSCADAIL AN AE

Glacann Tionól Réigiúnach an Deiscirt páirt mar chomhpháirtí tionscadail ar sé thionscadal AE, iad uile páirtmhaoinithe trí Chlár Interreg na hEorpa ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Pléann gach tionscadal ábhar a bhaineann le Réigiún an Deiscirt.



### Cathair Ghorm Ghlas

Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an comhpháirtí Éireannach do Chathair Ghorm Ghlas. Thosaigh an tionscadal i Lúnasa 2019 agus tá buiséad iomlán €1.3m aige idir 9 gcomhpháirtí Eorpacha.

Áirítear leis comhpháirtithe ón bhFrainc, an Chróit, an Ghearmáin, an Ungáir, an tSualainn, an RA, an Iodáil, agus an Rómáin. Is é Metropolis Nice Côte d'Azur an Príomh-Chomhpháirtí, atá bunaithe in Nice, an Fhrainc.



Tá Bonneagar Gorm agus Glas (BGG) agus Réitigh Dhúlraibhuanaithe (RDB) ina bpríomhchuid de limistéir tharraingteacha a dhéanamh. Tá comhfhorbairt áite, ar féidir é a fheabhsú trí BGG agus RDB, ina phríomhghné d'fhorbairt fiontraíochta. Tá comhfhorbairt áite ina fócas suntasach beartais don Chreat Náisiúnta Pleanála (an CNP) agus don Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (an SRSE) do Réigiún an Deiscirt.

Ní sholáthróidh BGG agus RDB tairbhí dúinn ach amháin má dhéanaimid pleanáil ghníomhach, comhordú agus comhoibriú chun a chinntiú go n-úsáidtear iad ar bhealach inbhuanaithe. Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ag oibriú, ar an ábhar sin, le raon leathan páirtithe leasmhara chun a chinntiú go mbainfear an úsáid seo as, má bhainfear amach é. Mar shampla, caitheann Uisce Éireann leis an gcomhoibriú seo mar bhealach chun srianta ar líonraí draenála comhcheangailte do cheantair uirbeacha a mhaolú. Ceapann Uisce Éireann gur bealach éifeachtach iad Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) chun an aidhm seo a bhaint amach. Tá spreagadh na n-údarás áitiúil leathan ach áirítear leis go ginearálta sláinte agus folláine, comhfhorbairt áite, bithéagsúlacht, cáilíocht an uisce (i measc rudaí eile).

Anuas air sin, luaitear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (an SRSE) gur cheart go mbeadh BGG agus RDBanna ina phríomhchoincheap de Phlean Forbartha údaráis áitiúil, a chuireann eolas ar fáil do ghníomhartha agus do straitéis maidir le forbairt gheilleagrach agus comhfhorbairt áite.

### Dea-Chleachtais Idirnáisiúnta


of the Blue Green City partners. They have developed Tá **Växjö sa tSualainn** ar cheann de chomhpháirtithe na Cathrach Goirme Glaise. D'fhorbair siad ionstraimí beartais suimiúla lena n-áirítear Struchtúr Glas agus tá siad tar éis aghaidh a thabhairt ar sprioc agus í a bhaint amach le bheith ar cheann de na cathracha is glaise san Eoraip ó 2007. In 2018, bhuaigh Växjö an duais Eorpach um Dhuilleoga Glasa.



D'fhorbair Växjö **"Sráideanna Inchónaithe - Lámhleabhar de Chórais Ghorma-Liatha-Ghlasa"** ("Livable Streets - A Handbook of Bluegreengrey Systems"). Forbraíodh an lámhleabhar seo chun córais a léiriú do thimpeallachtaí uirbeacha ina n-oibríonn feidhmeanna gorma, glasa agus liatha le chéile san áit agus sa spás céanna.

Déanann córais mar seo ualaí tráchta a bhainistiú, sreafaí uisce stoirme, truailliú, athléimneach i gcoinne athrú aeráide agus ag an am céanna soláthraíonn siad méideanna flaithiúla spáis faoi thalamh don fhásra. Leis an modh seo, is féidir le hachar dromchla beag ilfheabhsuithe a sholáthar ar chostas níos ísle ná má thugtar aghaidh ar leithligh ar na feidhmeanna céanna. Tá sé seo an-infheidhme maidir le Réigiún an Deiscirt agus tá sé mar aidhm ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt an Dea-chleachtas seo a úsáid chun an SRSE a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Úsáideann **Dearadh le Cúnamh Ainmhithe (AAD)** in Ingolstadt, an Ghearmáin saolré 'speicis' chun pleanáil agus caomhnú spáis oscailte a fheabhsú. Is é



Sampla de AAD in Schumacher Quartier, Beirlín.

bunsmaoineamh AAD láithreachta ainmhithe a áireamh sa phróiseas pleanála, sa chaoi is gur cuid dhílis den dearadh iad. Maidir le AAD, roghnaítear na speicis atá ag teastáil ag tús tionscadail. Ní amháin go leagann ceanglais an sprioc-speicis coinníollacha creata don dearadh, ach is inspioráid don dearadh féin iad freisin. Is í aidhm AAD daonra seasmhach a bhunú ar shuíomh an tionscadail nó cur le fás daonra speiceas trí ghnáthóga níos mó. Mar sin, ceadaíonn AAD teaghlaim de dhea-dhearadh uirbeach le caomhnú speiceas.

Seachnaíonn spriocspeicis le haghaidh AAD ag tús an phróisis phleanála an choimhlint idir dearadh spásanna glasa uirbeacha agus caomhnú. Seachnaíonn sé an choimhlint seo trí chuid dhílis de dhearadh tionscadail a dhéanamh de riachtanais ghnáthóige na spriocspeiceas, caomhnú speiceas agus an próiseas pleanála a ailíniú, gan mhoill leis an bpróiseas pleanála agus gan aon ábhar iontais a bheith ann.

Aithníonn cur chuige AAD go gcaithfear bithéagsúlacht a phríomhshruthú i straitéisí pleanála reatha chun bonneagar glas agus gorm a chruthú, chun réitigh a fháil a rachaidh chun leasa daoine agus speicis eile ag an láithreán forbartha céanna. Ní hamháin go gcosnóidh sé seo an bithéagsúlacht atá i láthair pleanála, ach cruthóidh sé gnáthóga nua nach mbeadh ann murach sin. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach agus infheidhme maidir le Ceantair Chathracha Réigiún an Deiscirt agus Príomhbhailte chun cuspóirí uailmhianacha beartais RSES a bhaint amach a bhaineann le déanamh áite agus Athléimneacht Aeráide.

### Plean Gníomhaíochta

Cruthaíodh Plean Gníomhaíochta don tionscadal a fhoilseofar ar láithreán gréasáin an Tionóil in 2022. Tá de chuspóir an phlean dul i ngleic le saincheistanna i dtaca le BGG agus RDBanna a chur i bhfeidhm inár Réigiún. Tá de chuspóir aige freisin monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcoincheapa seo i gcáipéisí beartais ar fud an Réigiúin.

### Chun teacht ar eolas breise faoin gCathair Ghorm Ghlas, seol ríomhphost chuig:

Bryan Riney: [briney@southernassembly.ie](mailto:briney@southernassembly.ie)


Rob Fennelly: [rfennelly@southernassembly.ie](mailto:rfennelly@southernassembly.ie)

Dominic Walsh: [dwalsh@southernassembly.ie](mailto:dwalsh@southernassembly.ie)

Láithreán gréasáin: [www.interregueurope.eu/bluegreencity](http://www.interregueurope.eu/bluegreencity)

Tá Cathair Ghorm Ghlas páirtchistithe ag Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

### MATCH-UP



Díríonn MATCH-UP ar bharrfheabhsú na n-áiteanna ina n-athraíonn daoine idir modhanna iompair.



Tá sé mar aidhm ag MATCH-UP feabhsuithe a bhaint amach san idirmhalartú idir 4 phríomhchineál iompair ísealcharbóin (siúl/rothaíocht; iompar iarnróid; iompar poiblí; feithiclí glasa).

Tá ceithre réigiún Eorpacha sa chomhpháirtíocht - Deisceart agus Oirthear na hÉireann, Contae Northeim, an Ghearmáin, Bardas Funchal, an Phortaingéil agus Bardas Timisoara, an Rómáin, iad uile ag oibriú le chéile chun taithí, réitigh, agus dea-chleachtas a roinnt chun beartas poiblí níos fearr a fhorbairt agus a sholáthar chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus tacú le soghluaisteacht uirbeach ísealcharbóin in ionaid uirbeacha ainmnithe.

### Glór na nÓg: Páirt a Ghlacadh sa Chomhrá ar Iompar Inbhuanaithe i bPort Láirge

Bhí gliondar croí ar an Tionól Glór na nÓg: Páirt a Ghlacadh sa Chomhrá ar Iompar Inbhuanaithe i bPort Láirge a chur ar siúl an 25 Feabhra le Scoileanna Glasa an Taisce agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge - caifé soghluaisteachta MATCH-UP. Sholáthair an t-imeacht seo glór agus ardán do dhaoine óga i bPort Láirge lena n-eispéireas d'iompar inbhuanaithe, na dúshláin atá rompu conas chun dul i ngleic leo a mhíniú. Scoláirí bunscoile, meánscoile agus mic léinn tríú leibhéal a bhí sna láithreoirí uile agus d'fhéadfaidís a mbuarthaí, a ndúshláin, a smaointe agus a réitigh a chur in iúl do phainéal lucht déanta beartas agus cinntí. Bhí na Ranna Iompair, Oideachais, an Tionól, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, Scoileanna Glasa an Taisce agus Marc Ó Cathasaigh, TD sa phainéal.





D'fhreastail breis agus 100 duine ar an imeacht iontach seo agus pléadh ann conas atá feachtas ar thaisteal inbhuanaithe á méadú, ar an mbearna inscne sa rotháilocht i measc meánscoileanna in Éirinn, criosanna sábháilte scoile agus léarscáileanna córais a úsáid chun gréasán iompair casta a bhainistiú chun dul i ngleic le dúshlán maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe.

### **MATCH-UP ag Cruinniú Mullaigh an Fhórait Iompair Idirnáisiúnta 2021**

Thug an Roinn Iompair cuireadh don Tionól seastán taispeántais fíorúil a chur in airde ag Cruinniú Mullaigh an Fhórait Iompair Idirnáisiúnta (FII) 2021 ón 17-28 Bealtaine - an tionól is mó ar domhain d'airí iompair agus an príomhardán domhanda do phlé ar bheartas iompair ina bhfuil breis agus 2,000 toscaire ó 85 tír. Sholáthair sé deis uathúil ar ardán domhanda chun Réigiún iontach an Deiscirt a chur in iúl agus MATCH-UP agus uaillmhian an Tionóil, chun beartais réigiúnacha, an SRSE san áireamh, a thabhairt chun solais.

D'fhorbair an Tionól creat agus modheolaíocht Cathracha agus Bailte 10 Nóiméad trí MATCH-UP, chun cabhrú le húdaráis áitiúla Réigiún an Deiscirt lena bPleananna Iompair a fhorbairt le bonn fianaise maidir le hinfheistíocht a fháil i dtaisteal gníomhach. Tugadh páirtithe leasmhara iompair le chéile i seomra fíorúil an Tionóil le cuir i láthair a sholáthar, Fóram Soghluaisteachta Iompair Chorcaí, Scoileanna Glasa an Taisce, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Campas Soghluaisteacht Amach Anseo na hÉireann agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún ina measc.

### **Athruithe Beartais a Baineadh Amach in 2021**

Lorg Plean Gníomhaíochta Réigiúnach MATCH-UP an Tionóil feabhas a chur ar dhá ionstraim bheartais - Clár Réigiúnach an D agus O 2014-20, agus an SRSE.

**Feabhsú Beartais 1:** creat a dhearadh bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ó MATCH-UP le soghluaisteacht ísealcharbóin agus feabhsúcháin ar idirmhalartú córa

iompair a chur san áireamh do thionscadail a chistítear faoi Chlár Réigiúnach an D agus O, a cuireadh faoi bhráid Choiste Faireacháin an Chláir, agus a cheadaigh siad, an 21 Aibreán.



Éascaíonn an creat iompair inbhuanaithe seo, sa chás gur féidir, moltaí le haghaidh

soghluaisteacht ísealcharbóin agus feabhsúcháin ar idirmhalartú córa iompair a chuimsiú isteach i dtionscadail a cheadaíodh ach nár cuireadh tús leo go fóill, faoi Scéim Deontais na Lárionad Uirbeach faoi Thosaíocht 5 an Chláir, Forbairt Inbhuanaithe Chomhtháite Uirbeach. Chuir seo feabhas díreach ar inrochtaineacht, sábháilteacht fhorbairt ríochta poiblí Chearnóg Wolfe Tone, Chearnóg Bharra an Teampaill, agus Shráid na Life i gCathair Bhaile Átha Cliath, ar féidir le gach saoránach agus turasóir a thagann chuig an gceantar seo anois taitneamh a bhaint astu.

**Feabhsú Beartais 2:** arna spreagadh ón méid a foghlaimíodh ó MATCH-UP le creat agus modheolaíocht a fhorbairt do Chathracha agus Bailte 10 Nóiméad mar uirlis um chur i bhfeidhm faoin SRSE, a rinne Stiúrthóir an Tionóil a chur i láthair agus a cheadú an 26 Márta.


Chruthaigh an uirlis um chur i bhfeidhm creat agus modheolaíocht den chéad scoth le comhsheasmhacht a chruthú i measc na

bPleananna Iompair Áitiúla go léir le tosaíochtaí a chur san áireamh do gach lonnaithe i dtaobh feabhsúcháin ar an timpeallacht choisithe, infheistíocht i rotháilocht, bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí, agus feabhsúcháin ar bhóithre. Úsáidfidh údaráis áitiúla



an creat mar bhonn fianaise chun príomhbhailte a léarscáiliú, feabhsúcháin ar bhonneagar a shainaithint a theastaíonn chun tacú le hiarratais ar chistiú náisiúnta do thionscnaimh thaistil ghníomhaigh agus chun cabhrú le soghluaisteacht uirbeach ísealcharbóin a fheabhsú agus aistriú córa iompair a spreagadh.

## Na Chéad Chéimeanna Eile



De bharr go bhfuil leibhéil de thruailliú aeir, astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus brú tráchta san AE atá ag dul i méid, tá soghluaisteacht idir córacha iompair a fhorbairt ar cheann de na príomhdhúshláin atá roimh an AE. Leanfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt mar chomhpháirtí sa tionscadal MATCH-UP le beartais réigiúnacha a fheabhsú leis an Roinn Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Oifig an Rialálaí Pleanála, imeachtaí soghluaisteachta inbhuanaithe réigiúnaí san áireamh in 2022 chun an gá atá le borradh dlúth, dícharbónú agus forbairt réigiúnach níos cothroime a thabhairt chun solais.

### For further information about MATCH-UP:

Rose Power, Oifigeach Tionscadal:

[rpower@southernassembly.ie](mailto:rpower@southernassembly.ie)

Láithreán Gréasáin:

[interreurope.eu/match-up/](http://interreurope.eu/match-up/)

Twitter: @MATCHUP\_Project

Facebook: @MatchUpProject

**Tá MATCH-UP páirtchistithe ag Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.**


## EMPOWER

Díríonn EMPOWER ar astaíochtaí carbóin a laghdú trí mhonatóireacht dhinimiciúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh, trí mhonatóireacht fuinnimh agus fiosrú a dhéanamh ar mhodhanna nuálacha chun tionscadail fuinnimh a mhaoiniú, agus é mar chuspóir foriomlán beartas poiblí níos fearr a fhorbairt agus a sheachadadh sna réimsí seo. Tá 9 réigiún Eorpacha sa chomhpháirtíocht, iad uile ag oibriú le chéile chun taithí, réitigh, agus dea-chleachtas a roinnt chun beartas poiblí níos fearr a fhorbairt agus a sholáthar chun astaíochtaí carbóin a laghdú i bhfoirgnimh.

I mí Eanáir 2020, bhog an tionscadal go Céim 2, ag cur ár bPlean Gníomhaíochta Réigiúnaigh i bhfeidhm a bhí bailíochtaithe ag an Rúnaíocht Aireacht Interreg na hEorpa i mí na Nollag 2019.

## Feabhsú Beartais Bainte Amach!

Féachann ár bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach le Clár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir a fheabhsú, ag oibriú le Comhairle Cathrach Chorcaí, chun clár píolótach a chur i bhfeidhm chun trealamh monatóireachta fuinnimh a shuiteáil chun úsáid chruinn fuinnimh roinnt aonaid tithíochta sóisialta a ríomh roimh iarfheistiú domhain agus dá éis. Ceadóidh seo d'údaráis áitiúla a chinntiú go mbainfear fíorathrú iompair amach i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh i measc cónaitheoirí i dtithíocht shóisialta, gníomh a laghdóidh astaíochtaí CO<sub>2</sub>, agus a chabhróidh le hÉirinn spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin a bhaint amach.



Den chéad uair in Éirinn, an 9 Meán Fómhair, chistigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Comhlacht Idirghabhála do Scéim Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta Chlár Réigiúnach an D agus O, an costas a bhí ar threalamh monatóireachta fuinnimh. Níor dhírigh an scéim seo go stairiúil ach ar an obair fhisiciúil lena mbaineann aonaid tithíochta sóisialta atá easnamhach ó thaobh cúrsaí teirmeacha de. Is í an mhodheolaíocht in Éirinn le héifeachtúlacht fuinnimh aonaid tithíochta sóisialta a ríomh i ndiaidh iarfheistiú domhain a dhéanamh orthu ná rátáil fuinnimh na n-aonad a ríomh trí úsáid a bhaint as aicmiú na Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER). Ní sholáthraíonn seo ach tuairim faoin bhfeidhmíocht fuinnimh, áfach.



Trí EMPOWER, d'fheabhsaigh an Tionól rialachas na hionstraime beartais trína lorg go gcisteofaí trealamh monatóireachta fuinnimh faoin scéim agus go n-úsáidfí ansin é chun an úsáid fuinnimh iarbhair a ríomh roimh agus i ndiaidh iarfheistiú a dhéanamh in aonaid tithíochta sóisialta. Trí mhonatóireacht fuinnimh ar na haonaid a iarfheistíodh a thabhairt isteach, chruthaigh an Tionól meicníocht den chéad uair in Éirinn chun coigiltí fuinnimh cruinne a chainníochtú roimh agus i ndiaidh go ndearna iarfheistiú domhain ar an earnáil tithíochta sóisialta agus chinntigh sé fíoriompar éifeachtúlachta fuinnimh i measc tionóntaí tithíochta sóisialta.

### 5ú Glaoch EMPOWER 2021

Cheadaigh Interreg na hEorpa 78 tionscadal faoin 5ú Glaoch agus bronnadh cistiú breise ar an Tionól faoi EMPOWER, a thosaigh i Meán Fómhair. Cheadaigh seo don Tionól obair EMPOWER ar mhonatóireacht fuinnimh a shíneadh agus ar aon dul le hAistriú Cóir chun athbhreithniú ar dhea-chleachtais a áireamh leis maidir le sainaitheint agus laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh i Réigiún an Deiscirt. Ceapadh An Tionól mar Phríomh-Chomhpháirtí le haghaidh bochtaineacht fuinnimh faoi EMPOWER.

Tionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh a bhí i bhFaireachlann Bochtaineachta Fuinnimh an AE chun cabhrú le Ballstáit athrú claochlaitheach ar eolas faoi mhéid na bochtaineachta fuinnimh san Eoraip a chothú. Tá de chuspóir ag an tionscnamh a cuireadh ar bun ina dhiaidh, an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht (an MCFB), deireadh a chur le bochtaineacht fuinnimh agus dlús a chur faoin Aistriú Cóir Fuinnimh de chuid rialtas áitiúil na hEorpa. Cheap an Tionól Réigiúnach Gnómhachaireacht Fuinnimh na 3 Chontae (3CEA) i Samhain 2021 mar shainchomhairleoirí bochtaineachta fuinnimh, an t-aon Eagraíocht Aeróige amháin in Éirinn ar ball den MCFB é.

### Athbhreithniú Piaráí ar Bhochtaineacht Fuinnimh: An 9 Nollaig 2021

Bhí ríméid ar an Tionól, le 3CEA, an chéad Athbhreithniú Piaráí ar Bhochtaineacht Fuinnimh a chur ar siúl agus tugadh cuireadh do shaineolaithe sa bhochtaineacht fuinnimh cabhrú le cuntas a thabhairt ar shainmhíniú, comhthéacs agus ar chainníochtú na bochtaineachta fuinnimh. Bhí gliondar croí, go háirithe, ar an Tionól, gur thug an Dr Niall Dunphy ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, saineolaí ar bhochtaineacht fuinnimh, cuntas ar an bhfáth gur rithábhachtach go dtéitear i ngleic le bochtaineacht fuinnimh mar thosaíocht. Chomh maith leis sin, fuair An Tionól aighneachtaí ó agus rinne úinéirí 18 ndea-chleachtas cuir i láthair dóibh a d'fhéadfaí a aithris i Réigiún an Deiscirt chun cabhrú le bochtaineacht fuinnimh a shainaithint agus/nó a laghdú agus le tionscnaimh athraithe iompair a theastaíonn chun tacú le laghdú na bochtaineachta fuinnimh. Mar chuid den athbhreithniú piaraí seo, d'iarr an Tionól ar gach iarratasóir na dea-chleachtais seo a rátáil agus rinneadh na dea-chleachtais seo a chúngú dá bharr anuas go dtí na 10 gcinn ar measadh gurbh iad ba chuí lena n-aithris i Réigiún an Deiscirt.

### Dea-Chleachtais

1. **Build Upon 2 (Éire):** Bealach le bochtaineacht fuinnimh sa stoc tithíochta sóisialta d'údaráis áitiúla a shainaithint. Tá triail á baint as faoi láthair in 30 cathair Eorpach, i gCorcaigh san áireamh, le Comhairle Foirgneamh Glas na hÉireann.
2. **Comhairle faoi Fuinneamh do Shaoránaigh (an tSlóivéin):** Comhairle á soláthar ag Gnómhachaireachtaí Bardais agus Fuinnimh faoi bhearta/ dheontais coigilte fuinnimh ón Éicichiste, a sholáthraíonn cistiú a mhéid le 100% chun teaghlaigh atá thíos le bochtaineacht fuinnimh a iarfheistiú.
3. **Néal Fuinnimh (Energy Cloud) (Éire):** Comhpháirtíochtaí idir fónais, Údaráis Áitiúla, comhlachais tithíochta agus carthanas chun fuinneamh in-athnuaite breise nár úsáideadh a atreorú go dtí custaiméirí atá thíos le bochtaineacht fuinnimh chun uisce a théamh seachas an fuinneamh seo a chur amú mar gheall nach bhfuil aon mheicníocht éifeachtúil stórála ann faoi láthair.
4. **Living Consciously - Casa SpA (an Iodáil):** Tá seo cistithe ag údarás réigiúnach agus ag comharchumann fuinnimh agus thóg sé páirc fhótavoltach (FV) ar thalamh phoiblí a sholáthraíonn fuinneamh do thionóntaí tithíochta sóisialta. Cuireann siad aip agus córais eolais phoiblí ar fáil chun feasacht ar ídiú fuinnimh a mhúscailt, ídiú níos comhfhiosáí a spreagadh agus le pobal a chruthú ina bhfuil saoránaigh ghníomhach a chuireann le leas coiteann an réigiúin.
5. **A Worthy Winter (an Spáinn):** Coirí lártaíthe bithmhaise a chur in ionad coirí lártaíthe guail i mbloic




árasán tithíochta sóisialta. Tá an tionscnamh seo á oibriú faoi láthair in 10 réigiún Eorpacha.

6. **Act4Eco (Éire):** Ardán foghlama rochtana oscailte atá ar fáil do gach cónaitheoir san Eoraip, a chruthaíonn dréimire d'athrú iompair - aistríodh é go 12 theanga go dtí seo agus tá breis agus 10,000 úsáideoir cláraithe aige.
7. **Energia su Misura (an Iodáil):** Ionad ilfhreastail atá cistithe ag údarás réigiúnach le teaghlaigh atá thíos le bochtaineacht fuinnimh a shainaithint trí shuirbhéanna/ agallaimh, le pacaí monatóireachta fuinnimh a shuiteáil, le monatóireacht a dhéanamh ar ídiú agus le haiseolas a sholáthar chun tacú le hathrú iompair óna n-eascraíonn laghdú 25% ar ídiú fuinnimh.
8. **RetroKit (Éire):** Réitigh dhigiteacha a fhorbairt le hArdán Ionaid Ilfhreastail a chruthú chun cabhrú le uasghráduithe fuinnimh tí a scálú aníos chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú ag oibriú go dlúth le hÚdarás Áitiúla agus comhlachais tithíochta.
9. **An Feidhmchlár Smart Invent (an Pholainn):** Bunachar sonraí TF a bhailíonn eolas ó mhéadair chliste agus a chuireann an t-eolas sin le suirbhéanna ar chónaitheoirí le bochtaineacht fuinnimh i measc na tithíochta go léir a shainaithint. Tugadh isteach é go dtí seo i 7 mBardas, 1 Chathair agus beagnach 25,000 foirgneamh.

### Na Chéad Chéimeanna Eile 2022

Beartaíonn an Tionól, le 3CEA, ceardlann theicniúil maidir le Bochtaineacht Fuinnimh a chur ar siúl in 2022. Deis atá ann seo chun labhairt leis na 10 n-úinéir dea-chleachtais, féachaint ar thaispeántais bheo agus a fhiosrú conas a d'fhéadfaí iad a aithris i Réigiún an Deiscirt. Anuas air sin, i ndiaidh na dtorthaí ón gCeadlann Theicniúil maidir le Bochtaineacht Fuinnimh, cruthóidh 3CEA Treoir Dhea-Chleachtais maidir le bochtaineacht fuinnimh do Réigiún an Deiscirt a chuirfear faoi bhráid Chomhaltáí an Tionóil. Is é an plean fadtéarmach, trí fheasacht a mhúscailt ar shaincheist na bochtaineachta fuinnimh i Réigiún an Deiscirt agus trí réitigh fhéideartha a sholáthar trí dheachleachtais, go spreagfaidh sé údarás réigiúnacha agus áitiúla, comhlachais tithíochta agus páirtithe leasmhara dul i mbun gníomh breise chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh sa réigiún.



### Chun teacht ar eolas breise faoi EMPOWER:

Rose Power, Oifigeach Tionscadal:

[rpower@southernassembly.ie](mailto:rpower@southernassembly.ie)

Láithreán gréasáin: [www.interregueurope.eu/empower](http://www.interregueurope.eu/empower)

Twitter: @interregempower

Facebook: @Empower0

**Tá EMPOWER páirtchistithe ag Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.**

COHES3ION



Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an comhpháirtí Éireannach in COHES3ION, tionscadal idir-réigiúnach a bhfuil sé mar aidhm aige FEIDHMÍOCHT agus TIONCHAR NA STRAITÉISE SPEISIALTÓIREACHTA CLISTE (S3) agus Clár Réigiúnach a fheabhsú i dtaobh nuálaíochta i measc gníomhaithe Taighde agus Nuálaíochta (T agus N).

Bainfear seo amach tríd an toise réigiúnach a chomhtháthú isteach i rialachas agus meascán beartais S3, cur níos mó le comhtháthú réigiúnach i dtaobh Borrrha agus Post. Déanann an Tionól comhpháirtíocht le naoi réigiún sa Spáinn, an Iodáil, an Rómáin, an Ghearmáin, an tSualainn, an Pholainn, agus an Bhreatain Bheag, a bhfuil an dúshlán coiteann rompu Speisialtóireacht Chliste a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar leibhéal réigiúnach. Téann COHES3ION i ngleic leis seo trí Thosaíochtaí Cliste réigiúnacha a shainaithint, comhordú réigiúnach an tsoláthair nuálaíochta a neartú agus trí thacú le himreoirí. Tosaíodh an tionscadal i Lúnasa 2019, agus beidh sé ar siúl ar feadh trí bliana agus beidh buiséad níos mó ná €1.87 milliún aige.

Bhí a láidreachtaí uathúla féin agus buntáiste iomaíoch ag Réigiún an Deiscirt ina mbaineann níos mó tábhachta don gheilleagar. Díreoidh comhtháthú toise réigiúnaí isteach in S3 na hÉireann an réigiún ar a thosaíochtaí cliste a aithint agus a fhorbairt trí chuspóirí spriocdhírthe Speisialtóireachta Cliste Réigiúnaí a fhorbairt. Cuireann an SRSE deis thráthúil ar fáil chun S3 a bhreithniú agus a ailíniú a dhéanamh ar leibhéal réigiúnach i gcomhoibriú le COHES3ION.

Bunaíodh grúpa páirtithe leasmhara ina bhfuil príomhimreoirí nuálaíochta réigiúnacha chun saineolas a chur leis an tionscadal trí chleachtais mhaithe oibre agus cabhrú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaigh. Leanfaidh an grúpa seo ag dul i méid agus ag teacht chun cinn i gcaitheamh an tionscadail.

Is é príomhaschur an tionscadail Léarscáil Chríochach Chliste (STM) a thugann faoi léarscáiliú anailíse diagnóisí ar straitéisí réigiúnacha S3 agus ar a chaidreamh le beartais/comhlachtaí réigiúnacha eile. Thit an cleachtadh léarscáilithe seo amach in 2020 i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus chuir sé an bonn faoin obair i rith 2021. Tá torthaí an chleachtaidh léarscáilithe ar fáil dóibh siúd ar spéis leo iad.

Rinneadh Plean Gníomhaíochta Réigiúnach an tionscadail a dhréachtú agus a fhaomhadh in 2021 trí úsáid a bhaint as an méid a foghlaimíodh ó dhea-chleachtais a chuir comhpháirtithe tionscadail i láthair. Ar an drochuair, mar gheall ar shrianta leanúnacha taistil, níorbh fhéidir le comhpháirtithe leanúint ar aghaidh lena n-aistir foghlama i bpearsan, ach lean obair maidir le smaointe a mhalartú ar aghaidh ar líne, áfach.



I measc na bpríomhimeachtaí agus na príomhoibre a thit amach in 2021, bhí an méid seo a leanas:

### Imeacht deiridh an tionscadail: An 25 Márta 2021


Rinne tionscadal Cohes3ion ceiliúradh ar dheireadh Chéim 1 trí chomhdháil a chur ar siúl a rinne Comhpháirtí na Breataine Bige a óstáil agus bhí freastal maith uirthi agus tháinig na saineolaithe is mó ó áiteanna ar fud na hEorpa le chéile chun plé a dhéanamh ar conas cabhrú le Rialachas II-Leibhéil (RIL) sa Straitéis Speisialtóireachta Cliste (S3) an rath a bhaint amach.

### Cur Chuige Réigiúnach i leith S3 i Réigiún an Deiscirt

D'oibrigh an Tionól le saineolaithe seachtracha, Bable GMBH, le comhairle a sholáthar faoi 'Creat/sraith straitéisí a fhorbairt chun tacú le cur chuige réigiúnach do Straitéis Speisialaithe Chliste (Alt 3) i Réigiún an Deiscirt' ag a bhfuil 2 phríomhchuspóir:

1. Moltaí fianaisebhunaithe a sholáthar i leith limistéir thosaíochta fhéideartha S3 don réigiún
2. Creat modheolaíochta a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil do na chéad chéimeanna eile do chur chuige réigiúnach S3

I measc na bPacáistí Oibre, bhí an méid seo a leanas: Rinne Bable macra-anailís ar an réigiún agus thug siad faoi anailís SWOT earnála ina dhiaidh sin a bhí curtha ar an eolas ag ionchur páirtithe leasmhara a shainaitin 21



limistéar tosaíochta a bhí le cur san áireamh le haghaidh speisialtóireacht chliste do Réigiún an Deiscirt. Cuireann iad seo le láidreachtaí earnála reatha agus díróinn siad ar chlaoclú a threorú. Limistéir thrasearnála iad na limistéir thosaíochta seo agus is féidir leo tionchar a imirt ar roinnt earnálacha agus margaí. B'éard a bhain leis an obair seo comhairliúchán fairsing le réimse fairsing páirtithe leasmhara ar fud an réigiúin trí agallaimh spriocdhírthe agus trí cheardlanna tiomnaithe. Rinne siad idirchaidreamh le breis agus 100 páirtí leasmhar ó ionaid phríobháideacha, phoiblí, taighde agus eagraíochtaí bhraisle tríd an obair seo. Cuirfidh Creat Réigiúnach S3 an bonn faoi le tús a chur leis an toise chríochach a chomhtháthú do S3 comhtháite agus beartas AE, Náisiúnta agus Áitiúil a cheangal tríd an tsraith réigiúnach a cuireadh faoi bhráid Chomhaltaí an Tionóil i nDeireadh Fómhair.

### Réigiún Cliste an Deiscirt

Tá téarmaí cosúil le 'cathracha cliste', 'sochaí chliste' agus 'réigiún chliste' á n-úsáid níos minice i gcónaí sa domhan nua-aimseartha atá ag athrú mar gheall ar fhorbairt mhear teicneolaíochtaí digiteacha (Bauer et al, 2019). Cuireann Cathracha Cliste Réigiún Cliste chun cinn agus is iad is mó a chuireann soláthar cuir chuige réigiúnaigh i leith Straitéisí Speisialtóireachta Cliste (S3) chun cinn.



Tá sé ina ríthábhacht, ar mhaithe le geilleagar iomaíoch, nuálach agus táirgiúil réigiúnach a bhaint amach, go gcomhoibrítear maidir le Tionscnaimh Réigiúin Chliste.

Cruthaíonn comhoibriú trí thionscnaimh Chathrach Cliste, Bhailte Chliste agus Sráidbhaile Chliste deis mhór nuair a oibríonn Cathracha Cliste le chéile le fadhbanna a réiteach, eolas a roinnt, dea-chleachtas a shaothrú agus nuálaíocht a chothú.

Le huaillmhian Réigiún Cliste an Deiscirt de chuid an SRSE a chur chun cinn, tá an Tionól ag oibriú le saineolaithe seachtracha in Ollscoil Mhá Nuad (OMN) chun idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara réigiúnacha, Údaráis Áitiúla san áireamh, le comhaontú a dhéanamh ar an méid atá i gceist le Réigiún Cliste an Deiscirt agus le creat aibíochta a fhorbairt chun cabhrú le tionscnaimh pháirtithe leasmhara Réigiún Cliste a bhaint amach.

### Foinse: Achoimre Shainchomhairleoireacht Bable ar ionchur páirtithe leasmhara i Réigiún Cliste an Deiscirt

Beidh moltaí ón gcreat ina sraith straitéisí thábhachtach chun cabhrú lenár ndul chun cinn mar Réigiún Cliste agus tús a chur le gníomhartha réigiúin chliste ag páirtithe leasmhara i measc téamaí cliste (bonneagar cliste, soghluaisteacht chliste, fuinneamh cliste, teicneolaíocht chliste, oideachas cliste, cúram sláinte cliste, rialachas cliste etc.). Tacóidh seo lenár n-obair fad a bhíonn an SRSE, PGR CFRE 2021-2027 (ar príomhthéama iad Réigiún Chliste faoi) agus Gníomhú ar son na hAeráide á gcur i bhfeidhm. Déanfar agus scaipfear an obair thábhachtach seo i measc páirtithe leasmhara go luath in 2022.

### Oiliúint Réigiún Cliste an Deiscirt

Ar aon dul le cuspóirí an SRSE, tá oibleagáid reachtúil ar na húdaráis áitiúla breithniú a dhéanamh ar conas is fearr Tionscnaimh Chliste a chuimsiú isteach ina bpleananna forbartha faoi seach ach tugadh buarthaí chun solais, áfach, maidir leis an easpa feasachta ar an méid a bhíonn



What local authorities in Southern Region had to say

i gceist leis seo, i bhfírinne, agus conas é seo a thosú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Mar fhreagairt air seo, chomhoibrigh an Tionól, trí Cohes3ion, le Bable agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (an IENT) chun oiliúint chomhchistithe Cathrach Cliste agus Réigiúin Chliste a chur ar tairiscint maidir le conas prionsabail chliste a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Díríodh an oiliúint cheannróaíoch phíolótach go príomha ar oifigigh ainmnithe ó na húdaráis áitiúla agus ar chomhlachtaí gaolmhara chun cabhrú le straitéisí Cathrach Cliste agus Réigiúin Chliste a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Chuir an oiliúint an méid seo a leanas ar fáil:

- Léargas ginearálta cuimsitheach ar fhorbairtí agus ar réitigh reatha i limistéar na forbartha digití agus inbhuanaithe
- Foghlaim ó dhea-chleachtais agus samplaí de chathracha teach solais (lighthouse cities) ar fud an domhain
- Tairbhe a bhaint ó eispéiris a mhalartú le rannpháirtithe eile agus plé a dhéanamh ar shaincheistanna lenár saineolaithe.

Thit an oiliúint seo amach i rith cúig lá ar bhonn lá amháin sa tseachtain agus bhí 10 modúl ann. I measc na n-aoichainteoirí a roinn a n-eispéiris ar réitigh nuálacha agus chliste oibre, bhí Alan Murphy, Bainisteoir Réigiúnach le Baile Átha Cliath Cliste, Gerard Corcoran, Stiúrthóir Cuntas le Huawei agus Ball de Bhord Áth an Ghainimh Cliste, agus Deborah Colville, Bainisteoir Réigiúnach Nuálaíochta Cathrach le Béal Feirste Cliste.

### Plean Gníomhaíochta Réigiúnach Cohes3ion do Réigiún an Deiscirt

Príomh-aschur tionscadail é an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach (an PGR) a sholáthraíonn sonraí faoi conas a úsáidfear na ceachtanna a foghlaimíodh agus an taithí a malartaíodh ó chomhar idir-réigiúnach le comhpháirtithe eile le feabhas a chur ar an ionstraim bheartais a roghnaítear, i.e. an SRSE do Réigiún an Deiscirt. Sonraítear ann cineál na ngníomhartha atá le





cur i bhfeidhm, a n-amhráma, na páirtithe leasmhara atá bainteach, na costais agus foinsí cistithe.

Tá mar chuspóir ag straitéis gheilleagrach an SRSE geilleagar inbhuanaithe, iomaíoch, ionchuimsitheach agus athléimneach réigiúnach a fhorbairt.

Tá príomhbhaint ag a chinntiú go bhforbraítear bonn láidir agus éagsúil geilleagrach sa réigiún maidir leis an bhfís uileghabhálach a sholáthar.

Nuair a chuirtear dúshlán atá romhainn faoi láthair san áireamh, cosúil le COVID-19, an Breatimeacht agus leochaileacht fhéideartha i dtaobh bonn fiontar na hÉireann, is tábhachtach go gcothaíonn Réigiún an Deiscirt an méid atá againn faoi láthair, go ndéanann sé ár mbonn fiontar a athrú ó bhonn ar mhaithe le hathléimneacht níos fadtéarmaí agus bainistiú á dhéanamh i gcomhthráth ar leochaileacht fhéideartha. Lorgaíonn an SRSE chun an fhís seo a bhaint amach trí chúig phrionsabal gheilleagracha, Speisialtóireacht Chliste san áireamh.

Aithnítear speisialtóireacht chliste san SRSE mar an rud lárnach le borradh a chur faoi tháirgiúlacht, iomaíochas a cailleadh a bhaint amach arís, déine easpórtála agus éagsúlacht mhargaí a mhéadú. Leag an CE an bhéim air nach n-éireoidh leis an gcur chuige seo ach má bhunaítear roghanna ar fhíoreolas ar fhéidearthacht áitiúil ina bhfuil cur chuige ón mbun aníos trí struchtúir bhunaithe, cosúil leis an SRSE agus Straitéisí Nuálaíochta Réigiúnacha.

Le straitéis gheilleagrach an SRSE a chur chun cinn agus ar aon dul le cuspóirí thionscadal COHESION, tá an bealach is fearr eolas a sholáthar do chur chuige Speisialtóireachta Cliste réigiúnach agus, trí chur leis an

gcleachtadh STM, shainaithin siad príomhghníomhartha leis an bpróiseas seo a éascú.

Chun tacú leis seo, agus spreagtha ag an méid a foghlaimíodh ó na comhpháirtithe tionscadail eile, déanfaidh an Tionól 'léiriú agus feidhm láidir réigiúnach a chuimsiú isteach i rialachas an S3 náisiúnta le maoirseacht a dhéanamh ar an rialachas agus ar an tuairisciú ar thosaíochtaí réigiúnacha do Réigiún an Deiscirt.' Éascóidh an Tionól, tríd an ngníomhaíocht seo, comhordú níos fearr idir seirbhísí tacaíochta nuálaíochta ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Leabófar na meicníochtaí feabhsaithe bainistíochta agus monatóireachta ar speisialtóireacht chliste ar an leibhéal réigiúnach tríd an SRSE a chur i bhfeidhm agus trí mhonatóireacht a dhéanamh air agus trí fheabhas a chur ar rialachas dá réir sin.

Ba léir ní ba mhó i gcónaí ar aistir foghlama Cohes3ion gur bhain ríthábhacht leis na tacaíochtaí cearta cumasaithe a bheith i bhfeidhm maidir le S3 a sholáthar go héifeachtach. Ceapann an Tionól gurb ionann 'Cliste' agus an bealach leis an gcuid is fearr a spreagadh ón Réigiún agus shainaithin sé an iarracht atá á déanamh sinn a bhunú mar Réigiún Cliste mar an bpríomhrud a chumasaíonn S3 a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Cuireann Cathracha Cliste Réigiún Cliste chun cinn agus is iad is mó a chuireann soláthar cuir chuige réigiúnaigh i leith Straitéisí Speisialtóireachta Cliste (S3) chun cinn. Tá sé ina ríthábhacht, ar mhaithe le geilleagar iomaíoch, nuálach agus táirgiúil réigiúnach a bhaint amach, go gcomhoibrítear maidir le Tionscnaimh Réigiúin Chliste. Curtha ar an eolas ag an obair ar chur chuige Réigiúin Chliste le hOllscoil Mhá Nuad, faoi mar a luaitear thuas, forbróidh an Tionól plean um chur i bhfeidhm agus scaipthe le Sainmhíniú agus Creat an Réigiúin Chliste a thabhairt isteach ar fud Réigiún an Deiscirt.

Ceadadóidh an PGR i dtreo dheireadh 2021 agus titfidh obair ar na gníomhartha seo a chur i bhfeidhm amach i rith 2022 i gcomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Clár Fiontraíochta Réigiúnaí ina measc.

### Chun teacht ar eolas breise faoi thionscadal COHESION:

Karen Coughlan, Oifigeach Tionscadal:  
kcoughlan@southernassembly.ie  
Láithreán Gréasáin:  
[www.interregeurope.eu/cohes3ion/](http://www.interregeurope.eu/cohes3ion/)  
Twitter: @cohes3ion

**Tá COHESION páirtchistithe ag Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.**

## FIRESPOL

Féachann tionscadal FIRESPOL le hinfheistíocht i bhFuinneamh Inathnuaite

a threisiú trí thacú le tabhairt isteach lonstraimí Airgeadais nuálacha sna réigiúin chomhpháirtíochta. Bainfear é seo amach trí fheabhsuithe ar ionstraimí beartais réigiúnacha, lena n-áirítear scéimeanna agus oibríochtaí nua faoi Chláir Oibriúcháin.

Is éard atá sa chomhpháirtíocht Údarais Bhainistíochta agus Gníomhaireachtaí Fuinnimh ó shé réigiún AE – an Spáinn, an Ghearmáin, an Chróit, an Laitvia, an Pholainn, agus Éire – le heolas, taithí, dea-chleachtais, smaointe agus réitigh a roinnt.

Nuair a foilsíodh Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais in 2019, léiríodh an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht mhéadaithe i bhfuinneamh in-athnuaite, a thuair nach mbainfeadh Éire an sprioc atá leagtha síos don tréimhse 2013 go 2020 amach le haghaidh athnuaiteán faoin ochtú cuid. Socraíonn an Plean Gníomhaíochta Aeráide spriocanna nua uailmhianacha le haghaidh athnuaiteán don bhliain 2030 agus léiríodh an uailmhian seo i ndréachtú na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíochta (an SRSE) do Réigiún an Deiscirt.

Trína pháirt a ghlacadh i dtionscadal FIRESPOL, tá sé mar aidhm ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt dea-chleachtais ábhartha a shainaithint ar féidir leo beartas réigiúnach a threorú, tabhairt isteach deontas nuálach nó ionstraimí airgeadais a éascú, agus tacú le hinfheistíocht níos mó i bhfuinneamh in-athnuaite sa réigiún.

### An Plean Gníomhaíochta Réigiúnach a Chur i bhFeidhm

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Réigiúnach FIRESPOL an Tionóil in 2020 agus sonraítear ann conas a chuirfidh an méid a foghlaimíodh ó FIRESPOL eolas ar fáil don Straitéis



Fuinnimh In-Athnuaite Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt maidir leis na spriocanna agus cuspóirí sonracha i dtaobh lonstraimí Airgeadais Nuálacha a úsáid. Chun eolas a chur ar fáil don phróiseas lena mbaineann na spriocanna agus cuspóirí seo a leagan síos, tá an deis á fíorú ag an Tionól chun 'Fóram Infheistíochta i bhFuinneamh In-Athnuaite' a bhunú do Réigiún an Deiscirt. Chuirfeadh an fóram meicníocht leanúnach ar fáil chun moltaí a phlé, a fíorú agus a dhéanamh faoi ionstraimí airgeadais nuálacha a úsáid a thacaíonn le hinfheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite sa réigiún. Cuireadh tús le hobair air seo in 2020 agus lean sé ar aghaidh i rith 2021.

Ba é cuspóir an fhórait seo tacú le agus borradh a chur faoi infheistíocht in athnuaiteáin i Réigiún an Deiscirt trí 4 phríomhchóilún:

| 1. Bí ar an Eolas                                                                                                | 2. Bí Ceangailte                                                                                            |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Teagmháil a dhéanamh le saineolaithe san ábhar agus a léargas ar limistéir agus saincheisteanna ar leith a fháil | Ceangal a dhéanamh le piaraí agus le comhoibrithe féideartha                                                |
| 3. Bí Spreagtha                                                                                                  | 4. Bí i do Cheannasaí                                                                                       |
| Eolas a fháil ar chás-staidéir ar an méid ar éirigh leis uathu siúd ar éirigh leo soláthar a dhéanamh            | Rannchuidiú do chuideachta le spriocanna fuinnimh in-athnuaite an réigiúin a thaispeáint agus a chur in iúl |

Le tús a chur leis an gcomhrá ar réitigh nuálacha airgeadais don SFR agus le hinmharthanacht an Fhórait a dheimhniú, chuir an Tionól seimineár gréasáin ar bun i bhFeabhra 2021 do phríomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha ar an ábhar 'Infheistíocht i bhFuinneamh In-Athnuaite i Réigiún an Deiscirt'. D'oscail an Príomhchainteoir Éamon Ryan, TD, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an seimineár gréasáin agus labhair sé faoi Bheartas agus uailmhian Fuinnimh In-Athnuaite Náisiúnta na hÉireann. Thug Kevin Lynch, Stiúrthóir Cúnta an Tionóil cuntas ar na Cuspóirí Beartais Réigiúnacha do R an D sa Réigiún, nuashonrú san áireamh ar an Straitéis Fuinnimh In-Athnuaite.

Labhair **Marie Donnelly ó Fhuinneamh In-Athnuaite Éireann** ina dhiaidh sin ar na tairbhí a bhaineann le hinfheistíocht i R an D sa réigiún agus tugadh cuntas ar na coigiltí substainteacha is féidir a dhéanamh. Labhair sí ar an iomaí deis atá ar fáil don réigiún, cosúil le téamh ceantair, dramhtheas agus gaoth ar an gcladach a thabhairt isteach, b'fhéidir, agus thug sí sonraí faoin obair

a bhí á déanamh ag Cumann na Gaoithe Teoranta air seo. Thug sí nuashonrú freisin ar thorthaí chéad cheant Scéim Tacaíochta Leictreachais in-Athnuaite (RESS) na hÉireann. Tá saibhreas taithí ag Marie sa limistéar seo agus is iar-Stiúrthóir í le haghaidh Athnuaiteán, Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Nuálaíochta ag Ard-Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh agus rinne sí maoirseacht ar na príomh-Threoracha san AE le deich mbliana anuas a bhaineann le fuinneamh.

Rinne **Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach le Comhairle Contae Thiobraid Árann** peirspictíocht an údarais áitiúil agus an ról ríthábhachtach a ghlacann siad i dtaobh tacú le haistriú na hÉireann go sochaísealcharbóin a chur i láthair. Thug sé sonraí faoi infheistíocht agus cur chuige Thiobraid Árann, Forbairt Fuinneamh Gréine san áireamh i bhFoirgnimh Phoiblí ina ndéanfar 800 painéal fótavoltach a chur in airde i 9 bhfoirgneamh údarais áitiúil a ghineann meánchostas coigiltis fuinnimh 11%. Bhain Thiobraid Árann roinnt mhaith gradam mar gheall ar thionscadail choigiltis fuinnimh cosúil leis an gceann seo agus is iad an 4ú táirgeoir fuinnimh in-athnuaite is mó in Éirinn anois.

Thapaigh an seimineár gréasáin an deis freisin roinnt bheag de na dea-chleachtais a roinntear tríd an obair a rinneadh ar thionscadal FIRESPOL a thaispeáint. Labhair **Laura Heuston ó Sustainability Works**, a ghníomhaigh mar shaineolaí seachtrach leis an tionscadal ar na hionstraimí nuálacha airgeadais ó údarais áitiúla/réigiúnacha eile ar fud na hEorpa is féidir a oiriúnú do mhargadh na hÉireann. comhbhunaitheoir in Sustainability Works, gnóthas sainchomhairleoireachta inbhuanaitheachta a oibríonn le gnólachtaí earnála poiblí agus príobháidí chun cabhrú le dlús a chur faoi aistriú na hÉireann chuig todhchaí inbhuanaithe, í Laura.

Labhair **Elias Spreiter le hAireacht Heiseánach um Ghnóthaí Geilleagracha, Fuinnimh, Iompair agus Tithíochta** faoi Infheistíocht Saoránach i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite ina réigiún. Roinn Elias cuid de na réitigh nuálacha a thug infheisteoirí earnála poiblí, earnála príobháidí agus saoránach le chéile. Labhair sé ar an méid a d'fhéadfaí foghlaim ó réitigh nuálacha ar bhain siad triail phíolótach astu, cosúil le slua-chistiú do thionscadail SFR agus Stáisiún Grianchumhachta na Saoránach, ina n-oibríonn úinéirí inneall gréine stáisiún grianchumhachta amháin le chéile ar dhíon seachtrach.

Thaispeáin **Gregg Allen, POF le Community Power**, na tairbhí a bhaineann le hInfheistíocht Phobail i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite i Réigiún an Deiscirt. Is é Community Power chéad soláthraí leictreachais na hÉireann atá faoi úinéireacht an phobail. Tá misean acu chun cabhrú leis an gcéad ghlúin eile d'fhuinneamh in-

athnuaite a bheith faoi úinéireacht an phobail ar mhaithe leis na daoine. Thug Gregg sonraí faoina aistear leis an tionscnamh ceannródaíoch seo a bhunú.

Lean comhpháirtithe ag casadh lena chéile i rith 2021 le taithí a mhalartú, nuashonrú a thabhairt agus athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar phleananna gníomhaíochta. Aithníodh go huilíoch gurb é gníomhú ar son na haeráide an dúshlán is mó atá romhainn, agus leanfaidh an Tionól le gníomh a spreagadh ar fud an réigiúin trí thionscnaimh cosúil le tionscadal Firespol.



### Chun teacht ar eolas breise faoi thionscadal FIRESPOL:

Karen Coughlan, Oifigeach Tionscadal:

[kcoughlan@southernassembly.ie](mailto:kcoughlan@southernassembly.ie)

Láithreán gréasáin:

[www.interregeurope.eu/firespol](http://www.interregeurope.eu/firespol)

Twitter: @firespolproject

Facebook: @firespolproject

**Tá FIRESPOL páirtchistithe ag Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.**



## MARIE

Tá sé mar aidhm ag MARIE beartas poiblí réigiúnach a fheabhsú a thacaíonn le Taighde agus Nuálaíocht

Fhreagrach a sholáthar i ndearadh, táirgeadh agus dáileadh nuálaíochta in Earnálacha Speisialtóireachta Cliste (S3). Cuireann sé bealaí chun cinn chun tionchar diúltach sóisialta agus comhshaoil a chosc agus cuireann sé le caighdeán níos fearr beatha. Tá buiséad €1.9m/€1.6m ó CFRE aige agus tugann MARIE deich gcomhpháirtí le chéile as ocht réigiún san Iodáil, sa Rómáin, sa Ghréig, sa Spáinn, san Fhionlainn, in Éirinn, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Ghlac an Tionól páirt sa tionscadal chun ár gcuspóir réigiún cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a chruthú.



### Cad é Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach?

Is éard a bhaineann le Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach (TNF) ná iarracht a dhéanamh earnálacha éagsúla na sochaí, Taighde, Gnó, an Lucht Déanta Beartas agus an tsochaí shibhialta ina measc, a spreagadh chun oibriú as lámh a chéile i rith shaolré an phróisis Taighde agus Nuálaíochta lena chinntiú go dtagann próisis agus torthaí le luachanna, riachtanais agus ionchais shocharaíochta. Is éard a bhaineann le TNF ná an pobal a spreagadh tabhairt faoi T agus N le níos mó trédhearcachta agus teachta ar thorthaí eolaíochta a spreagadh, le comhionannas inscne agus eitice in T agus N agus oideachas eolaíochta a chur chun cinn. Is éard a bhaineann leis, go bunúsach, ná eolaíocht ar chaighdeán níos airde a chruthú a sholáthraíonn tairbhe níos mó don phobal. Cuireann MARIE TNF chun cinn i bpríomhearnálacha.

### Dul chun Cinn MARIE in 2021

Tá MARIE i gcéim 2, agus beidh sé ar siúl ó Eanáir 2020 go Nollaig 2021, inar chuir comhpháirtithe an fhoghlaime chomhroinnte go léir i bhfeidhm a spreag an obair laistiar de na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha. D'oibrigh an Tionól le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i rith chéim 1. Ó 2020 ar aghaidh, áireofar tuairisciú breise ar TNF ina nIonad Taighde agus ina gClár Spokes. Iarrfaidh siad go sonrach ar thairbhíthe tuairisciú a dhéanamh ar dhá phríomhghné de TNF: Rannpháirtíocht an Phobail agus Oideachas Eolaíochta. Cuirfidh an tuairisciú breise seo ar chumas an Tionóil measúnú a dhéanamh ar athruithe cainníochtúla a bhaineann le táscairí TNF. Tacaíonn an feabhsú beartais seo le cuspóir MARIE beartas poiblí réigiúnach a fheabhsú a thacaíonn le Taighde agus Nuálaíocht Fhreagrach a sholáthar i ndearadh, táirgeadh agus dáileadh nuálaíochta in Earnálacha Speisialtóireachta Cliste (S3). Trí thacú le tiomantas i leith freagrachta, cabhraíonn an tionscadal le réigiúin chliste, inbhuanaithe agus ionchuimsitheacha a chruthú.

Bhí an dara cuspóir ag MARIE chun tionchar a imirt ar an SRSE do Réigiún an Deiscirt. A bhuíochas le MARIE, tá san SRSE a foilsíodh tagairt shoiléir do thacú le TNF, a thacaíonn leis an teachtaireacht gur cheart go mbainfeadh nuálaíocht sochar intomhaiste amach don tsochaí. Tá an Tionól, mar chuid de chéim um chur i bhfeidhm an SRSE ag oibriú i gcomhar leis an dá Thionól Réigiúnach eile chun Monatóir Forbartha Réigiúnaí (MFR) a fhorbairt chun monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar dhul chun cinn. Déanfaidh an MFR réimse ábhartha táscairí socheacnamaíochta a chur le chéile agus a shamhlú chun cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht gach cinn de na trí réigiún i dtaobh na cuspóirí a dtugtar cuntas orthu ina SRSE faoi seach a bhaint amach.


Díreoidh an MFR ar réimse fairsing táscairí a rinne gach ceann de na trí Thionól Réigiúnacha a chomhaontú agus a fhorbairt agus bhí obair ar bun i rith 2021 ar conas tionchar a thomhas go héifeachtach trí phrionsabail TNF a chomhtháthú isteach sa mhonatóireacht agus sa chur i bhfeidhm a dhéantar ar an SRSE.

Ba é 2021 bliain dheireanach chomhpháirtíocht tionscadail cúig bliana MARIE. Caitheadh leis an mbliain seo mar dheis chun an méid a foghlaimíodh a chur i ngníomh agus a scaipeadh. Níor chuir srianta taistil stop le cruinnithe comhpháirtithe titim amach i rith 2021.

### Cruinniú Comhpháirtithe Feabhra 2021

Partners met to discuss ongoing project management. Chas comhpháirtithe chun plé a dhéanamh ar bhainistíocht leanúnach tionscadal sular lean siad ar aghaidh chun freastal ar sheisiún rannpháirtíochta ar mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar TNF. Spreag

an seisiún seo malartú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn monatóireacht agus conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar na córais a úsáidtear i réigiúin chomhpháirtithe MARIE le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar ár mbeartas réigiúin. Sholáthair an tOllamh Roger Strand sainchomhairle, agus thug an tIonad um Staidéar ar na hEolaíochtaí agus na Daonnachtaí, Ollscoil Bergen léargas ginearálta úrnua ar na dúshláin a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar.



**Lá 3** Todhchaí fhreagrach agus conas oibriú as lámh a chéile le haghaidh téarnaimh agus borrrha.

### Leanann MARIE léi!

Chruthaigh an phaindéim iarmhairtí as cuimse don tsláinte, an gilleagar agus do bheartas poiblí agus do chistiú, agus níl a mheasa atá na hiarmhairtí tugtha faoi deara go fóill againn. Is éard is soiléir ná leochaileacht chórais gheilleagraigh nach gcothaíonn forbairt inbhuanaithe agus ionchuimsitheach.

Caithfidh prionsabail na Nuálaíochta Freagraí glacadh le ról níos lárnai sa bealach a dhearaimid ár ngeilleagar agus an beartas poiblí a chothaíonn é. Ní foláir dúinn foghlaim ón ngéarchéim seo agus meicníochtaí níos láidre a chruthú do na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun gur féidir leo oibriú as lámh a chéile agus tabhairt faoi bhorradh geilleagraigh a bhaint, athrú aeráide a chomhrac agus caighdeán na beatha do shaoránaigh a chinntiú.

### Seachtain Seimineáir Ghréasáin MARIE

**MARIE Webinar Week**  
7 - 9 September, 2021

**Day 1 (7th Sept) 10.00 - 11.00 (CET)**  
Responsible and Sustainable Strategies

- Introduction and welcoming words
- Session moderated and introduced by Jessica Huntingford - Resolvo Srl, Tina Ramstedt-Sen - Region Council of Tampere and Giulia Bubbolini - CISE
- Moving towards S4+
- Elisabetta Marinelli, PwC, policy research interface
- Networking moment with all attendees
- Conclusion of Day 1 and introducing Day 2

Session followed by video drops on MARIE regions' achievements

**Day 2 (8th Sept) 10.00 - 11.00 (CET)**  
Responsibility in practice: Funding

- Session moderated and introduced by Jessica Huntingford Resolvo Srl and Giulia Bubbolini - CISE
- Good examples on how to change funding to support responsibility and sustainability
- Shadrach Misani - South African Agency for Science and Technology Advancement
- Donal Leisinger - WITF
- Conclusion of Day 2 and introducing Day 3

Session followed by video drops on MARIE regions' achievements

**Day 3 (9th Sept) 10.00 - 11.00 (CET)**  
Responsible future: together for recovery and responsible growth

- Session moderated and introduced by Jessica Huntingford Resolvo Srl and Giulia Bubbolini - CISE
- European level synergies
- Next Generation, RRF and the 2021-2027 programming period
- Ignacio Gonzalez Vazquez, Economic and Policy Analyst, European Commission Joint Research Centre
- Networking moment with all attendees
- Conclusions to the MARIE Webinar week
- Giulia Bubbolini - CISE

Session followed by video drop of interview with Antoine Duquenois, Interreg Europe Joint Secretariats and of MARIE regions' achievements

Rinne comhpháirtithe MARIE ceiliúradh ar dheireadh an tionscadail le 'Seachtain Seimineáir Ghréasáin MARIE', a cuireadh ar siúl i rith trí lá ón 7 go dtí an 9 Meán Fómhair. Thit sraith seisiún gearr agus líonrú amach agus scaoileadh físeáin chun foghlaim faoi Fhreagracht, Inbhuanaitheacht agus Comhoibriú Idir-Réigiúnach le haghaidh téarnaimh agus borrrha agus chun iad a roinnt.

**Lá 1** Straitéisí Freagracha agus Inbhuanaithe agus cuireadh deiseanna ar fáil don lucht freastail.

**Lá 2** Freagracht i gcleachtas, súil a chaitheamh ar conas a d'fhéadfadh scéimeanna cistithe nuálaíocht fhreagrach a spreagadh.

Úsáidfídh comhpháirtithe an bhliain bhreise seo leis an teachtaireacht a threisiú a chur MARIE chun cinn ón tús: **caithfidh an nuálaíocht a bheith freagrach**. Ní foláir dúinn a bheith in ann súil a bheith leis an tionchar agus freagairt d'athrú go héifeachtach. Cuirfidh MARIE, trína chomhpháirtithe, le téarnamh atá bunaithe ar rannpháirtíocht agus nuálaíochtaí a chomhchruthú a dhéanann an dúshlán a chomhrac go follasach atá romhainn inniu chun aistriú cóir a bhaint amach i dtreo forbairt inbhuanaithe do chách, agus cur i gcomhthráth le borradh geilleagraigh. Is é tionchar an focal is lárnai sa chás seo agus baineann rithábacht leis go sainmhínítear é go hoscailte agus go soiléir agus go ndéantar monatóireacht leanúnach air chun go mbainfeadh téarnamh éifeachtach amach. Bainfeadh seo amach tríd an méid seo a leanas:

- Sineirge agus comhtháthú idir straitéisí, ionstraimí agus scéimeanna cistithe áitiúla do théarnamh glas agus ionchuimsitheach ó COVID.
- Measúnacht tionchair ar bheartas poiblí do théarnamh freagrach, aistriú ó tháscairí geilleagraigha nó cainníochtúla agus borradh a chur faoin eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht fhreagrach i dtéarnamh ó COVID.

Is é an SRSE an chéad uair a chuaigh straitéis réigiúnach reachtúil in Éirinn i ngleic le cuspoirí spásúla agus geilleagraigha i dteannta a chéile agus déanann sé an saoránach a shuíomh sa cheartlár trí thacú le daoine agus áiteanna. Cruthaíonn seo a dhúshlán féin i dtaobh conas monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar an obair agus castacht bhreise ghéarchéim Covid-19 i gceist chomh

maith. Déanfaidh an Tionól anailís, trí ghníomhaíochtaí breise MARIE, ar conas is féidir leis an méid nua idir-réigiúnach a foghlaimíodh feachtas a mhúscailt agus eolas a chur ar fáil do riachtanais mhonatóireachta agus tuairiscithe an SRSE. Beartaítear an méid a foghlaimíodh ó MARIE a chuimsiú chun eolas a chur ar fáil do tháscairí cáilíochtúla a chuimsiú chun an measúnacht tionchair a thomhas laistigh de théarnamh freagrach.

Déanfaidh comhpháirtithe an méid a foghlaimíodh a mhalartú agus a chur i bhfeidhm trí imeachtaí idir-réigiúnacha malartaithe agus clinicií tiomnaithe. Cuireadh tús leis an malartú eolais i mí na Nollag 2021 nuair a rinne príomhshaineolaithe sa cheantar teagmháil le comhpháirtithe. Rinne Juliana Chaves Chaparro, eolaí comhshaoil agus sainchomhairleoir sinsearach san Earnáil Eolaíochtaí Sóisialta agus Daonnachtaí do UNESCO, teagmháil linn ar dtús. Labhair Juliana faoi shainordú UNESCO chun eolaíocht, beartas agus comhéadan na sochaí a fheabhsú, ar aon dul le Moladh UNESCO 2017 maidir le Taighdeoirí Eolaíochta agus Eolaíoch. Thug Juliana léargas ginearálta mionsonraithe ar Mholtaí UNESCO 2017 agus ar thionscnaimh éagsúla a bhaineann le TNF. Cumhdaítear i Moltaí UNESCO na colúin uile TNF ach tá glacadh níos mó iontu le cur chuige níos iomlánaíche. Chun dul i ngleic leis na dúshláin i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a imríonn a gcuid oibre, a bhraitheann ar shraith táscairí neamhthraidisiúnta, thug UNESCO sraith ceisteanna isteach le freagraí níos dioscúrsaí a spreagadh, seachas díreach spriocanna cainníochtúla do tháscairí. Cuireann Juliana samplaí ar fáil de na ceisteanna a chumhdaíonn na hábhair “Timpeallacht chumasaithe a chruthú don eolaíocht agus don taighde” agus “Freagracht, cosaintí agus réitigh eolaíoch.” Breithneoidh comhpháirtithe MARIE an cur chuige seo i gcomhthéacs a gcuid oibre féin.

Rinne Luc Hulsman, bainisteoir RIS3 leis an Ísiltír Thuaidh (NNL), teagmháil leis na comhpháirtithe maidir lena Monatóireacht ar Nuálaíocht Réigiúnach agus S4+. Déanann Luc maoirseacht ar chlár nua CFRE a dhearadh ina réigiún agus ar an straitéis speisialtóireachta cliste ghaolmhar. Thug Luc cuntas ar an RIS3 san Ísiltír Thuaidh don tréimhse 2021-2027, agus rinneadh limistéir thosaíochta a shainiú ag dúshláin shochoíochta nó “Aistrithe.” Tá an straitéis seo bunaithe ar conas deiseanna geilleagracha a bhaint ó dhúshláin shóisialta agus conas sineirgí idir breithnithe geilleagracha agus sóisialta a chinntiú. Dearadh monatóir gaoimhar NNL chun níos mó a fhoghlaim faoi iompar FBManna bunaithe ar shuirbhé

bliantúil a chuirtear i bhfeidhm i measc comhpháirtithe straitéiseacha. Tá earnáil ag an monatóir nuálaíochta seo anois atá dírithe ar chúrsaí sochoíochta, ceisteanna san áireamh ar nuálaíocht shóisialta, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus dúshláin shochoíochta. Baineann rithabhacht le piarfhoghlaim chun go gcuidíonn an obair seo le cuideachtaí a shainaithint atá ag plé lena mhacasamhail de shaincheisteanna agus riachtanais.

#### **Chun teacht ar eolas breise faoi MARIE:**

Karen Coughlan, Oifigeach Tionscadal:

[kcoughlan@southernassembly.ie](mailto:kcoughlan@southernassembly.ie)

Láithreán Gréasáin: [www.interregeurope.eu/marie/](http://www.interregeurope.eu/marie/)

Twitter: @marieinterreg

Facebook: @MARIEinterreg

**Tá MARIE páirtchistithe ag Interreg na hEorpa trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa**



## 9. LÍONRA OIFIGH THIONSCADAL CCE

Bunaíodh Líonra Eorpach um Chomhar Críochach (CCE) Réigiún an Deiscirt i mBealtaine 2019 mar fhreagairt do riachtanas a sainithníodh do thacaíocht chomhordaithe d'Oifigh Thionscadal Eorpacha a oibríonn ar fud an Réigiúin. Tá an Líonra CCE á chur chun cinn ag baill, agus is é an ról atá ag an Tionól na baill a éascú agus tacú leo. Cuireann an Líonra CCE fóram ar fáil inar féidir leis na baill go léir tairbhe a bhaint agus foghlaim óna chéile trína n-eispéiris a roinnt. Cuireann an líonra ardán luachmhar ar fáil chun caidreamh a líonrú agus a fhorbairt chun barr feabhais a chur ar inniúlachtaí comhaltaí sna Tionscadail Eorpacha a sholáthraíonn siad.

**Mar fhreagairt do riachtanais a sainithníodh sa suirbhé, chuir an líonra CCE na himeachtaí seo a leanas ar siúl in 2021.**

### Aibreán 2021 – Sraith Plé ar Líne

Tá súil leis, tar éis clárthréimhse 2021-2027 a sheoladh, go dtosófar glaonna cistithe go luath in 2022. Bunaithe ar aiseolas ó chomhaltaí, chuir an Líonra CCE plé ar líne ar siúl in Aibreán 2021 chun cabhrú le comhaltaí ullmhú do na glaonna seo a bheidh ag teacht aníos.

| ETC NETWORK ONLINE DISCUSSION SERIES                                                                                                                                                                                                  |                                                                                                                                                                                                                                              |                                                                                                                                                                                      |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Online Discussion I                                                                                                                                                                                                                   | Online Discussion II                                                                                                                                                                                                                         | Online Discussion III                                                                                                                                                                |
| 10.00 – 11.00 - Thursday 15 <sup>th</sup> April 2021 - I – European Project Consortium Building – Host Terence Connolly, Limerick City & County Council and Keynote Speaker – Jessica Huntingford, Head of European Projects, Resolve | 10.00-11.00 - Thursday 22 <sup>nd</sup> April 2021 – II – Creating Strong European Project Proposals – Host Breda O'Dwyer, Munster Technological University and Keynote Speaker – Ger Hanley – Founder Write Fund/ Research Manager AgRefine | 10.00-11.00 - Thursday 29 <sup>th</sup> April 2021 – III – Virtual Stakeholder & Public Engagement – Host Stephan Koch, UCC and Keynote Speaker – Kate Morris, Head of Campus Engage |

Chuir ár gcomhalta den Líonra CCE, Terence Connolly, Bainisteoir Clár AE le Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh, Forbairt Cuibhreannais Tionscadal Eorpach ar siúl. Le himeachtaí a oscailt, chuala na comhaltaí príomhóráid ó Jessica Huntingford, Ceann Tionscadal Eorpach do Resolve Srl atá bunaithe i bhFlórans, an Iodáil agus ar saineolaí i dtionscadail Eorpacha a dhearadh agus a bhainistiú í agus a bhfuil saineolas aici ar Chomhar Críochach Eorpach.

Chuir ár gcomhalta den Líonra CCE, an Dr Breda O'Dwyer, Léachtóir Sinsearach agus Ceann an Ionaid Forbartha Fiontraíochta agus Fiontair ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Tograí Láidre Tionscadal Eorpach a Chruthú ar siúl. Sholáthair Ger Hanley, bunaitheoir Chiste Write a fuair breis agus luach €20 milliún de thionscadail AE do FBManna ó 2019, an phríomhóráid ar fáil. Roinn Ger a taithí fhairsing ar an scríbhneoireacht, athbheithniú agus comhairliúchán ar larratais rathúla ar Chistiú AE.

Chuir ár gcomhalta den Líonra CCE, Stephan Koch, Bainisteoir Plean Commaitéireachta le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Cathaoirleach Fóram Soghluaisteachta Iompair Chorcaí, Rannpháirteachas Fíorúil agus Poiblí le Páirtithe Leasmhara ar siúl. Chuir Kate Morris, Ceann Campus Engage, cuid de Chumann Ollscoileanna Éireann, an phríomhóráid ar fáil. Tá taithí breis agus 15 bliana aici ar thaighde agus nuálaíocht le tionchar sochaíoch a imirt a leabú, a scálú agus a chur chun cinn.

Bhí an rath geal leis an tsraith seo de phlé ar líne agus d'fhreastail breis agus 150 comhalta an Líonra CCE ar na himeachtaí agus sholáthair siad an deis idirchaidreamh a dhéanamh leis na daoine a chuir an t-imeacht ar siúl agus le príomhchainteoirí agus le comhaltaí eile an Líonra CCE.

### Deireadh Fómhair 2021 – Comhdháil Bhliantúil

Ar an drochuair, mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID 19, cuireadh Comhdháil Bhliantúil 2021 an Líonra CCE ar bun ar líne le sábháilteacht ár gcomhaltaí go léir a chinntiú agus le cloí le treoirlínte sláinte poiblí. Bhí deiseanna ar fáil, áfach, ag comhaltaí an Líonra CCE chun líonrú a dhéanamh i roinnt seomraí ar leithligh faoi limistéir théamacha le plé a dhéanamh ar smaointe tionscadail don chéad chlárthréimhse eile.

Ag freagairt d'aiseolas ó chomhaltaí an Líonra CCE, tiomnaíodh lá 1 den chomhdháil do ghníomhaíochtaí Rialaithe Céadleibhéil, mínithe ar Ranníocaíochtaí Comhchineáil agus Rialacha Cáilitheachta agus cuireadh deireadh leis trí shonraí a sholáthar faoi chianthuairisciú faoi RCL agus dea-chleachtais nós imeachta iniúchta RCL.

| ETC Network Annual Conference 2021                                 |                                             |
|--------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------|
| 6 <sup>th</sup> - 7 <sup>th</sup> October 2021 – 10.00 – 12.00 GMT |                                             |
| AGENDA 6 <sup>th</sup> OCTOBER 2021                                | AGENDA 7 <sup>th</sup> OCTOBER 2021         |
| 10.00 WELCOME & OPENING                                            | 10.00 PROJECT IDEAS BREAKOUT ROOMS          |
| 10.15 UPDATE OF THE ETC NETWORK & FORMAT OF THE EVENT              | 10.15 ROOM 1 SME & SMART SPECIALISATION     |
| 10.30 FLC OVERVIEW, ROLE, DO'S & DON'TS                            | ROOM 2 ENERGY EFFICIENCY & RENEWABLE ENERGY |
| 10.55 IN-KIND CONTRIBUTIONS AND ELIGIBILITY RULES                  | ROOM 3 ENVIRONMENT & RESOURCE EFFICIENCY    |
| 11.30 REMOTE REPORTING/AUDITS, BEST PRACTICE, FUTURE FOR FLC & SLA | ROOM 4 SUSTAINABLE TRANSPORT                |
| 12.00 SUMMARY & CLOSING OF SESSION 1                               | 11.00 SUMMARY FROM BREAKOUT ROOMS           |
|                                                                    | 11.30 CLOSING OF SESSION 2                  |

Chruthaigh an Lónra CCE 4 sheomra ar leithligh líonraithe ar an dara lá faoi na Limistéir Théamacha seo a leanas:

1. Speisialtóireacht FBManna agus Chliste
2. Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite
3. Éifeachtacht Chomhshaoil agus Acmhainní
4. Iompar Inbhuanaithe

Chuir saineolaí téamach gach seomra ar leithligh ar siúl le rannpháirtithe a spreagadh plé a dhéanamh chun smaointe nua tionscadail a fhorbairt do chlárthréimhse 2021-2027.

### **An todhchaí don Lónra CCE**

Leanfaidh an Tionól ag tacú leis an Lónra CCE i Réigiún an Deiscirt agus é a éascú agus a fhorbairt chun deiseanna a sholáthar do chomhaltaí foghlaim, páirt ghníomhach a ghlacadh agus líonrú le comhaltaí eile. Cinntoidh seo go bhfeabhsófar an pháirt a ghlacann oifigigh thionscadal i dtionscadail AE agus táimid ag tnúth le himeachtaí eile a chur ar siúl, lena n-áireofar nuashonrú ar Chláir Interreg agus Clár Oibríochtúil Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir do chlárthréimhse 2021-2027 go luath in 2022. Leanfaidh an Tionól le haiseolas a lorg ó chomhaltaí an Lónra CCE lena chinntiú go gcuireann comhaltaí clár agus formáid imeachtaí an Lónra CCE chun cinn ar an mbealach is fearr chun freastal ar a riachtanais. Tá súil againn casadh lenár gcomhaltaí i bpearsan in 2022.

### **Chun teacht ar eolas breise faoin Lónra CCE nó chun ballraíocht den Lónra CCE a ghlacadh:**

Rose Power, Oifigeach Tionscadail AE:

[rpower@southernassembly.ie](mailto:rpower@southernassembly.ie)

Karen Coughlan, Oifigeach Tionscadail AE:

[kcoughlan@southernassembly.ie](mailto:kcoughlan@southernassembly.ie)

Láithreán gréasáin:

[www.southernassembly.ie/etc-network](http://www.southernassembly.ie/etc-network)

# 10. OIFIG RÉIGIÚN NA hÉIREANN SAN EORAIP AGUS COISTE NA RÉIGIÚN

## Oifig Réigiún na hÉireann san Eoraip

Is seirbhís chomhroinnte í Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann (OERÉ) a sholáthraíonn seirbhís chomhroinnte do na trí Thionól Réigiúnacha agus do 31 údarás áitiúil na hÉireann.

Go hoibríochtúil tá OERÉ mar chuid de Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre agus tugann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tacaíocht dó. Dírionn an Oifig ar an AE a thabhairt níos gaire don earnáil rialtais áitiúil níos leithne agus a mhalairt. Tá ról ríthábhachtach ag na trí Thionól Réigiúnacha uile i mbainistíocht agus i soláthar cláir CFRE agus CCE in Éirinn agus i bpáirt a ghlacadh i gcoistí monatóireachta clár.



In 2020, d'fhorbair OERÉ straitéis nua chun a chinntiú go seachadtar comhairle agus faisnéis thráthúil, straitéiseach ar fhorbairtí beartais an AE chuig na Tionóil Réigiúnacha agus údarais áitiúla in Éirinn agus chun Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún (CnR) a chomhordú agus tacú léi. I measc na bpríomhphointí tá:

- Feasacht a mhúscailt agus na deiseanna rannpháirtíochta i gcláir mhaoinithe AE a chur in iúl,
- Deiseanna a lorg chun tionchar a imirt ar fhorbairtí beartais an AE,
- Acmhainn, líonraí agus comhpháirtíochtaí a thógáil le réigiúin eile san AE,
- Treorú chuig na Pointí Teagmhála Náisiúnta atá lonnaithe i dTionóil Réigiúnacha, ag cur béime ar a ról i dtacaíocht forbartha réamhthionscadail agus iarthionscadal a sholáthar,
- Próifíl láidreachtaí an Rialtais áitiúil agus réigiúnaigh in Éirinn a ardú do chomhpháirtithe Eorpacha agus d'institiúidí an AE.

### Feasacht agus Cumarsáid a Mhúscailt

D'éirigh le ORÉE cistiú a fháil go luath in 2021 ó thionscnamh 'Communicating Europe' na Roinne Gnóthaí Eachtracha chun sraith seimineár ar líne a



eagrú leis na húdarais Réigiúnacha i nDeireadh Fómhair agus i Samhain 2021 ar ar tugadh 'Délóg don Láidreacht agus don Teacht Aniar - pobail áitiúla a thabhairt go dtí an AE agus an AE a thabhairt go pobail áitiúla'. Tháinig ábhair an imeachta le tosaíochtaí Bheartas Comhtháthaithe 2021-27 agus tugadh chun solais sa tsraith imeachtaí conas is féidir le cistiú Beartas Comhtháthaithe an AE (cláir CCE) dul chun sochair pobal áitiúil, agus conas is féidir le pobail áitiúla páirt a ghlacadh i ndélóg leis an AE.

Bhí painéal cainteoirí, ina raibh FPEanna, baill ó Thoscaireacht CnR na hÉireann, ionadaithe údarais áitiúil, European Movement Ireland, agus The Wheel, ag gach imeacht réigiúnach. Rinne an painéal cuir i láthair agus plé bríomhar ar théamaí an imeachta – conas a dhéanann an AE soláthar do phobail áitiúla, conas is féidir le pobail áitiúla idirchaidreamh a dhéanamh leis an AE, agus conas a chuireann rannpháirtíocht saoránach eolas ar fáil do agus conas a imríonn sé tionchar ar cheapadh beartais AE – agus cuireadh samplaí ar fáil de conas a bhain pobail fud fad na tíre tairbhe cheana féin as beartais agus cláir AE. Bhí saineolaithe maidir le rannpháirtíocht saoránach ó áiteanna ar fud na hEorpa páirteach san imeachtaí freisin chun plé a dhéanamh ar bhealaí is fearr a chinntítear gur féidir le pobail áitiúla páirt a ghlacadh i bpróiseas an AE.

D'fhoilsigh ORÉE ceithre nuachtlitir dhémhíosúla in 2021 le húdarais áitiúla agus tionóil réigiúnacha Éireannacha a choimeád ar an eolas ar obair ORÉE, limistéar beartas an AE agus tírdhreach cistithe an AE. Tugann sé obair Thoscaireacht CnR na hÉireann chun solais agus léiríonn sé tionscadail agus tionscnaimh AE ina bhfuil baint ag údarais áitiúla na hÉireann freisin.

### Tionchar a imirt ar Bheartas Eorpach

Le linn 2021, lean ORÉE de mhonatóireacht dhlúth agus de thuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí tábhachtacha beartais AE. Nuair a chuirtear an phaindéim leanúnach san áireamh, lean forbairtí beartais AE ag díriú ar théarnamh agus ar athléimneacht. Chuir ORÉE, leis na trí Thionól Réigiúnacha, freagairt don chomhairliúchán poiblí ar fáil, a sheol Rialtas na hÉireann i bhFeabhra 2021, ar an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Teacht Aniar d'Éirinn. Cuirfear luach €853 milliún de dheontais ar fáil d'Éirinn don bhliain 2021-22 agus d'fhéadfadh go soláthrófaí níos mó cistiú in 2023, ag brath ar an gcás geilleagrach.



Lean an AE ag déileáil le fágáil an RA ón AE agus bhí baint lárnach ag an gcaidreamh amach anseo tríd an gComhaontú Trádála agus Comhair. D'oibrigh ORÉE go dlúth le Comhaltaí Éireannach CnR lena chinntiú gur tugadh na saincheistanna d'Éirinn maidir leis an gcaidreamh amach anseo, trádáil, síocháin agus cobhsaíocht, anuas ar ról údarás áitiúil agus réigiúnach, chun solais ar fud institiúidí an AE agus Ballstáit eile.

Rinne ORÉE monatóireacht freisin ar fhorbairt beartais AE maidir le réimse fairsing limistéir bheartais, gníomhú ar son na haeraide, inbhuanaitheacht, aistriú cóir, soghluaisteacht chliste, comhionannas agus an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa san áireamh. Déanann ORÉE cumarsáid rialta le leasanna Éireannacha, na FPEanna Éireannacha, oifigigh an Choimisiúin Eorpaigh agus oifigigh Rialtas na hÉireann i mBuanionadaíocht na hÉireann leis an AE ina measc.

### Acmhainn, líonraí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt

Chuir ORÉE nuashonrú ar a obair agus a fhorbairtí beartais AE i láthair ag cruinniú TRD an 9 Aibreán 2021 agus sholáthair sé cruinnithe faisnéise rialta ar obair CnR na hÉireann do Réigiún an Deiscirt. Anuas air sin, chas ORÉE le Comhlachas Réigiúin Teorann na hEorpa (CRTE), Comhlachas na Réigiún Eorpach (CRE), Oifig Rialtas na Breataine Bige, an Cumann Rialtais Áitiúil (an RA) agus Oifig Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann chun plé a dhéanamh ar an gcaidreamh leanúnach agus ar dheiseanna le haghaidh comhoibriú. Tá na saghsanna agus na foirmeacha líonraí á gcur in iúl ag ORÉE d'údarais áitiúla ar bhonn rialta ar féidir leo cabhrú le beartas agus clár chistithe AE a thuiscint, anuas ar chabhrú le comhpháirtíochtaí a fhorbairt.

### Próifil láidreachtaí an Rialtais áitiúil agus réigiúnaigh in Éirinn a ardú

Buaicphointe in 2021 a bhí i bpáirt a ghlacadh in imeachtaí ar líne maidir do Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha i nDeireadh Fómhair. Arís, mar gheall ar an bpaindéim, b'imeacht fíorúil é seo. Ghlac comhaltaí de Thoscaireacht na hÉireann, an Comh. Kieran McCarthy san áireamh, páirt i réimse imeachtaí i rith na seachtaine seo ar ábhair cosúil le cathracha digiteacha, rannpháirtíocht saoránach agus an t-aistriú glas.

**Chun teacht ar eolas breise: [www.ireo.ie](http://www.ireo.ie)**

## Coiste na Réigiún

### Tionól ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha é Coiste na Réigiún (CnR).



**European Committee of the Regions**

Tá 350 ball sa Choiste ó gach cearn de Bhallstáit an AE, iad uile tofa go daonlathach agus/nó tá sainordú polaitiúil acu ina dtír dhúchais. Is é ról CnR forbairt reachtaíocht an AE agus beartas

an AE sa todhchaí a threorú trí ionchur na bpobal sin a dhéanann an ionadaíocht is dlúithe do phobail, agus díriú ar na réimsí beartais agus na tograí AE sin a théann i bhfeidhm go mór ar réigiúin agus ar chathracha.

Cuireann CnR a thuairimí i láthair go príomha trí thuairimí nó rúin i scríbhinn, a forbraíodh i gceann de shé choimisiún théamacha a chuimsíonn na réimsí beartais seo a leanas:

- Saoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha (CIVEX),
- Beartas Comhtháthaithe Críche agus Buiséad an AE (COTER),
- Beartas Geilleagrach (ECON),
- Comhshaol, Athrú Aeráide agus Fuinneamh (ENVE),
- Acmhainní Nádurtha (NAT),
- Beartas Sóisialta, Oideachas, Fostaíocht, Taighde agus Cultúr (SEDEC).

De ghnáth tagann gach Coimisiún le chéile cúig huairé i rith na bliana chun na tuairimí a ullmhú lena nglacadh ag na seisiúin iomlánacha. Freastalaíonn Coimisinéirí, Airí Uachtaránachta, agus FPEanna go rialta ar chruinnithe CnR agus bíonn malartú leanúnach ann idir na hinstiúidí ar shaincheistanna beartais. Is é ORÉE rúnaíocht thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún agus comhordaíonn sé obair chomhaltaí na toscaireachta náisiúnta chuig Coiste na Réigiún.

### Toscaireacht na hÉireann 2020 - Ionadaithe Réigiún an Deiscirt

Ceapadh na hionadaithe ainmnithe go foirmiúil go luath in 2020 ar feadh téarma 5 bliana.

|                           |                                                                      |
|---------------------------|----------------------------------------------------------------------|
| An Comh. Michael Murphy   | Comhairle Contae Thiobraid Árann (Comhalta CER)                      |
| An Comh. Deirdre Forde    | Comhairle Cathrach Chorcaí (Comhalta CER)                            |
| An Comh. Kieran McCarthy  | Comhairle Cathrach Chorcaí (Comhalta CER)                            |
| An Comh. Gillian Coughlan | Comhairle Contae Chorcaí (Comhalta CER Malartach)                    |
| An Comh. Conor McGuinness | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (Comhalta CER Malartach) |
| An Comh. Dan Boyle        | Comhairle Cathrach Chorcaí (Comhalta CER Malartach)                  |

## Oibreacha Reachtaíochta

Lean comhaltaí Éireannacha de thuairimí a chur i láthair i rith 2021 – i mBealtaine: Rinne an Comh. Gillian Coughlan (Comhairle Contae Chorcaí) tuairim a chur i láthair faoin bPlean Gníomhaíochta Oideachais Dhigitigh 2021-27, agus ceapadh an Comh. Michael Murphy (Comhairle Contae Thiobraid Árann) ina rapóirtéir maidir le tuairim faoi Chaidreamh idir an AE agus an RA ar leibhéal fonáisiúnta agus tionchar críche aistarraingt an RA ón AE a réiteach, agus ceapadh an Comh. Kieran McCarthy (Comhairle Cathrach Chorcaí) ina rapóirtéir maidir le tuairim faoin Bauhaus Eorpach Nua.

Lean an Toscaireacht ag gníomhú mar phríomhnasc idir an Coiste agus ionadaithe Éireannacha, agus casadh le FPEanna Éireannacha agus le hionadaithe Choimisiún na hÉireann le riachtanais rialtas áitiúil na hÉireann ar ardán an AE a chur in iúl. Lean an Toscaireacht, le cuidiú ó ORÉE, le breathnú ar na sainchomhaid go léir agus rinne sí idirghabháil, trí leasuithe chomh maith le hidirghabháil coimisiúin agus iomlánach.

## An príomhphlé agus na príomhthuairimí a cuireadh in iúl agus ar glacadh leo in 2021

Thit seisiún iomlánach amach i ngeall ar an bpaindéim leanúnach ar líne nó i bhformáid hibrideach i rith 2021 agus dhírigh obair CnR ar thionchar na paindéime – ar údarais réigiúnacha agus áitiúla, an tionchar ar chórais sláinte ar fud na hEorpa agus ar théarnamh agus athléimneacht. Ábhar mór in 2021 a bhí sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus ról údarás áitiúil agus réigiúnach i dtaobh idirchaidreamh le saoránaigh a chur chun cinn i dtodhchaí na hEorpa. Áiríodh leis na díospóireachtaí is tábhachtaí a cuireadh ar bun i rith na bliana:

- Bealtaine: Aontas an Chomhionannais – díospóireacht leis an gCoimisinéir Helena Dalli,
- Iúil: Díospóireacht ar Luachanna na hEorpa a chur chun cinn tríd an gCultúr agus an Oideachas le Margaritis Schinas, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um ár Modh Maireachtála Eorpach a Chur chun Cinn,
- Iúil: Díospóireacht ar Phlean Gníomhaíochta Daonlathais na hEorpa le Věra Jourová, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um Luachanna agus Trédhearcacht,
- Nollaig: Díospóireacht ar Dhaonlathas na hEorpa a Neartú i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Buaicphointe mór i rith na bliana do CnR a bhí sa láithreach ar líne ag cruinniú iomlánach mhí na Nollag le hUachtarán na Fraince, Emmanuel Macron, a phléigh

luachanna Eorpacha agus athnuachan an daonlathais. Ghlac an Comh. Kieran McCarthy páirt sa díospóireacht seo thar ceann ghrúpa polaitíochta na Comhghuaillíochta Eorpaí. Glacann comhaltaí Thoscaireacht na hÉireann le Coiste na Réigiún páirt in go leor grúpaí oibre CnR Grúpa Teagmhála an AE-an RA, Grúpa Idir-Réigiúin an Bhreathmeachta agus an t-ardán Leathanbhanda.

**Chun teacht ar eolas breise: <https://cor.europa.eu/en>**

# 11. RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL 2021

Clár Comhardaithe comhdhlúite don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021.

|                                                               | 2020<br>€        | 2021<br>€        |
|---------------------------------------------------------------|------------------|------------------|
| <b>Ioncam</b>                                                 |                  |                  |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil                               | 1,553,551        | 1,649,245        |
| Deontas na Scéime Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha       | 0                | 6,000            |
| Cláir Aisíocaíochta Taistil an AE                             | 0                | 0                |
| Cláir Aisíocaíochta Tuarastail an AE                          | 320,002          | 205,608          |
| Cláir Ghinearálta Aisíocaíochta an AE                         | 17,884           | 46,506           |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe                | 0                | 4,448            |
| Aisíocaíocht Cúnaimh Theicniúil                               | 383,351          | 231,792          |
| Scéim Deontais na Lárionad Ainmnithe Uir-beach                | 1,343,593        | 2,405,299        |
| Táillí Rialaithe Céadleibhéil (RCL)                           | 89,870           | 108,623          |
| Díbhinn (CPÉ)                                                 | 7,183            |                  |
| Ilghnéitheach                                                 | 4                | 5,477            |
| Aistriú Idirchuideachta                                       | 11,597           |                  |
| <b>Iomlán</b>                                                 | <b>3,727,035</b> | <b>4,662,998</b> |
| <b>Caiteachas</b>                                             |                  |                  |
| Costais Phárolla                                              | 1,603,274        | 1,439,897        |
| Asbhaint a bhaineann le Pinsean                               | 53,340           | 49,392           |
| Scéim Aoisliúntais SAP                                        | 15,496           | 10,806           |
| Taisteal agus Cothabháil – Foireann                           | 3,018            | 32,724           |
| Liúntas Bliantúil Comhaltaí                                   | 73,727           | 68,677           |
| CFS Comhaltaí / Taisteal Eile                                 | 1,523            | 1,833            |
| Oiliúint Comhaltaí / Liúntas Comhdhála                        | 1,080            | 0                |
| Táillí Comhdhála                                              | 90               | 0                |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige                              | 10,026           | 34,870           |
| Deisiúcháin, Cothabháil agus Costais Oifige                   | 1,409            | 19,21            |
| Conarthaí Bliantúla                                           | 67,446           | 77,466           |
| Costais Fuinnimh                                              | 4,740            | 13,877           |
| Postas agus Guthán                                            | 18,065           | 14,292           |
| Rátaí agus Táillí Uisce                                       | 7,944            | 2,648            |
| Árachas                                                       | 2,034            | 13,833           |
| Tuarascáil Bhliantúil                                         | 6,380            | 5,435            |
| Táillí Sainchomhairleoireachta/Gairmiúla                      | 52,066           | 79,838           |
| Teicneolaíocht agus Cumarsáid                                 | 32,774           | 44,067           |
| Ranníocaíochtaí/Táillí/Tobhaigh (an GBRÁ agus Iniúchóireacht) | 9,551            | 10,976           |
| Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine                          | 3,898            | 1,027            |
| SRSE Pleanála Réigiúnaí                                       | 37,748           | 128,680          |
| Scéim Deontais na Tairsí – Íocaíochtaí Tionscadail            | 1,343,593        | 2,405,299        |
| Muirear Dímheasa                                              | 3,573            | 1,477            |
| Táillí Baine                                                  | 15,112           | 5,049            |
| Ilghnéitheach                                                 | 3,385            | 4,686            |
| Aistriú Idirchuntais                                          | 8,326            | 0                |
| <b>Costais Iomlána</b>                                        | <b>3,379,620</b> | <b>4,466,060</b> |
| <b>Barrachas Ioncaim os cionn Caiteachais</b>                 | <b>347,416</b>   | <b>196,937</b>   |



## Clár Comhardaithe an 31 Noll 2021

|                                        | 2020<br>€        | 2021<br>€        |
|----------------------------------------|------------------|------------------|
| <b>Sócmhainní Seasta</b>               | 1,004,797        | 998,312          |
| <b>Sócmhainní Reatha</b>               |                  |                  |
| Airgead sa Bhanc                       | 2,234,645        | 2,109,559        |
| Féichiúnaithe                          | 710,261          | 728,809          |
| Réamhíocaíochtaí                       | 0                | 11,503           |
|                                        | <b>2,944,906</b> | <b>2,849,870</b> |
| <b>Dliteanais Reatha</b>               |                  |                  |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe          | 89,918           | 323,534          |
| Cárta Creidmheasa                      | 148              | 173              |
|                                        | <b>90,066</b>    | <b>323,707</b>   |
| <b>Glansócmhainní Reatha</b>           | <b>2,854,840</b> | <b>2,526,163</b> |
| <b>Glansócmhainní</b>                  | <b>3,859,637</b> | <b>3,524,474</b> |
| <b><i>Maoinithe ag</i></b>             |                  |                  |
| Iarmhéid ag tús na bliana              | 3,524,474        | 3,327,537        |
| Gluaiseacht Idir-Roinne ar Chúlchistí  | -12,253          | 0                |
| Barrachas Ioncaim os cionn Caiteachais | 347,416          | 196,937          |
|                                        | <b>3,859,637</b> | <b>3,524,474</b> |

# AGUISÍNÍ

## 1. Gluais Téarmaí

|       |                                                          |
|-------|----------------------------------------------------------|
| PFCC  | Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae                 |
| RFC   | Rialachán na bhForálacha Coiteanna                       |
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht,   |
| RCPA  | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe           |
| CETFT | An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe       |
| CEMI  | An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh                     |
| TROLT | Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre               |
| CFRE  | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa                   |
| CSE   | Ciste Sóisialta na hEorpa                                |
| CSIE  | Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa        |
| CCE   | Comhar Críochach Eorpach                                 |
| RCL   | Rialú Céadleibhéil                                       |
| ORÉE  | Oifig Réigiún na hÉireann san Eoraip                     |
| PCÁ   | Plean Ceantair Áitiúil                                   |
| PÁEP  | An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail               |
| PFN   | An Plean Forbartha Náisiúnta                             |
| CNMI  | An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta |
| CPN   | An Creat Pleanála Náisiúnta                              |
| TRTI  | Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair          |
| ORP   | Oifig an Rialálaí Pleanála                               |
| CBR   | Cuspóir Pleanála Réigiúnaí                               |
| SRSE  | An Straitéis Spásúlachta agus Gheilleagrach Réigiúnach   |

## 2. Buíochas d'Íomhánna

|                                           |                                     |                                          |
|-------------------------------------------|-------------------------------------|------------------------------------------|
| Leo Murphy Photography                    | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | ECHOES.eu                                |
| John Power Photography                    | MATCH-UP.eu                         | CHERISH.eu                               |
| Joe Evans                                 | BRAINWAVES.eu                       | Acclimatize.eu                           |
| Gregg Allen                               | BUCANIER.eu                         | BlueFish.eu                              |
| Niall Ó Brolcháin                         | CALIN.eu                            | CCAT.eu                                  |
| localenterprise.ie                        | CATALYST.eu                         | ECOSTRUCTURE.eu                          |
| Comhairle Contae Chorcaí                  | Dwr Uisce.eu                        | STREAM.eu                                |
| Comhairle Cathrach Chorcaí                | SELKIE.eu                           | Celtic Routes.eu                         |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | piSCES.eu                           | LIVE.eu                                  |
| Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh   | CHERISH.eu                          | Ports, Past and Present.eu               |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh          | Interreg ITE: GenComm               | INFRASTRUKTUR & UMWELT<br>www.pexels.com |

### 3. Rialachas an Tionóil

#### Struchtúr na mBall

Feidhmíonn an Tionól trína 33 Ball i ndáil le maoirsiú a dhéanamh ar chláir agus ar thionscadail mhaoinithe an AE agus ar an bhFeidhm Pleanála Réigiúnach, ag obair i gcomhpháirtíocht le baill an Tionóil.



#### Struchtúr na mBall

Oibríonn foireann an Tionóil thar dhá rannán, Pleanáil Réigiúnach, Airgeadas agus Acmhainní Daonna, agus Cláir AE & Gnóthaí Corparáideacha. .

